

Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Tuarascáil Chríochnaitheach

Clár na n-ábhar

<i>Réamhrá</i>	5
<i>Comhthéacs</i>	7
<i>Struchtúr chóras pátrúnachta na bunscolaíochta</i>	7
<i>Seomraí ranga ag athrú</i>	8
<i>Ró-ualach curaclaim</i>	9
<i>Curaclam nua na bunscoile</i>	10
<i>Tacú le rannpháirtíocht</i>	11
<i>Cur chuige an chomhairliúcháin</i>	14
<i>Cur chuige modheolaíoch</i>	14
<i>Ceistneoirí ar líne</i>	14
<i>Aighneachtaí i scríbhinn</i>	15
<i>Cruinnithe le grúpaí leasmhara</i>	15
<i>Cás-staidéir scoile</i>	16
<i>Pléghrúpaí le múinteoirí agus le tuismitheoirí</i>	18
<i>Rannpháirtíocht i gcomhdhálacha</i>	19
<i>Anailís agus cur i láthair sonraí</i>	20
<i>Téamaí an chomhairliúcháin</i>	22
<i>Ró-ualach curaclaim agus srianta ama</i>	23
<i>Éiteas scoile</i>	24
<i>An dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann d'éiteas na scoile</i>	25
<i>An dúshlán a d'fhéadfadh éiteas na scoile a thabhairt</i>	27
<i>Scileanna agus meonta</i>	30
<i>Ailíniú le curaclam na bunscoile</i>	34
<i>Cleachtais uilechuimsitheacha i scoileanna</i>	37

<i>Ról an mhúinteora</i>	41
<i>Aois-oiriúnacht ORC agus Eitice</i>	43
<i>An chuma a bheadh ar an bhfoghlaim: dearcadh leanaí</i>	44
<i>Treoracha um ORC agus Eitic</i>	48
<i>Struchtúrtha, comhleanúnach agus incriminteach</i>	48
<i>Turgnamach agus ar bhonn fiosraithe</i>	49
<i>Scileanna agus meonta a fhorbairt</i>	50
<i>Ról an mhúinteora</i>	51
<i>Sofhreagrach agus comhoiriúnach</i>	52
<i>Ailínithe le forbairtí sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht</i>	54
<i>Focal scoir</i>	57
<i>Aguisín A: Ceistneoir do mhúinteoirí agus d'oideoirí tríú leibhéal</i>	62
<i>Aguisín B: Ceistneoir do mhúinteoirí agus do chaomhnóirí</i>	69
<i>Aguisín C: Ceistneoir do bhaill an phobail i gcoitinne</i>	72
<i>Aguisín D: Bileog aiseolais ó leanaí</i>	75
<i>Aguisín E: Aighneachtaí i scríbhinn</i>	76
<i>Aguisín F: Príomhtheachtaireachtaí ón taighde cúlra is bonn leis na moltaí</i>	90
<i>Encountering Children in a Curriculum for Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics: An Educational and Child's Rights Perspective.</i>	90
<i>Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais: Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic sa Bhunscolaíocht</i>	92
<i>Forléargas ar an ábhar i gcláir na bpatrún a bhaineann le hOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic</i>	94
<i>Aguisín G: Spléachadh ar thorthaí na gceistneoirí ar líne: Darmody agus Smyth (2016)</i>	97
<i>Aidhmeanna an churaclaim</i>	97
<i>Snáitheanna an churaclaim</i>	99

<i>Scileanna agus meonta</i>	100
<i>Modheolaíochtaí agus straitéisí</i>	101
<i>Deiseanna agus dúshláin</i>	102
<i>Tátail</i>	102
<i>Aguisín H: Spléachadh ar na torthaí ó na scoileanna cás-staidéir</i>	104
<i>Aguisín I: Spléachadh ar na torthaí ó na pléghrúpaí</i>	113

Réamhrá

Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, ar cuireadh tús leis an 3 Samhain 2015 agus a lean ar aghaidh go dtí an 31 Márta 2016. Leag an Páipéar Comhairliúcháin, a bhí bunaithe ar thrí staidéar cúlra (CNCM, 2015a; 2015b; Grayson et al, 2014), réasúnaíocht, fíis, aidhmeanna agus gnéithe beartaithe an churaclaim amach. Úsáideadh an páipéar mar bhunús leis an rannpháirtíocht i rith phróiseas an chomhairliúcháin, lenar spreagadh rannpháirtithe, trí úsáid a bhaint as formáidí difriúla comhairliúcháin, freagairt do na moltaí a cuireadh i láthair.

Ba iad aidhmeanna an phróisis chomhairliúcháin na nithe seo a leanas a shonrú:

- deiseanna agus buntáiste a mheastar a bheith ag gabháil leis na moltaí do leanaí bunscolaíochta na hÉireann
- dúshlán a mheastar a bheidh ag gabháil le forbairt na moltaí
- na cineálacha foghlama a tharlaíonn i scoileanna faoi láthair a bhféadfadh curaclam ORC agus Eitice tacú leo.

Chuaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM nó NCCA as Béarla) i gcomhairle le raon leathan lucht leasa i rith an phróisis chomhairliúcháin. Orthusan ar díriodh orthu bhí múinteoirí, scoileanna, tuismitheoirí, leanaí, comhpháirtithe oideachas, pátrúin, líonraí scoile CNCM, grúpaí abhcóideachta leanaí agus baill an phobail. Dhírigh an próiseas comhairliúcháin ar mhais chriticiúil freagraí a thiomsú, ach ag an am céanna, rud ba thábhachtaí fós, cinntíodh go mbeadh a oiread rannpháirtíochta agus ab fhéidir ann sna moltaí a cuireadh i láthair sa cháipéisíocht tacaíochta. Chuir an cur chuige sin am, spás agus eolas ar fáil chun freagraí eolasacha agus tomhaiste a fháil ar mholtaí an chomhairliúcháin.

D'fhonn a chinntiú go mbeadh an comhairliúchán chomh leathan agus ab fhéidir, tugadh faoin bpróiseas agus úsáid á baint as roinnt formáidí difriúla, cuir i gcás ceistneoirí ar líne, aighneachtaí i scríbhinn, pléghrúpaí, cás-staidéir scoile agus cruinnithe le comhpháirtithe oideachais agus le na scoileanna Reachtáladh comhdháil, i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál dar teideal *Inter-belief Dialogue in Contemporary Ireland*, agus ba dheis é sin aird a tharraingt ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Leagtar an tuarascáil seo amach de réir na míreanna seo a leanas:

- Comhthéacs
- Tacú le rannpháirtíocht
- Cur chuige an chomhairliúcháin
- Téamaí an chomhairliúcháin
- Treoracha um ORC agus Eitic
- Focal scoir.

Cuireann an tuarascáil i láthair na céimeanna a glacadh sa chomhairliúchán. Leagtar amach na príomhtheachtaireachtaí a tháinig chun cinn sna formáidí agus baintear leas as taighde cuí a rinne an CNCM¹ d'fhonn tacú le forbairt an churaclaim. Ar deireadh thiar thall, cuireann an tuarascáil i láthair na himpleachtaí a bhainfeadh le curaclam ORC agus Eitice a thabhairt isteach agus ansin tugtar cuntas ar na treoracha a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán a leagann amach conair d'fhorbairt an churaclaim.

¹ Tá cuid den taighde sin le fáil ar agus áirítear ar www.ncca.ie/primary agus áirítear air:

Darmody, M., agus Smyth, E. (2016). *Teachers', parents' and the general public's views and expectations of the proposed primary school curriculum in Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics*. Baile Átha Cliath: ESRI.

Grayson, H., O'Donnell, S. agus Sargent, C. (2014a). *Key findings summary: Education about religions and beliefs and ethics in primary education*. Slough: Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais.

Grayson, H., O'Donnell, S. agus Sargent, C. (2014b). *Curriculum structures and stages in primary education: Audit of policy across jurisdictions*. Slough: Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais.

McCoy, S., Smyth, E., Banks, J. (2010). *Learning in Focus. The Primary Classroom: Insights from the Growing Up in Ireland Study*. Baile Átha Cliath: CNCM.

CNCM. (2015a). *An Overview of Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics Content in Patrons' Programmes*. Baile Átha Cliath: CNCM.

CNCM. (2015b). *Encountering Children in a Curriculum for Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics - A Review: An Educational and Child's Rights Perspective*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Smyth, E. (2015). *Learning in Focus. Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the Growing Up in Ireland Study*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Comhthéacs

Tá sé tábhachtach an comhthéacs inar tharla comhairliúchán ar na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic a mheas agus anailís á déanamh ar thorthaí an phróisis seo.

Struchtúr chóras pátrúnachta na bunscolaíochta

As 3,124 bunscoil phríomhshrutha² in Éirinn, tá 96% díobh faoi phátrúnacht eagraíochtaí sainchreidmheacha. Le blianta beaga anuas, agus pobal níos éagsúla ag teacht chun cinn, tá díospóireacht nach beag á déanamh ar an bpátrúnacht scoile in Éirinn idir phlé poiblí agus ar leibhéal beartais. Mhol *an Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile: Report of the Forum's Advisory Group* (Coolahan et al., 2012) go bhféadfaí féachaint do líon áirithe scoileanna sainchreidmheacha a dhídhílsiú, rud a bheadh ag teacht le mianta tuismitheoirí, chun rogha níos mó ar chur ar fáil san oideachas. Ó foilsíodh an Tuarascáil in 2012, dhídhílsigh aon scoil déag, ar céatadán an-bheag é sin den líon iomlán a sonraíodh. Maidir le curaclam ORC agus Eitice a fhorbairt, tá nithe íogaire nár mhór a chur san áireamh sa bhreis ar an ngnáthdhíospóireacht a dhéantar i dtaobh athrú curaclaim in Éirinn de bharr chomhdhéanamh uathúil earnáil na bunscolaíochta in Éirinn, mar aon le díospóireachtaí reatha i dtaobh pátrúnachta scoile.

Cé go bhféadfaí caitheamh leis an díospóireacht faoi phátrúnacht scoile mar rud ar leithligh ó fhorbairt curaclaim um ORC agus Eitic, bíonn tionchar nach beag ag úinéireacht agus bainistiú scoileanna ar an gcaoi a múineann múinteoirí curaclam na bunscoile agus ar eispéireas na leanaí. Is léir an méid sin san Acht Oideachais (1998), Alt 30(2)(b), a luann, agus curaclam á shainordú do scoileanna, nár mhór don Aire féachaint do spiorad saineúil na scoile. De bhun na forála sin, i measc forálacha eile san Acht, tá sé de cheart ag scoileanna agus ag pátrúin gnéithe de churaclam na bunscoile a mhúineadh de réir éiteas a scoile féin. Maidir le bunscoileanna sainchreidmheacha tugann cearta an phátrúin faoin Acht (1998) cead do scoil an curaclam a mhúineadh ó dhearcadh creidimh an phátrúin de: ba léir an méid sin go háirithe maidir le múineadh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) laistigh de churaclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (SPHE)


²Tá teacht ar shonraí a fuarthas ó staidreamh na Roinne Oideachais agus Scileanna do 2015/2016 anseo: <http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Data-on-Individual-Schools/Data-on-Individual-Schools.html>

Luaitear i gcuraclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (SPHE)³ Dá bhrí sin, téann pátrúnacht agus úinéireacht scoileanna i bhfeidhm go díreach ar an gcaoi a gcuirtear gnéithe áirithe de churaclam na bunscoile i láthair leanaí.

Seomraí ranga ag athrú

Tháinig athrú nach beag ar sheomraí ranga bunscoileanna ar leibhéal dhifriúla le scór bliain anuas. Gné amháin de sin is ea éagsúlacht níos mó reiligiúin sa tsochaí. Tá Éire athraithe ó dhaonra a bhí Críostaí den chuid is mó go daonra a ghlacann le raon dearchtaí reiligiúnacha agus tuata. Sa scór bliain idir 1991 agus 2011 tháinig méadú suntasach ar an daonra nach Caitlicigh iad, mar thoradh ar líon na saoránach atá gan reiligiún agus ar an éagsúlacht mhór reiligiúin i measc na ndaoine nua chun na tíre ó Oirthear na hEorpa, ón Afraic agus ón Áise. Liostaíonn daonáireamh na bliana 2011 breis is 80 tír mar áit bhreithe daoine a raibh cónaí orthu in Éirinn an uair sin (CSO, 2011a). Tugann Fíor 1 thíos ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) spleáchadh ar an athrú a tháinig ar an ngéilleadh reiligiúnach in Éirinn ó dheireadh an 19ú haois (CSO, 2012). Díol spéise i bhFíor 1 is ea an dlús atá faoin athrú sin le blianta beaga anuas.

Fíor 1: Dáileadh céatadánach na ndaonraí reiligiúin 1881-2011



³ Luaitear i gcuraclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (SPHE): Since SPHE has a moral and a spiritual dimension, its development and implementation are influenced significantly by the ethos or characteristic spirit of the school (lch 2).

Éagsúlacht níos mó reiligiún agus córas creidimh atá le feicéail in Éirinn anois. I ndaonáireamh 2011 ba iad na grúpaí ba mhó a bhí ann seachas iadsan a luaigh gur Chaitlicigh iad, 277,237 duine a luaigh nach raibh aon reiligiún acu/gurbh aindiachaithe iad/gurbh agnóisithe iad; 129,036 a luaigh gur bhain siad le hEaglais na hÉireann; 49,204 a luaigh gur Mhoslamaigh iad agus 45, 223 a luaigh gur Chríostaithe Ceartchreidmheacha iad (CSO, 2012).

I dteannta éagsúlachta reiligiúin, cultúir agus teanga, is mó anois raon na gcumas a gcaitheann múinteoirí freastal orthu mar gheall ar leanaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a bheith sna seomraí ranga príomhshrutha. Ról tábhachtach churaclam na bunscoile is ea tacú le gach leanbh agus iad ag foghlaim agus a chur ar a gcumas a lánchumas féin a bhaint amach. Cé go saibhríonn seomraí ranga a bhíonn ag athrú an timpeallacht oideachais, tugann siad dúshláin scoileanna agus múinteoirí, freisin, i dtaca le soláthar an oideachais. Le blianta beaga anuas, agus an ghéarchéim airgeadais ag dul i gcion ar scoileanna, is mó na dúshláin sin. Is príomhghné d'athbhreithniú agus d'fhorbairt curaclaim é tacú le timpeallachtaí uilechuimsitheacha scoile i gcónaí.

Ró-ualach curaclaim

Ó foilsíodh curaclam na bunscoile sa bhliain 1999, leag athbhreithniúcháin ar an gcuraclam (CNCM, 2005a; 2008a), taighde agus obair le scoileanna béim ar éachtaí na múinteoirí ó thaobh an churaclaim de ach aibhsíodh freisin na dúshláin agus nithe ar ghá feabhas a chur orthu. Luann múinteoirí an bhéim a leagtar ar an gcreat teoiriciúil seachas ar an gcreat praiticiúil, agus an gá a bhíonn ann le tacaíocht bhreise phraiticiúil agus úsáid á baint as acmhainní teagaisc, timpeallachtaí eagraíochtúla, straitéisí idirdhealúcháin, agus bealaí chun scileanna smaointeoireachta ardoird a chothú (CNCM, 2008a, lch 198). Ó 1999 i leith, chuir foilsiú treoirlínte breise leis an tuiscint seo i dtaca le leathnú curaclaim, cuir i gcás *Measúnacht i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2007), *English as an Additional Language in Primary Schools: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (CNCM, 2006) agus *Oideachas Idirchultúir i mBunscoileanna: Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2005b) i measc treoirlínte eile. Luann múinteoirí gurb é ró-ualach curaclaim, an iomad le déanamh agus gan dóthain ama chuige, an bac is mó atá ann le cur i bhfeidhm an churaclaim (CNCM 2005a; 2008a). Le blianta beaga anuas, tháinig raidhse tionscnamh breise ar an bhfód, cuir i gcás *Treoirlínte um Fhéinmheastóireacht Scoile* (DES, 2011), agus cé nach bhfuil baint dhíreach acu leis an gcuraclam seans go gcuirfidís leis an tuiscint go bhfuil ró-ualach ann (INTO, 2015).

Curaclam nua na bunscoile

Le blianta beaga anuas rinne an CNCM forbairtí nach beag ar an oideachas bunscoile agus luath-óige. Chuir foilsíú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* in 2009 go mór leis an oideachas luath-óige sa tír. I rith an chomhairliúcháin ar ORC agus Eitic d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*, a d'fhorbair an CNCM, do ranganna ó naíonáin bheaga go rang a dó (2015). Ba é sin an chéad chéim i dtreo athfhorbairt a dhéanamh ar chuid de churaclam na bunscoile ó seoladh *Curaclam na Bunscoile* (DES, 1999). Tá obair ar bun chun Curaclam Teanga na Bunscoile a fhorbairt do ranganna ó rang a trí go rang a sé, agus tá an CNCM ag forbairt curaclam nua matamaitic bunscoile faoi láthair freisin.

I dteannta na bhforbairtí sin agus mar a leagtar amach i *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (DES, 2011) cuirfidh an CNCM comhairle ar an Aire dtaca le leithdháileadh ama ar fud an churaclaim in 2016. Mar chuid den obair sin, tá an CNCM ag scrúdú churaclam na bunscoile féachaint an gá é a athstruchtúru chun freastal ar an éileamh breise a dhéantar ar scoileanna. Ag tarraingt ar chorpas nach beag taighde, is é is bonn le Aistear íomhá leanaí mar fhoghlaiméoirí cumasacha, inniúla agus gníomhacha a chuidíonn, i gcomhar lena múinteoirí/lena gcleachtóirí, lena n-eispéireas oideachasúil a mhúnlú i dtimpeallachtaí bunscoile agus luath-óige. Déanann Aistear cur síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí trí cheithre théama: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus smaointeoireacht. Agus Aistear ag tabhairt treorach dúinn maidir leis an gcuma a bheidh ar an oideachas luath-óige i mbunscoileanna san am atá romhainn amach, ba chóir d'fhorbairt curaclaim um ORC agus Eitic forbairtí den chineál sin a ghlacadh san áireamh. Cuir i gcás, baineann an téama Féiniúlacht agus muintearas le leanaí a bheith ag forbairt tuiscint dhearfach ar cé hiad féin agus a mhothú go bhfuil meas orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal. Is féidir naisc fhollasacha a fheiceáil idir an cineál sin foghlama agus an fhoghlaim a leagtar amach sna moltaí do churaclam um ORC agus Eitic.

Tacú le rannpháirtíocht

Cuireadh raidhse ábhar comhairliúcháin le chéile chun tacú le rannpháirtithe agus iad ag dul i ngleic leis na smaointe agus na moltaí a leagtar amach sa *Pháipéar Comhairliúcháin*. I measc an ábhair a cuireadh le chéile, tá:

- bileoga eolais do thuismitheoirí
- leabhráin eolais do mhúinteoirí
- físeán mínitheach ar líne
- teimpléid um aighneachtaí scríofa
- mír ina bhfuil ceisteanna coitianta ar leathanaigh idirlín anchomhairliúcháin.

Cuireadh an t-ábhar uile ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar www.ncca.ie/consultation/erbe.

D'fhonn aird a tharraingt ar an gcomhairliúchán seoladh cuireadh leictreonach agus cóip chrua le cárta poist chuig gach bunscoil a thug orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas. Scaipeadh an cuireadh leictreonach ar fhaighteoirí nuachtlitir an CNCM info@NCCA, um 2,000 múinteoir.

Fíor 2: Cárta poist an chomhairliúcháin

The postcard features the NCCA and primary developments logos at the top left. The main title is 'Oideachas faoi REILIGIÚIN & CREIDIMH & ETIC'. The central text, on a purple background, reads: 'Táimid ag forbairt cuid de Churaclam na Bunscoile. Táimid ag féachaint ar Reiligiúin, Creidimh agus Eitic sa seomra ranga bunscoile agus ba mhaith linn do chuid tuairimí a chloisteáil.' Below this is a yellow box with the URL 'www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce'. At the bottom left, it says 'Tá athrú ag teacht ar oideachas na bunscoile, bí páirteach ann!'. On the right, there is a large white rectangular area for a stamp, and below it, the text 'Creidimh Luachanna Folláine Aitheantas Féiniúlacht Muintearas Meas'. In the top right corner, there is a postage table:

Postage Paid Postas íoctha	Baile Átha Cliath
L	Ceadúnas 8716

Iarradh ar líonraí comhpháirtithe an cuireadh a scaipeadh ar a mbaill. Chuir Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile (NCP Bunscoile) na baill ar an eolas faoin gcomhairliúchán freisin. Seoladh

leabhráin do mhúinteoirí agus cártaí poist chuig gach ionad oideachais d'fhonn fógra agus eolas a thabhairt do mhúinteoirí a bhí ag freastal ar chúrsaí san ionad i dtaobh an phróisis chomhairliúcháin.

Cuireadh comhfhreagraithe oideachais sna meáin chumarsáide náisiúnta ar an eolas faoi thús an phróisis chomhairliúcháin agus tugadh an *Páipéar Comhairliúcháin* agus ábhar tacaíochta ar fáil dóibh mar eolas. Bhí ailt sna nuachtáin náisiúnta, agus craoladh agallaimh ar an raidió náisiúnta agus áitiúil a mhínigh na moltaí agus a tharraing aird ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugadh faoi fheachtas Twitter, leis an aischlib #ORCE, d'fhonn spéis agus rannpháirtíocht a chothú.

Fíor 3: Sampla de tuít chun aird a tharraingt ar an gcomhairliúchán ar ORC agus Eitic



Lorg an CNCM deiseanna chun bualadh le grúpaí leasa agus le geallsealbhóirí d'fhonn na moltaí a phlé agus tacú leo i dtaca le haighneacht ar an gcomhairliúchán a scríobh. Thapaigh an CNCM deiseanna, freisin, chun nasc a dhéanamh le comhpháirtithe oideachais ag imeachtaí nó le tionscnaimh i rith an phróisis chomhairliúcháin. Ina measc sin bhí Comhdháil Chomhairleach an INTO (18-19 Samhain 2015), Comhdháil John Marcus O'Sullivan an ETBI (12-13 Samhain 2015) agus Comhdháil Choláiste Mhuire gan Smál dar teideal *Inter-Belief Dialogue in Contemporary Ireland* (17 Feabhra 2016).

Ina theannta sin, chun tacú le rannpháirtíocht an phobail i dtuairimí agus coincheapa bunaidh an churaclaim, cuireadh an taighde cúlra a rinne an CNCM agus a rinneadh ar a son ar fáil ar líne. Ina

measc sin bhí iniúchadh na Fondúireachta Náisiúnta um Thaighde Oideachais (NFER) ar sholáthar stáit go hidirnáisiúnta, léargas deisce ar chláir na bpátrún agus páipéar a chíos bunús an churaclaim i gcearta leanáí.

Cur chuige an chomhairliúcháin

Baineadh leas as raidhse formáidí sa phróiseas comhairliúcháin arb é ab aidhm leo aiseolas den scoth a thiomsú ar na moltaí maidir le forbairt an churaclaim.

Cur chuige modheolaíoch

Ar fhormáidí an chomhairliúcháin bhí:

- ceistneoirí ar líne
- aighneachtaí i scríbhinn
- cruinnithe le grúpaí leasmhara
- cás-staidéir scoile
- pléghrúpaí le múinteoirí agus le tuismitheoirí
- rannpháirtíocht i gcomhdhálacha.

Tugtar léargas gairid ar gach ceann díobh sin thíos.

Ceistneoirí ar líne

Ach ar baineadh úsáid as ceistneoirí ar líne bhíodhas in ann raon leathan tuairimí a thiomsú. Cuireadh trí cheistneoir le chéile (Aguisíní 1, 2, agus 3); ceann do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí tríd leibhéal, ceann de tuismitheoirí agus do chaomhnóirí agus ceann do bhaill an phobail i gcoitinne. Cuireadh spéis nach beag sa chomhairliúchán agus fuarthas 2,255 freagra, ar curiarracht é sin don CNCM.

Cé nach rabhthas ag súil leis go gcuirfeadh úsáid ceistneoirí mar fhormáid sa chomhairliúchán sampla ionadaíoch ar fáil, tharraing an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) aird, agus iad ag tuairisciú ar úsáid ceistneoirí, ar an sampla a bheith féinroghnaíoch agus dá bhrí sin, nach raibh sé ionadaíoch i ndáiríre. I bhfocail eile, d'fhéadfadh go mbeadh na freagraí ar na ceistneoirí claonta i dtreo freagróirí a raibh dearcadh diongbháilte acu i leith an churaclaim mholta.

Cé gur baineadh triail as an gceistneoir, thuirisc freagróirí áirithe (e.g. daoine nach raibh ag obair i scoileanna) nár bhain cuid de na ceisteanna leo. Anuas air sin, bhí cead ag freagróirí dul ó cheist go

ceist gan gach ceist a fhreagairt. Mar fhocal scoir, thuairisc roinnt rannpháirtithe agus an ESRI go raibh ceisteanna faoi dhearcadh claonta i dtreo freagraí dearfacha a thabhairt i ndearadh an cheistneora.

Agus an méid sin thuas á ghlacadh san áireamh, thug oideoirí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne líon suntasach freagraí ar na ceistneoirí agus tugann sé sin eolas úsáideach do phróiseas forbartha curaclaim san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Ba léir i gcás go leor rannpháirtithe, gurbh iad ceisteanna níos leithne a bhain le struchtúr an bhunoideachais in Éirinn an gad ba ghaire do scornach na ndaoine sin a d'fhreagair an ceistneoir ar líne seachas na dréachtmholtaí féin.

Aighneachtaí i scríbhinn

Is cuid thábhachtach de phróiseas comhairliúcháin an CNCM iad aighneachtaí i scríbhinn. Cuireadh teimpléad le chéile chun cuidiú le grúpaí leasmhara agus le freagróirí agus iad ag dréachtú aighneachtaí. Thug an teimpléad ar fhreagróirí marana a dhéanamh ar na moltaí, ar an gcaoi a rachadh an curaclam chun sochair do shaol an linbh agus ar an gcuraclam beartaithe trí chéile. Ní raibh ar fhreagróirí úsáid a bhaint as an teimpléad, ach rinne go leor acu é.

Tráth foilsithe na tuarascála seo bhí 174 aighneacht faighte ag an CNCM, agus déantar cur síos ar thorthaí na n-aighneachtaí sin sa chéad chuid eile den tuarascáil seo. Cé go leagann aighneachtaí amach dearcadh nó seasamh grúpa i dtaca leis na hathruithe molta, fuarthas amach sa chomhairliúchán go bhféadfadh éagsúlacht mhór dearcaidh a bheith ann laistigh de ghrúpaí. Is féidir féachaint ar na haighneachtaí i scríbhinn ar líne ar www.ncca.ie/consultation/erbe agus tá innéacs na n-aighneachtaí le fáil in Aguisín E den tuarascáil seo.

Cruinnithe le grúpaí leasmhara

Thug an CNCM cuireadh d'eagraíochtaí a bhfuil leas ar leith acu in ORC agus Eitic bualadh leo agus na moltaí a leagtar amach san ábhar comhairliúcháin a phlé. Chomh maith leis sin, eisíodh cuireadh oscailte, a cuireadh chun cinn ar líne, do ghrúpa ar bith eile ar mian leo a bheith rannpháirteach. I rith an phróisis chomhairliúcháin bhuaile an CNCM leis na grúpaí sin chun tacú leo aighneachtaí i scríbhinn a chur ar fáil don phróiseas. I measc na ngrúpaí leasmhara a thapaigh an deis bualadh leis an CNCM, tá:

- An Foras Pátrúnachta
- Atheist Ireland
- Cumann Bainistíochta Bunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)

- An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanáí (CRA)
- Bord Oideachais Eaglais na hÉireann (CIBE)
- Bunscoileanna Pobail
- Educate Together
- Equate Ireland
- Humanist Association of Ireland
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)
- Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
- Lónra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
- Islamic Foundation of Ireland (IFI)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht (NPCP)
- Oifig an Ombudsman Leanáí (OCO)
- Secular Schools Ireland Ltd.

Cás-staidéir scoile

D'fhonn léargas a fháil ar chastacht na saincheisteanna a bhaineann le curaclam nua san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic a chur i bhfeidhm, agus d'fhonn dul i gcomhairle le scoileanna i dtaca leis an gcleachtas reatha, d'oibrigh an CNCM le seacht scoil cás-staidéir. I measc na gcritéar lenar roghnaíodh scoileanna, bhí:

- DEIS/neamh-DEIS
- sainchreidmheach/il-sainchreidmheach
- scoileanna Béarla/Scoileanna Gaeilge
- uirbeach/tuaithe
- méid na scoile.

Tugtar léargas ar na seacht scoil i dTábla 1.

Tábla 1: Léargas ar na scoileanna cás-staidéir

Uimhir na Scoile	Sainchreidmheach/il-sainchreidmheach	DEIS/neamh-DEIS	Uirbeach/tuaithe	Béarla/Gaeilge	Méid na scoile
1.	Caitliceach	DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 200
2.	Il-sainchreidmheach	Neamh-DEIS	Uirbeach	Gaeilge	c. 180
3.	Caitliceach	Neamh-DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 450
4.	Caitliceach	Neamh-DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 70
5.	Educate Together	DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 130
6.	Eaglais na hÉireann	Neamh-DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 200
7.	Bunscoil Phobail	Neamh-DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 250

D'fhiosraigh taighde an chás-staidéir dhá cheist:

1. Cé na cleachtais atá ar siúl i scoileanna faoi láthair a oireann don chineál teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sa churaclam um ORC agus Eitic?
2. Cé na deiseanna agus na dúshláin do scoileanna a mheastar a bheadh ag tabhairt isteach an churaclaim bheartaithe?

Rinneadh na ceisteanna a iniúchadh ach éascaíocht a dhéanamh ar phléghrúpaí múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, leanaí agus Bord Bainistíochta. Cé nach féidir ginearálú a dhéanamh faoi thorthaí ón gcineál seo taighde, bíonn siad thar a bheith úsáideach chun saincheisteanna a aimsiú nach dtiocfadh chun solais i bhformáidí comhairliúcháin níos leithne.

Cuireadh na cás-staidéir scoile le chéile chun doimhneacht a thabhairt do na téamaí a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán. Ach ar baineadh úsáid as agallaimh leathstruchtúrtha, tharraing rannpháirtithe ar a gcuid eispéireas féin agus thug siad samplaí ábhartha óna gcleachtas féin. Thug an taighde léargas ar a bhfuil ag tarlú i gcomhthéacs scoileanna áitiúla i ndáiríre agus ar na deiseanna agus na dúshláin a bhainfeadh le forbairt an churaclaim um ORC agus Eitic. Luaigh rannpháirtithe, sna freagraí a thug siad, naisc leis an ngarthimpeallacht agus le heispéireas ar leibhéal áitiúil, rud a chuir go mór leis an bpróiseas comhairliúcháin.

Thug cás-staidéir scoile deiseanna obair a dhéanamh le leanaí i scoileanna, rud a bhí suntasach. D'fhonn é sin a dhéanamh, fuarthas cead tuismitheora gach linbh i rang a 4, 5 agus 6. Roghnaíodh leanaí ón gcuid shinsearach den bhunscolaíocht ach ar baineadh úsáid as an tsamhail fitness for purpose (Cohen et al, 2007, lch 117) agus rochtain ar an sampla agus na hacmhainní daonna a bhí ar fáil don CNCM á nglacadh san áireamh. Sula ndeachthas chun na scoileanna, cuireadh ábhar spreagthach ar fáil do mhúinteoirí chun uchtach a thabhairt do leanaí dul i ngleic le cuid de na tuairimí agus na coincheapa a bhaineann le forbairt curaclaim um ORC agus Eitic. Agus múinteoir an tseomra ranga i láthair, d'oibrigh foireann an CNCM leis na leanaí i gcúinsí ranga uile agus i ngrúpaí níos lú. Luaigh go leor de na leanaí gur mhór acu an deis a tugadh dóibh míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le cuid de choincheapa ORC agus Eitice, dar leo, agus deis labhartha ar an taitneamh a bhaineann siad as foghlaim faoina leithéid. Bhreac na leanaí féin a gcuid freagraí síos agus úsáid á baint acu as an teimpléad a tugadh dóibh (féach Aguisín D), agus rinne breathnóir an CNCM cuntas orthu sna nótaí a glacadh i rith an phróisis.

I bhfianaise go raibh an rannpháirtíocht le scoileanna srianta do thréimhse an chomhairliúcháin, ní raibh breathnóireacht le himeacht ama i gceist, agus bhíothas ag brath go mór ar na sonraí a chuir an scoil ar fáil. Níor thug na srianta sin deis do ghrinn-bhreathnóireachtaí agus bhí an taighde ag brath ar na sonraí a thuairisc pobal na scoile. Díol suntais is ea é gur bhaill chumann na dtuismitheoirí nó an bhoird bhainistíochta iad chuid mhór de na tuismitheoirí sin a chas leis an CNCM. In ainneoin nach raibh ar chumas múinteoirí áirithe a bheith i láthair ag seisiúin na múinteoirí mar gheall ar chlár ama, baineadh amach sampla ionadaíoch múinteoirí sna scoileanna trí chéile. Mar fhocal scoir, cé go ndearna an CNCM obair le leanaí i gcuid na sinsear den bhunscolaíocht, níorbh fhéidir an t-am breise a bheadh de dhíth le leanaí níos óige a chur san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin.

Pléghrúpaí le múinteoirí agus le tuismitheoirí

Tionóladh cúig phléghrúpa le múinteoirí in ionaid oideachais ar fud na tíre. Roghnaíodh na hionaid ionas go bhfaighfí dáileadh maith tíreolaíoch. Cé gur chuir na cás-staidéir scoile deis ar fáil éisteacht le pobail scoile ina dtimpeallacht féin, thug na pléghrúpaí deis do mhúinteoirí ó scoileanna difriúla teacht le chéile, tabhairt faoi ghrinnphlé agus aiseolas a chur ar fáil i dtaca leis na moltaí. Thug an plé deis do mhúinteoirí dearcadh múinteoirí eile ó chúlráí difriúla agus a mhúineann i gcúinsí difriúla a mheas agus freagairt dóibh. Tugtar léargas ar na hionaid oideachais i dTábla 2.

Tábla 2: Léargas ar na pléghrúpaí le múinteoirí

	Ionad	Dáta
1.	Ionad Oideachais Dhroim Conrach	25 Samhain 2015
2.	Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain	21 Eanáir 2016
3.	Ionad Oideachais agus Tacaíochta Chorcaí	2 Feabhra 2016
4.	Ionad Oideachais Chill Dara	8 Feabhra 2016
5.	Ionad na Múinteoirí, Ionad Oideachais Ghort a' Choirce	16 Feabhra 2016

Thug na hionaid oideachais cuireadh do mhúinteoirí a bheith i láthair freisin ach ar scaip siad bileoga faoi na seisiúin ar scoileanna ina gceantar féin. Fógraíodh na seisiúin ar shuíomh idirlín an chomhairliúcháin, freisin. D'fhreastail 28 múinteoir san iomlán ar na pléghrúpaí. Sampla féinroghnaíoch a bhí ann agus dá réir sin bhí spéis mhór ag rannpháirtithe sa churaclam beartaithe, rud a chothaigh plé eolasach agus domhain ar bhunchoincheapa na moltaí.

Tionóladh pléghrúpa le 14 thuismitheoir le baill chomhthionól Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht (NPCP) i mBaile Átha Cliath an 30 Eanáir. Dhírigh an pléghrúpa ar bhuanna, ar laigí, ar dheiseanna agus ar bhagairtí a eascraíonn as na moltaí mar aon le réitigh ar bhaic mheasta a chíoradh.

Rannpháirtíocht i gcomhdhálacha

Tapáidh deiseanna, freisin, nasc a dhéanamh le comhpháirtithe oideachais ag imeachtaí nó i dtionscnaimh a bhain le forbairt an churaclaim san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Fuarthas deis ag Comhdháil Chomhairleach de chuid Chumann Múinteoirí Éireann (INTO), *Curriculum* (17-18 Samhain 2015), labhairt leis na toscairí i dtaobh na moltaí do churaclam ORC agus Eitice. Rinneadh éascaíocht ar dhá cheardlann le múinteoirí ag an gcomhdháil agus bhí an dá cheardlann lán. Bhí idir ionadaithe ceardchumann, mhúinteoirí agus phríomhoidí i láthair.

Fuarthas deis ag Comhdháil John Marcus O'Sullivan *Religion, Diversity & Publicly-Managed Schools* (12-13 Samhain 2015) labhairt le baill earnáil na hiar-bhunscolaíochta agus na Bunscolaíochta Pobail i dtaca le forbairtí bunscolaíochta. Bhí idir Phríomhfheidhmeannaigh, Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus cheannairí scoile in earnáil an ghairmoideachais in Éirinn i láthair ag an gcomhdháil.

Thionóil an CNCM i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál comhdháil dar teideal *Inter-belief Dialogue in Contemporary Ireland* (17 Feabhra 2016). Thug an ócáid daoine ó chúlraí éagsúla reiligiúin agus creidimh le chéile, mar aon le múinteoirí faoi oiliúint ón gcoláiste. Ba í an Dr Julia Ipgrave, Comhalta Taighde Sinsearach in Ionad an Léinn Oideachais in Ollscoil Warwick, a thug an phríomhchaint. Thug an CNCM caint ar fhorbairt curaclaim san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic agus an deis a bhaineann leis plé idirchreidimh a chothú sa seomra ranga.

Anailís agus cur i láthair sonraí

Tiomsaíodh líon suntasach sonraí de bhun fhormáidí uile an chomhairliúcháin. Déantar cur síos ar mhodhanna taifeadta na sonraí agus ar an anailís i dTábla 3.

Tábla 3: Modh tiomsaithe, taifeadta agus anailísithe na sonraí

Modh tiomsaithe sonraí	Taifeadadh sonraí	Anailís ar shonraí le
Cás-staidéir scoile	Aighneachtaí i scríbhinn ó leanaí Nótaí allamuigh	Foireann bunscóile an CNCM
Pléghrúpaí le múinteoirí agus le tuismitheoirí	Aighneachtaí i scríbhinn ó mhúinteoirí Nótaí allamuigh	Foireann bunscóile an CNCM
Cruinnithe le grúpaí leasmhara	Nótaí allamuigh Aighneachtaí i scríbhinn	Foireann bunscóile an CNCM
Ceistneoirí ar líne	Aighneachtaí féintuarascála ar líne	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)
Rannpháirtíocht gcomhdhálacha	i Taifeadtaí físe féintuarascála Aighneachtaí i scríbhinn Nótaí allamuigh	Foireann bunscóile an CNCM
Aighneachtaí i scríbhinn	Aighneachtaí ar phár agus ar líne	Foireann bunscóile an CNCM

De bharr líon na bhfreagraí a fuarthas ar an gceistneoir ar líne, cinneadh go ndéanadh gníomhaireacht sheachtrach anailís agus tuairisc ar na tacair sonraí. Ach ar reáchtáladh próiseas tairiscintí, bhí an lá leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus chuir siad tuairisc mhion ar na torthaí ar fáil (Darmody & Smyth, 2016). Déanann an tuairisc a chuir an ESRI le chéile cur síos ar fhreagraí aonair ó thuismitheoirí, ó oideoirí agus ón bpobal i gcoitinne; mar aon le tráchttaireacht ar roinnt iarmhairtí d'fhorbairt beartais. Tá an tuairisc ina hiomláine le fáil ar www.ncca.ie/consultation/erbe (tá achoimre ar na torthaí le fáil in Aguisín G).

Agus anailís ar shonraí ó fhormáidí difriúla an chomhairliúcháin á déanamh, thosaigh patrúin ag teacht chun cinn. De réir mar a tháinig na patrúin sin chun cinn cuireadh struchtúr le chéile chun na sonraí a rangú ina gcatagóirí chun críche anailíse. Tháinig ocht bpríomhthéama a bhain le forbairt curaclaim chun cinn sna sonraí: ró-ualach curaclaim agus srianta ama; éiteas scoile; scileanna agus

meonta; cleachtais uilechuimsitheacha i scoileanna; ailíniú le curaclam na bunscoile; ról an mhúinteora; aois-oiriúnacht ORC agus Eitice; agus an chuma a bheadh ar an gcineál seo foghlama. Rangáíodh na sonraí ina gcatagóirí dá réir, rinneadh anailís orthu agus cuirtear i láthair sa chéad mhír eile den tuarascáil seo iad. Sa chás gur ardaíodh ceisteanna a bhain le córais nó le hábhar a bhí lasmuigh de scóip na forbartha curaclaim, ní mheastar iad mar phríomhthéamaí, cé go mbaintear leas astu mar bhunús le tráchtareacht bhreise amach sa tuarascáil seo. Baintear leas as athfhriotal chun cineálacha na bhfreagraí sna téamaí a léiriú agus roghnaíodh iad as formáidí uile an chomhairliúcháin. Is mian leis an tuarascáil cothromaíocht tuairimí a thabhairt a thugann léargas ar na tuairimí sin a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán.

Téamaí an chomhairliúcháin

Tugann an mhír seo gearrchuntas ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith an chomhairliúcháin ó thaobh forbairt curaclaim de agus ó thaobh curaclam in ORC agus Eitic a chur i bhfeidhm. Is iad na téamaí a phléitear thíos:

- ró-ualach curaclaim agus srianta ama
- éiteas scoile
- scileanna agus meonta
- ailíniú le curaclam na bunscoile
- cleachtais uilechuimsitheacha i scoileanna
- ról an mhúinteora
- aois-oiriúnacht ORC agus Eitice
- an chuma a bheadh ar an bhfoghlaim: dearcadh leanaí⁴.

I bhfianaise líon na bhfreagraí agus scóip an aiseolais, ní liosta cuimsitheach iad na téamaí a roghnaíodh. Chomh maith leis sin, ní liosta cuimsitheach ach oiread iad na guthanna agus na dearcthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo. Ina ionad sin, tá trasghearradh de dhearcthaí na rannpháirtithe á chur i láthair d'fhonn éagsúlacht tuairimíochta a chur i láthair. I gcás a dtugtar tuairim duine ní ainmnítear an duine sin ach tugtar an post nó an ról atá ag an duine sin ó thaobh an oideachais de, más féidir. I gcás a dtugtar tuairim grúpa nó eagraíochta ainmnítear iad. Is ann do shleachta athfhriotail chun léargas a thabhairt ar mhórthéamaí a tháinig chun cinn i rith an chomhairliúcháin. Anuas air sin, ba mhian leis an gcomhairliúchán forbairt curaclaim do ERM agus Eitic a chothú agus eolas a fháil dó seachas dul i ngleic le nithe a bhaineann le córas. Cé go bhféadfadh an tuarascáil seo tagairt a dhéanamh do nithe den chineál sin i gcomhthéacs na forbartha curaclaim, tá freagra sásúil ar na saincheisteanna sin lasmuigh de scóip na forbartha curaclaim do ORC agus Eitic.

⁴ Leagann an tuarascáil béim ar seacht dtéama a tháinig chun cinn ar fud fhormáidí uile an chomhairliúcháin. Tá an t-ochtú téama sa tuarascáil, áfach, a d'eascair go díreach as an obair a rinneadh leis na scoileanna cás-staidéir, agus a léiríonn guth na leanaí. De bhrí gur dhaoine fásta a ghlac páirt sna formáidí eile, measadh go raibh sé tábhachtach a chinntiú go gcloisfí guth na leanaí go follasach sa chomhairliúchán, agus dá bhrí sin tá mír faoi leith tugtha dó sin.

Ró-ualach curaclaim agus srianta ama

Téama amháin a tháinig chun cinn go leanúnach ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile ba ea ró-ualach curaclaim agus leithdháileadh ama. Cé gur cúinsí struchtúir iad sin a bhaineann le curaclam na bunscoile trí chéile agus atá, dá bhrí sin, lasmuigh de scóip fhorbairt an ORC agus Eitice, measadh gur chruthaigh siad bac nach beag lena thabhairt isteach. Measadh i gcoitinne go bhfuil curaclam na bunscoile faoi ró-ualach agus, dá bhrí sin, go dtéann sé dian ar mhúinteoirí an curaclam a chumhdach laistigh den lá scoile. Is follasach ó na freagraí ar an gcomhairliúchán go síneann tuiscint na rannpháirtithe ar ró-ualach curaclaim thar churaclam na bunscoile agus go nglactar san áireamh na tionscnaimh, na treoirlínte agus na teoracha a tugadh isteach ó cuireadh tús le curaclam na bunscoile i 1999. Leagadh béim ar an bpróiseas sin lena gcuirtear leis an gcuraclam de shíor agus ar an mbraistint sin de 'ró-ualach' roimhe seo in *Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile* (CNCM 2005, 2008), mar aon le tuairisc an CNCM dar teideal *Ró-ualach Curaclaim i mBunscoileanna* (2010). I gcás go leor múinteoirí a thug freagra ar an gcomhairliúchán, thabharfadh ceist an ró-ualach churaclaim dúshlán ORC agus Eitic a thabhairt isteach. Ba fhreagra coiteann é: '[we] all recognise the value of such a programme, but where is the time?' (Rannpháirtí i bpléghrúpa). Measadh, dá bhrí sin, go mbainfeadh dúshlán le tionscnamh ar bith a thabhairt isteach beag beann ar an bhfiúntas a bhainfeadh leis.

Bhí an dearcadh céanna le feiceáil ar fud fhormáidí an chomhairliúcháin. Ba iad leithdháileadh ama agus ró-ualach curaclaim an dá dhúshlán ba mhó a ndearna múinteoirí tagairt dóibh, beag beann ar an gcineál scoile, sna ceistneoirí ar líne (Darmody & Smyth, 2016), mar a léiríonn an ráiteas seo a leanas.

As has already been mentioned, curriculum overload. Schools are pushed to the pins of their collars time wise in trying to get the core subjects done and done well....govt. obsession with rising standards and PISA type tables. This will always seem to take precedence over the development of a harmonious, happy and creative society. (Oideoir, il-/idir-chreidmheach, ceistneoir)

Cuimsíonn an ráiteas thuas dearcadh go leor múinteoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán, múinteoirí a bhraith go raibh brú breise ar scoileanna agus sna seomraí ranga ualach níos mó oibre a chumhdach. Leagadh béim ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí iarracht an iomarca a chumhdach agus go gcuirfí isteach, dá bhrí sin, ar chaighdeán agus ar dhoimhneacht na foghlama.

Curriculum over load; therefore surface learning. I feel it could work well if modelled and combined with the current SPHE Curriculum OR another option

would be to either reduce or eradicate the time current allocation to teaching religion in schools. (Oideoir, mionchreideamh)

Tháinig an bhéim sin ar shrianta ama agus ar ró-ualach curaclaim chun cinn go mór freisin sna haighneachtaí i scríbhinn. Tharraing aighneacht an INTO aird air sin a bheith ar an dúshlán is mó a bhaineann le tabhairt isteach an curaclam.

The main challenge relates to time constraint. Teachers are already experiencing an overloaded curriculum. Before the introduction of a curriculum for ORC and Ethics is introduced, teachers require clarification regarding time allocation, planning and resources. (Aighneacht i scríbhinn an INTO)

Ní hamháin gur luaigh múinteoirí agus ceannairí scoile an cheist, ach luaigh pátrúin, eagraíochtaí leasmhara agus tuismitheoirí freisin í. Leagadh béim ar an gceist arís eile sna cás-staidéir scoile agus i bplé le múinteoirí sna hionaid oideachais. Go deimhin, tugann taighde a rinne an CNCM ar eispéiris i ndlínsí eile (CNCM, 2010) gur feiniméan idirnáisiúnta atá ann agus nach le hÉirinn amháin a bhaineann sé. Is léir gur ceist córais í ceist an leithdháilte ama sa churaclam a gcaithfear dul i ngleic léi sula ndéanfar a thuille oibre ar ORC agus Eitic. Sa mhír ar Threoir do ORC agus Eitic atá níos faide amach sa tuarascáil seo, tugtar treoir maidir le dul i ngleic leis an dúshlán seo.

Éiteas scoile

Faoi mar a thagraítear dó sa mhír ar Chomhthéacs sa pháipéar seo, de bhun fhoráil Alt 30 (2)(b) den Acht Oideachais (1998), téann éiteas scoile i bhfeidhm go díreach ar chur i bhfeidhm agus ar theagasc churaclam na bunscoile. I rith an chomhairliúcháin, tháinig lárnacht an éitis san obair a dhéantar i scoileanna chun cinn go rialta i gcás gach cineál scoile.

The ethos of a Catholic school is not a discrete element of school life confined only to formal religious instruction. Ethos is a living thing that finds expression through relationships, policies, practices attitudes and the work of the school. (Rúnaíocht Oideachais i mBunscoil Chaitliceach in Ard-Deoise Chaisil agus Imligh agus i nDeoisí Chiarraí, Chill Dá Lua agus Luimnigh, aighneacht i scríbhinn)

Cé go dtagraíonn an ráiteas thuas go sonrath le scoileanna Caitliceacha, rinneadh an cur síos céanna i ngach cineál scoile ar an éiteas a bheith ina neach beo a chuirtear in iúl trí obair na scoile. Is gné uilechuimsitheach agus fhorleatach de shaol na scoile é. Le linn cuairteanna scoile i dtimpeallachtaí sainchreidmheacha agus il-sainchreidmheacha araon, leagadh béim ar thábhacht luachanna croíláir na scoile. Leagadh béim i bhformáidí uile an chomhairliúcháin ar an ról atá ag éiteas maidir le muintearas a chothú, tacú le féiniúlacht na ndaltaí agus cuidiú le timpeallachtaí dearfacha foghlama.

Tháinig dhá fho-théama phríomha chun cinn sa chomhairliúchán i dtaca le héiteas, eadhon:

- an ghaolmhaireacht idir ORC agus Eitic agus éiteas scoile

- an ghaolmhaireacht idir ORC agus Eitic agus clár an phátrúin.

An ghaolmhaireacht idir ORC agus Eitic agus éiteas scoile

Tháinig dhá dhearcadh éagsúla chun cinn i rith an chomhairliúcháin i dtaca leis an ngaolmhaireacht idir ORC agus Eitic agus éiteas scoile.

An dúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann d'éiteas na scoile

Léirigh an chéad tuairim imní go bhféadfadh an curaclam do ORC agus Eitic teacht salach ar éiteas scoile. Bhain an tuairim go háirithe leis an imní go bhféadfadh ORC agus Eitic an bonn a bhaint d'éiteas scoileanna sainchreidmheacha nó a ndúshlán a thabhairt. Cuireadh an dearcadh sin in iúl go follasach in aighneachtaí i scríbhinn, cé nach raibh sé follasach céanna i bhformáidí eile an chomhairliúcháin. Tarraingíodh aird ar Alt 30(2)(b) den Acht Oideachais (1998), a luann, agus curaclam á shainordú do scoileanna, nár mhór don Aire féachaint do spiorad saineúil na scoile. Cé go bhformhuiníonn an t-alt seo san Acht Oideachais (1998), i measc alt eile, cearta an chomhlachta pátrúnachta, d'fhéadfadh sé srian a chur leis na cineálacha teagaisc agus foghlama a leagtar amach sa churaclam do ORC agus Eitic, má mheastar go bhfuil siad ag teacht salach ar éiteas nascoile.

In aighneachtaí i scríbhinn, léiríodh imní mar gheall ar an bhfealsúnacht ba bhunús leis na moltaí i dtaca ORC agus Eitic. Léirigh idir scoileanna Caitliceacha agus Eaglais na hÉireann an imní sin.

The Church of Ireland Board of Education (“the Board”) has no difficulty with the generality of what is described in pages 12 to 18 of the NCCA Consultation paper. However, the Board is concerned that the general perspective of the proposed ORC and Ethics curriculum sits incongruously with the perspective of the existing Follow Me RE curriculum. Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann, aighneacht i scríbhinn)

Cuireadh an imní in iúl ar thrí bhealach go príomha: ceistíodh bunús ghné na hEitice; measadh na moltaí a bheith liobrálach, tuata nó agnóisíoch; tarraingíodh aird ar chuir chuige thógachaíocha agus iolraíocha a mholtar in ábhar an chomhairliúcháin de bharr go bhféadfaidís dúshlán éiteas na scoileanna sainchreidmheacha a thabhairt.

Léiríodh imní áirithe i dtaobh bhunús ghné na hEitice de na moltaí. I gcás freagróirí áirithe níorbh fhéidir foghlaim eiticiúil a scaradh ó dhearcadh áirithe reiligiúnach. Luadh go bhféadfadh go dtiocfadh bunús ghné na hEitice salach ar dearcadh den chineál sin.

The Ethics component endorses the morality of secular liberalism wherein individual moral autonomy is considered an ultimate end in itself. Such an approach is incompatible with the emphasis Christian moral theology places on theocentric personalism, objective moral goods and norms, the virtues, and the harmony between the individual’s good and the common good. (6 oideoirí múinteoirí de chúlraí diagachta agus/nó síceolaíochta, aighneacht i scríbhinn)

Mheas freagróirí áirithe go bhféadfadh dúshlán nach beag a bheith ag baint le gné chearta an duine is bunús leis na moltaí do ghné na hEitice den churaclam chomh fada agus a bhaineann sé le héiteas na scoileanna sainchreidmheacha. Luaigh roinnt aighneachtaí gur chuir na moltaí luachanna liobrálacha, tuata nó agnóisíocha i láthair agus go bhféadfadh sé sin teacht salach ar éiteas scoileanna sainchreidmheacha.

Áitíodh, freisin, go bhféadfadh cur chuige iolraíoch, faoi mar a thuig freagróirí áirithe é, i leith foghlama faoi reiligiúin agus faoi chreidimh, dúshlán scoileanna sainchreidmheacha a thabhairt. De réir Chumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha:

It encourages pupils to see their religion as one among many standpoints which have equal validity. This arguably encourages a form of religious relativism. This pedagogical process suggested by NCCA is completely at odds with the way in which religious education is taught in Catholic schools. (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, aighneachtaí i scríbhinn)

Ar an gcaoi chéanna, tarraingíodh aird ar an gcur chuige tógachaíoch a dtacaítear leis sna moltaí le haghaidh curaclaim do ORC agus Eitic toisc go bhféadfadh sé dúshlán scoileanna Caitliceacha a thabhairt. Luadh go bhféadfadh sé teacht salach ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanbh laistigh dá thraidisiún féin.

The NCCA document favours a 'child-centred' approach that leads to 'co-construct their knowledge identity and culture with peers and adults and in turn generate their own meaning and knowledge. The idea that a 6 year old child can simply discern about religious matters as proposed in the NCCA model is not substantiated and conflicts with the concept of a child learning from within their own tradition or community and then moving to evaluate or critique in the later years. (Rúnaíocht Oideachais de chuid Dheoise Bhaile Átha Cliath, aighneacht i scríbhinn)

Tá an cur chuige páistelárnach a leagtar amach sna moltaí do ORC agus Eitic ina bhunús le *Curaclam na Bunscoile* (DES, 1999) uile agus tá sé i gcroílár na foghlama a tharlaíonn faoi láthair i mbunscoileanna na hÉireann. Cé go raibh inní den chineál sin an-fhollasach i roinnt de na haighneachtaí i scríbhinn, is díol suntais é nár tháinig siad chun cinn chomh mór sin sna ceistneoirí ná sna scoileanna cás-staidéir agus obair á déanamh le múinteoirí agus le boird bhainistíochta.

Bhí ceist na gaolmhaireachta idir éiteas scoile agus ORC agus Eitic follasach freisin san aiseolas a fuarthas ó thuismitheoirí i rith an chomhairliúcháin. Mheas thuismitheoirí áirithe go bhféadfadh ORC agus Eitic deis a chur ar fáil chun inghlacthacht, caoinfhulaingt agus uilechuimsitheacht a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh i scoileanna sainchreidmheacha.

My children come from an atheist family and attend a Catholic school. I would like this curriculum to improve acceptance of them, as non believers, within the

school community. I would like them to really feel that it is ok not to believe in god. (Tuismitheoir, ceistneoir)

Tháinig an dearcadh seo chun cinn go mór sna ceistneoirí, agus i rith cuairteanna scoile freisin. Mar sin féin, bhí dearcadh urchomhaireach, lenar measadh go dtugann ORC agus Eitic dúshlán éiteas na scoileanna sainchreidmheacha, le sonrú go follasach i gceistneoirí na dtuismitheoirí, agus sna haighneachtaí i scríbhinn ó thuismitheoirí.

As a Catholic Parent I want my children to be educated in the Catholic Ethos and to be taught their religion in the school. I do not want to have my child denied this right and believe that the curriculum must cater for this in a significant way and not be such that the school is denied the right to educate children in Catholic Doctrine. (Tuismitheoir, ceistneoir)

Is léir ón sliocht thuas gur thuig tuismitheoirí áirithe gurb ionann curaclam do ORC agus Eitic a thabhairt isteach agus baol a bheith ann go bhféadfaí deireadh a chur le ceart an phátrúin oideachas a chur ar leanaí i dtraidisiún na gCaitliceach. Ní mór a lua, freisin, gur dhearbhaigh go leor freagróirí, ina measc tuismitheoirí agus múinteoirí, go bhféadfadh na moltaí tacú leis an éagsúlacht i mbunscoileanna Caitliceacha.

Developing ORC and Ethics can only enhance the overall education of children, making them more tolerant of difference and informing them of the wider world in which we live. It also will provide children the opportunity to engage with opinions and beliefs that will challenge their own, leading to greater empathy and understanding of their school friends and broader community. (Oideoir, Scoil Chaitliceach, ceistneoir)

An dúshlán a d'fhéadfadh éiteas na scoile a thabhairt

Leag an dara dearcadh i dtaca le héiteas béim ar dhúshlán an churaclaim agus ar chearta na leanaí sin ó chúlra difriúil creidimh le hais chreideamh na scoile. Ceistíodh ar cheadaigh Alt 30 den Acht Oideachais (1998) ORC agus Eitic a chur i bhfeidhm ar bhealach a bhí oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch (ODIHR, 2007, lch 68, 88, 104) de réir Threoirlínte Toledo.

We cannot see how this proposed course will promote respect for our human rights, given the fact that the NCCA have no power to ensure that schools deliver this course in an objective, critical and pluralistic manner and in accordance with the Toledo Guiding Principles and human rights law. (Atheist Ireland, aighneacht i scríbhinn)

Tá an teannas idir éiteas na scoile a chothú agus tacú leis, ar lámh amháin, agus caitheamh go cothrom le gach leanbh sa chóras oideachais, ar an lámh eile, le sonrú go soiléir sa bhfreagra seo. Dá bhrí sin, léiríodh inní go bhféadfadh nach gcuirfí ORC agus Eitic i bhfeidhm ar bhealach a bheadh comhleanúnach, ó thaobh chearta an duine de, i ngach cineál scoile. Áitíodh dá gcuirfí ORC agus Eitic

i bhfeidhm de réir éiteas na scoile go bhféadfadh sé sin an bonn a bhaint den chur chuige oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch i leith theagasc an ábhair, rud a leagadh amach i moltaí an chomhairliúcháin. Luaigh freagróirí a raibh imní orthu i dtaobh chumas na scoile soláthar a dhéanamh do churaclam ORC agus Eitice do gach leanbh, beag beann ar chreideamh nó reiligiún an linbh, seachas dóibhsean a ghéilleann do reiligiún na scoile sainchreidmhí, é sin go follasach.

To be confident that the new curriculum will maintain the constitutional and internationally agreed human rights of every child in every classroom, assurances need to be given that whatever form this Education about Religions and Beliefs & Ethics curriculum takes, it will be delivered as an independent, integral state curriculum separate from any patron programme. (Equate, aighneacht i scríbhinn)

ORC agus Eitic agus clár an phátrúin⁵

Ceist a bhí gaolmhar le ceist an éitis ba ea an bhféadfadh ORC agus Eitic a bheith ann i dteannta chlár an phátrúin i scoil. Mar thaighde cúlra don chomhairliúchán, thug an CNCM spléachadh ar chlár reatha phátrúin féachaint cén chaoi a bhféadfadh ábhar reatha na gclár sin tacú, nó eile, leis na cineálacha teagaisc agus foghlama a mholtar in ORC agus Eitic⁶. Cé nach ndearna an staidéar sin ach ábhar na gclár a scrúdú seachas eispéireas na leanaí sa seomra ranga, níor ardaíodh ceisteanna i dtaobh a mhéad a bheadh na clár sin ag teacht le curaclam beartaithe ORC agus Eitice an stáit. Tharraing sé sin aird nach beag na rannpháirtithe sa chomhairliúchán, agus cuid mhaith díobh ag ceistiú mar a d'fhéadfadh ORC agus Eitic agus clár an phátrúin a chéile a chomhlánú. Ba í a cheist a chuir rannpháirtí i bpléghrúpa amháin: 'Where does ORC and Ethics fit in along with the Patron's programme and SPHE?' (Rannpháirtí i bpléghrúpa).

Go deimhin, rinneadh plé go rialta i rith an chomhairliúcháin ar an ngá a bhí ann soiléiriú a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir ORC agus Eitic agus clár an phátrúin i scoileanna sainchreidmheacha. Ina n-aighneacht i scríbhinn, thug Educate Together aghaidh ar an mbaint a bhí ag na moltaí le curaclam Learn Together.

Educate Together would favour the development of ORC and Ethics as a discrete curriculum. In doing so, we recognise that there will inevitably be an overlap with

⁵ Tagraíonn clár an phátrúin don chlár nó don churaclam a fhorbraíonn pátrún mar bhonn le héiteas na scoile agus chun é a chothú. Aithníonn an tAcht Oideachais (1998) ceart dlíthiúil na bpátrún i leith a gcláir a dhearadh, a mhaoirseacht, a chur i bhfeidhm agus a theagasc. I gcás fhormhór na bpátrún, tugann a gcláir aghaidh ar réimse an oideachais reiligiúnaigh. Tá scoileanna i dteideal de réir dlí sciar réasúnach d'am an lae a chaitheamh ag teagasc na gclár sin.

⁶ Is féidir teacht ar an tuairisc seo *An Overview of Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics Content in Patrons' Programmes* ar www.ncca.ie/consultation/erbe

the Learn Together curriculum, which we feel can easily be negotiated. (Educate Together, aighneacht i scríbhinn)

B'ionann an freagra agus aiseolas ó mhúinteoirí i Scoileanna Náisiúnta Pobail, a thug cosúlachtaí faoi deara idir an curaclam agus an clár Goodness Me, Goodness You! Luann an Foras Pátrúnachta, a bhainistíonn meascán de scoileanna sainchreidmheacha, idirchreidmheacha agus il-sainchreidmheacha, go bhfuil an clár a úsáideach ina scoileanna il-sainchreidmheacha oiriúnach do churaclam náisiúnta. Tá sé sin ag teacht le fionnachtana i spléachadh an CNCM ar ábhar ORC agus Eitice i gclár phátrúin a thugann le fios go bhféadfadh cuir chuige il-sainchreidmheacha, cé go mbaineann éagsúlacht mhór leo, a bheith níos oiriúnaí do churaclam stáit san ORC agus Eitic. Cé go mbíonn éagsúlachtaí sa chaoi a dtugann scoileanna Educate Together, Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Gaelscoileanna Il-sainchreidmheacha faoi reiligiúin, chreidimh agus eitic a mhúineadh agus a fhoghlaim; toisc nach ndéantar iad a mhúineadh ó dhearcadh creidmheach de cinntítear go mbíonn an teagasc oiriúnach do leanaí a bhaineann le gach dearcadh creideamh agus reiligiúnach.

Measadh, áfach, go raibh an ghaolmhaireacht idir na moltaí agus clár phátrúin na scoileanna sainchreidmheacha níos dúshlánaí.

The relationship between confessional RE and the ORC and Ethics programme needs to be explored-will teachers be expected to shift from teaching that one particular religion is 'truth' during one part of the day, and then move to an objective stance later in the same day, whereby children are taught that many beliefs systems and worldviews are possible? (Léachtóir Sinsearach le hOideachas, Institiúid Oideachais Marino, aighneacht i scríbhinn)

Léiríonn an ráiteas thuas rud a bhí le sonrú i rith an chomhairliúcháin, a cheistigh bainistiú, ar leibhéal scoile, aidhmeanna beartaithe ORC agus Eitice i bhfianaise riachtanais clár na bpátrún i scoileanna sainchreidmheacha. Cheistigh rannpháirtithe áirithe arbh fhéidir clár an phátrúin a theagasc trí lionsa an chreidimh agus ansin ORC agus Eitic a theagasc ar bhealach a bheadh oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch (ODIHR, 2007, lch 68) mar a chuirtear i láthair sa chomhairliúchán é. Tarraingíodh aird ar an tsaincheist sin, freisin, i dtuarascáil an CNCM ar an bhforléargas ar chlár na bpátrún. Mar shampla, luadh go gclúdódh Curaclam nua Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh agus an clár nuafhorbartha Grow in Love go leor d'inneachar na moltaí, agus dá bhrí sin ceistíodh an gá bhí le curaclam nua. Teipeann ar fhreagraí den chineál sin, áfach, míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcuirfí foghlaim chuí sa réimse sin ar fáil do gach leanbh, ina measc na leanaí sin a bhfuil creidimh dhifriúla acu le creideamh na scoile agus a roghnaíonn gan páirt a ghlacadh i gclár chreideamhbhunaithe agus ar an gcaoi a ndéanfaí cúram do chásanna dá leithéid. Is léir ó na comhairliúcháin gur bhraith pátrúin scoileanna sainchreidmheacha go raibh teannas ann idir teagasc chlár an phátrúin agus ORC agus Eitic a thabhairt isteach.

Léirigh an múinteoir um theagmháil baile agus scoile na teannais sin, ar bhealach praiticiúil, i gceann de na scoileanna sainchreidmheacha cás-staidéir nuair a tuairiscíodh go raibh imní mhór ar thuismitheoirí áirithe, go háirithe thuismitheoirí de bhunadh an Lucht Siúil, faoina leithéid sin de churaclam. I gcás na dtuismitheoirí sin, bhí imní ann faoi mhúineadh faoi reiligiúin eile, agus eagla go ndéanfaí an foirmiú creidimh a mhaolú dá bharr. Bhí éiteas agus féiniúlacht na scoile mar aon le cleachtais agus teagasc fhoirmiú an chreidimh an-tábhachtach do na thuismitheoirí sin.

...I believe that when we set out to start our family my husband and I promised to bring them up and teach them about our catholic faith and I think that at such a young age it would be confusing for them. (Tuismitheoir, aighneacht i scríbhinn)

Ní mór a lua, freisin, gur luadh imní shuntasach i rith an chomhairliúcháin go slogfaí ORC agus Eitic isteach i gcláir na bpátrún sainchreidmheach nó go ndéanfaí é a mhúineadh trí lionsa creidimh, agus ar an gcaoi sin an bonn a bhaint d'aidhmeanna an churaclaim. Mar sin féin, ba léir sa chomhairliúchán an deis a bhainfeadh le ORC agus Eitic freastal ar chearta daonna gach linbh, dá ndéanfaí é a fhorbairt ar bhealach cuí.

It offers schools like my own an opportunity to be more inclusive of children whose families do not conform to the single faith ethos of the school and in so doing that ethos will become more welcoming and embracing. (Oideoir, ceistneoir)

Is léir go gcaithfear iniúchadh breise a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir forbairt ORC agus Eitice agus éiteas na scoile agus tabharfar aghaidh air sa mhír ar threoracha do ORC agus Eitic.

Scileanna agus meonta

Téama amháin a tháinig chun cinn go mór sa chomhairliúchán ba ea mian na rannpháirtithe go gcuirfeadh ORC agus Eitic le foghlaim a chothódh scileanna agus meonta a chuirfeadh ar chumas leanaí páirt dhearfach a ghlacadh sa domhan ina maireann siad. Cé gur aithníodh go raibh eolas inneachair faoi leith tábhachtach, ba léir go raibh béim níos mó ar fhorbairt scileanna agus meonta. Ba mhinic a rinneadh nasc idir é sin agus foghlaim shóisialta agus mhothúcháinach agus béim á leagan ar chaidrimh dhearfacha a chothú.

Mheas go leor daoine go raibh ORC agus Eitic tábhachtach de bhrí go léiríonn sé réadúlachtaí an domhain ina maireann leanaí. Ba léir é sin in Darmody agus Smyth (2016, lch 16-30) a thuairisc tacaíocht fhorleathan d'aidhmeanna ginearálta ORC agus Eitic i measc an lucht leasa uile.

Leagadh béim ar eispéireas leanaí ar éagsúlacht an domhain a bheith ina réasúnaíocht láidir leis na moltaí agus le forbairt na scileanna agus na meonta a bheadh de dhíth chun rathúlachta. Luaigh thuismitheoir i scoil Chaitliceach go gcasfaí daoí ó gach gné den saol ar leanaí agus iad ag caitheamh

an tsaoil agus, dá bhrí sin, go raibh gá leis an gcineál foghlama a mholtar in ORC agus Eitic. Mheas roinnt daoine gur léiriú ar réadúlacht an tsaoil i measc leanaí an lae inniu a bhí ann:

...These are so fundamental to growing up and being in the world. If this change means more self awareness, interpersonal awareness a sense of responsibility to make the world a better place for oneself and others then I am 100% in favour and think this will contribute strongly to lessen bullying and self esteem issues. (Ball an phobail i gcoitinne, ceistneoir)

Tagann ceisteanna a bhaineann le hilchineálacht reiligiúnach aníos go horgánach i ngach scoil, idir scoileanna sainchreidmheacha agus scoileanna il-sainchreidmheacha. Thuairisc múinteoir amháin sna cás-staidéir scoile go dtugann leanaí i rang a haon agus a dó the differences in the class, different skin colour, different religions, whatever... faoi deara (Múinteoir, Scoil Chaitliceach). Tháinig an deis maidir le freagairt go dearfach don éagsúlacht chun cinn sna freagraí ar na ceistneoirí.

ORC & Ethics should provide a framework through which young people acquire the skills & tools to engage and connect with our pluralist society guided by strong morals, a personal sense of justice and fair play to inform empathetic and effective decision-making. (Oideoir, ceistneoir)

Leag tuismitheoir amháin béim ar ullmhúchán do na sacraimintí i rith na gcás-staidéar scoile mar thráth a dtosaítear ag caint ar chleachtais dhifriúla agus ar thraidisiúin chreidimh sa bhaile, go háirithe i measc leanaí nach nglacann páirt sa tsacraimint. Luadh go dtugann eispéiris den chineál sin deiseanna chun plé a dhéanamh de réir mar a thagann siad aníos sa seomra ranga, rud a dhéanann go leor múinteoirí cheana féin. Is cosúil go bhfuil plé den chineál sin tábhachtach go mbraitheann gach leanbh muintearas agus uilechuimsitheacht i bpobal na scoile. Mura ndéanfaí a leithéid, bheadh an baol ann go mbraithfeadh leanaí nach nglacann páirt sa chlár foirmithe creidimh imeallaithe. Luaigh tuismitheoirí i gceann amháin de na scoileanna il-sainchreidmheacha cás-staidéir gur fhreastail a gcuid leanaí ar scoileanna sainchreidmheacha roimhe sin, agus gur bhraith siad an-imeallaithe. Dá bhrí sin, bhog tuismitheoirí na leanaí chuig timpeallacht il-sainchreidmheach. Mar sin féin, ní hé eispéireas an imeallúcháin eispéireas uilíoch na leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna sainchreidmheacha agus nach baill de chreideamh na scoile iad, ná baol air. Is cosúil go mbraitheann sé go mór ar chineál na gcleachtas agus an phlé a dhéantar i scoileanna, rud a leagtar béim níos mó air sa téama thíos i dtaca le cleachtais uilechuimsitheacha scoile.

Ní ar eispéireas díreach an linbh amháin a leagadh an bhéim i rith an chomhairliúcháin, ach ar an gcaidreamh a bhíonn acu leis an saol lasmuigh dá p(h)obal féin. Luaigh daoine áirithe an t-eolas a bheadh ag leanaí ar thubaistí a tharla go hidirnáisiúnta le déanaí, go háirithe tubaistí a bhain le hantoisceachas reiligiúin, agus gur léirigh a leithéid an gá atá le plé a dhéanamh ar reiligiúin agus ar chreidimh. Mura gcruthófaí spás chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna agus ar na topaicí

sin de réir mar a thagann siad aníos, bheadh an baol ann nach rachfaí i ngleic le hinsintí simplíocha dubh agus bán an scéil. Labhair múinteoirí sna scoileanna cás-staidéir ar an gcaoi ar chothaigh ionsaithe sceimhlitheoireachta le déanaí go leor plé sa seomra ranga. Bhraith múinteoir, i scoil Chaitliceach, go raibh air dul i ngleic leis an gceist 'head-on'. D'ardaigh na daltaí féin an topaic agus go leor daltaí ag cur dearcthaí sensationalist, agus uaireanta racist, i láthair. Mheas an múinteoir, dá ndéanfaí éascaíocht do phlé dá leithéid sin sa seomra ranga, go bhféadfadh an leanbh féachaint ar an gcaoi a bhféadfaí reiligiún a úsáid mar leithscéal chun gnímh ghránna a chosaint, agus ar an gcaoi sin dul i ngleic le claondearcadh a bhainfeadh le reiligiún faoi leith. Cé go samhlofaí go mbeadh plé den chineál sin dúshlánach nó róchasta do leanaí bunscoile, léiríonn siad an méid a fheiceann siad nó a chloiseann siad sa saol níos leithne. Luaigh grúpa amháin leanaí sa chomhairliúchán an fonn a bhí orthu plé den chineál sin a dhéanamh agus iad ag rá gur mhian leo a thuilleadh a fhoghlaim trí talk[ing] about it more often in groups.

Agus aghaidh á tabhairt ar mhíthuiscintí ar loslamachas, luaigh tuismitheoir amháin uileláithreach na meán cumarsáide: Everyone is listening (to the) radio, internet...that is the problem (Tuismitheoir, scoil Chaitliceach). Luaigh múinteoir i Scoil Náisiúnta Phobail an chaoi a gcuirtear reiligiún i láthair sna meáin chumarsáide, go háirithe an t-íoslamachas, mar rud a bhféadfadh claontacht a chothú. 'Too much in the media is too extreme' (Múinteoir, Scoil Náisiúnta Phobail). Is cosúil go dtiocfaidh ceisteanna dúshlánacha faoi reiligiún chun cinn i saol leanaí cibé an dtugtar aghaidh orthu go foirmiúil ar scoil nó nach dtugtar. I gcás freagróir áirithe, measadh go gcuirfeadh ORC agus Eitic spás ar fáil chun dul i ngleic le claondearcthaí sula mbunófaí iad.

Tháinig cothú na scileanna agus na meonta a bhíonn de dhíth ar leanaí agus iad ag seoladh trí chastachtaí shaol na linne seo chun cinn go mór i rith an chomhairliúcháin. Tháinig an tábhacht a bhaineann le hionbhá, inghlacthacht agus meas a fhorbairt agus a chothú aníos arís agus arís eile sna freagraí. Luaigh rannpháirtithe i ngach scoil cás-staidéir gur chuid lárnach dá gcuid oibre is ea timpeallachtaí a chruthú ina mbíonn meas ar chách. Bhain go leor de na huailmhianta, a bhaineann le meonta agus scileanna caidrimh a fhorbairt i leanaí, do ORC agus Eitic le foghlaim shóisialta agus mhothúcháinach leanaí a chothú.

Leag scoileanna de gach cineál béim ar an tábhacht a leagann siad ar mheas ar chás a chothú ina dtimpeallachtaí féin. Leag na príomhoideí sna scoileanna cás-staidéir béim ar ról lárnach an mheasa i gcultúr phobal na scoile. Thuairiscigh an príomhoide i nGaelscoil il-sainchreidmheach amháin, (Tá meas ag chuile dhuine ar a chéile...meas an focal is mó atá ann. (Príomhoide, Gaelscoil il-sainchreidmheach).

Luaigh príomhoide i scoil Chaitliceach an meon céanna nuair a dúirt sé go raibh meas sa scoil ar every level. Bhí sé sin le maíomh ar fud an chomhairliúcháin agus luaigh príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí arís agus arís eile é. Measadh gurb é meas bunchloch gach caidrimh dhearfaigh agus dhearbhúcháin i spás na scoile, go háirithe i dtaca le reiligiúin, creidimh agus forbairt eitice. Moladh an fhéidearthacht a bhainfeadh le ORC agus Eitic cur leis an timpeallacht mheasúil sin.

We believe that the proposed curriculum will foster in children (and teachers alike) a respectful acceptance of the right to hold particular beliefs, attitudes and worldviews. (Léachtóirí le hOideachas Eitice agus Idirchultúir, Coláiste Phádraig, aighneacht i scríbhinn)


Go deimhin féin, luaigh go leor de na leanáí a ghlac páirt sa chomhairliúchán an bhéim sin ar mheas. Ba théarma é a tháinig chun cinn arís agus arís eile ina bhfreagraí. Luaigh grúpa amháin go raibh reiligiúin agus creidimh important to us because almost everybody has belief and need to be respected.

Moladh forbairt na hionbhá ar fud an chomhairliúcháin mar bhunchloch do rannpháirtíocht dhearfach. Luadh an tábhacht a bhaineann le forbairt na hionbhá sna formáidí go léir.

Although empathy may be touched on in SPHE, I feel it is not in the context of imaging someone else's cultural experience and fostering empathy and understanding of difference. Critical thinking certainly needs to be planned for more intentionally. (Oideoir, ceistneoir)

Rinneadh nasc idir forbairt na hionbhá agus an inghlacthacht, an chaoifhulaingt, an oscailteacht agus caidrimh a fhorbairt. Leag an ráiteas thuas béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, téama a tháinig chun cinn go mór, mar aon leis an gceistiú, sna ceistneoirí ar líne. Sna ceistneoirí, iarradh ar fhreagróirí na scileanna agus na meonta ba thábhachtaí dar leo ó thaobh fhorbairt leanáí de. Tá na torthaí sa ghraf thíos.

Fíor 4: Dearcáí lucht leasa ar scileanna agus meonta cuí don churaclam beartaithe



Ba léir i rith an chomhairliúcháin gur bhain go leor de na scileanna agus de na meonta ba choitianta a mhol rannpháirtithe le caidrimh dhearfacha a chothú agus le réimsí na foghlama sóisialta agus mothúchánaí. Mar a luann Smyth baineann caidrimh agus rannpháirtíocht sa scoil go mór le féin-íomhá leanaí (2015, Ich 35). Faoi mar a fheictear i bhFíor 4 thuas, luaigh tuismitheoirí agus baill an phobail i gcoitinne tábhacht an cheistiúcháin agus forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla. Le linn na gcuairteanna ar scoileanna, leagadh béim nach beag ar an bhfoghlaim shóisialta agus mhothúcháinach mar bhunchloch le folláine agus le rath leanaí ar scoil. Go deimhin, luaigh rannpháirtithe ar fud fhormáidí an chomhairliúcháin arís agus arís eile go bhfuil sé de chumas ag curaclam um ORC agus Eitic ról suntasach a bheith aige i bhforbairt na scileanna agus na meonta a bheadh de dhíth ar leanaí chun an saol a chaitheamh i ndomhan éagsúil síor-athraitheach.

Ailíniú le curaclam na bunscoile

Ba léir ón gcomhairliúchán gur bhraith rannpháirtithe go raibh naisc fhollasacha ag ORC agus Eitic le gnéithe de churaclam reatha na bunscoile, mar aon le *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí. Ar chuid de na naisc sin tá:

- Dlúthnasc idir Eitic agus an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE)
- Dlúthnasc idir ORC agus gnéithe den Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE)

- Dlúthnasc idir ORC agus Eitic agus an téama Féiniúlacht agus muintearas in Aistear
- Nasc idir ORC agus Eitic agus cláir na bpátrún.
- Nasc idir ORC agus Eitic agus oideachas reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí.

I gcás daoine áirithe, thug forbairt ORC agus Eitice deis curaclam reatha an SPHE a leathnú agus a shíneadh. Luaigh múinteoir amháin i scoil Educate Together, 'SPHE is very dated and overloaded! It would be great if this provided an opportunity to look at it again and make it more visible and promote it more.'

Luadh SPHE a bheith ina réimse suntasach agus forásach foghlama, go háirithe i dtaca le forbairt mhothúcháinach agus shóisialta leanaí, rud nach dtugtar a dhóthain ama ná spáis dó sa churaclam. Mhol rannpháirtí amháin i bpléghrúpa gur chóir gné na hEitice a thabhairt isteach in SPHE, tuairim a tháinig chun cinn sách mór san aiseolas: 'Ireland has changed...SPHE programme needs to change but I do see it as part of SPHE' (Leas-Phríomhoide, scoil Chaitliceach).

Níor léir do rannpháirtithe chomh mór céanna an nasc idir gné an ORC agus réimsí eile den churaclam reatha, agus luadh SESE anois is arís: 'Diversity and other cultures comes into SESE' (Príomhoide, scoil Eaglais na hÉireann).

I rith an chomhairliúcháin, luadh an fhéidearthacht a bheadh ann gnéithe de ORC agus Eitic a thabhairt isteach in ábhair reatha. Seans go léiríonn freagraí den chineál sin, a bheag nó a mhór, imní a bheith ar fhreagróirí agus ar rannpháirtithe, go háirithe múinteoirí agus príomhoidí, a bheith ag cur le ró-ualach curaclaim. Luadh fainic i rith an chomhairliúcháin, freisin, mura ndéanfaí ORC agus Eitic a thabhairt chun tosaigh mar réimse ar leith curaclaim go mbeadh an baol ann nach múinfí go follasach é ach go slogfaí isteach i réimsí eile an churaclaim é gan athrú dáiríre sa teagasc ná san fhoghlaim.

I personally would caution against seeing ORC/Ethics as 'integrated' or 'cross curricular' content. If ORC/Ethics is developed as a curriculum there is far less chance it will be sidelined in the longer term in Irish school. (Léachtóirí le Fealsúnacht an Oideachais, Coláiste Phádraig, aighneacht i scríbhinn)

Cé nár tagraíodh go follasach do Aistear i rith an chomhairliúcháin, bhí naisc leis an téama Féiniúlacht agus muintearas le feiceáil i gcuid den aiseolas i rith an chomhairliúcháin. Mhol daoine áirithe go bhféadfadh ORC agus Eitic cur le féiniúlacht uilechuimsitheach a fhorbairt agus le braistint chomhuintearais a chothú.

'I would hope that it would provide a framework through which they can understand religious belief. At present they experience it as an exclusive identity, them and us. A lack of understanding and inclusion in second class has certainly

left my eldest child with an unwillingness to tolerate or understand any religious belief.' (Tuismitheoir, ceistneoir)

Leag 7 gcás-staidéar scoile béim ar an obair a dhéanann scoileanna d'fhonn a chinntiú go mbraitheann gach leanbh comhuintearas i bpobal na scoile. Tharraing siad aird freisin ar a mheáite a bhí gach scoil ar thacú le féiniúlacht gach linbh. Tharraing go leor aighneachtaí ó scoileanna, ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí aird air sin. Mar sin féin, mar is léir ón ráiteas sin thuas, luaigh tuismitheoirí áirithe nárbh é sin eispéireas na leanaí i gcónaí.

Rinne tacar suntasach aiseolais naisc le cláir reatha phátrúin. Mar shampla, measadh go raibh naisc fhollasacha idir an clár Grow in Love a cuireadh le chéile do scoileanna Caitliceacha le déanaí agus ORC.

We would like to further clarify that education about other religions and beliefs is compatible with the ethos of a Catholic school. Education that helps to encourage respect, understanding and mutual tolerance is reflective of Catholic values and contributes, in part, to making the ethos a living reality. This is reflected in the new Catholic Pre-School & Primary Religious Education Curriculum⁷ for Ireland (herein referred to as the new curriculum) which makes provision for inter-religious literacy. (Oifig Oideachais Naomh Seanán, Rúnaíocht Oideachais i mBunscoil Chaitliceach in Ard-Deoise Chaisil agus Imligh agus i nDeoisí Chiarraí, Chill Dá Lua agus Luimnigh, aighneacht i scríbhinn)

Luaigh go leor daoine ó chúla il-sainchreidmheach cosúlachtaí idir an clár Learn Together i scoileanna Educate Together agus an clár Goodness Me, Goodness You! i Scoileanna Náisiúnta Pobail.

The proposal to maintain the patron's or faith education programme alongside the ORCE curriculum is endorsed. However, given that GMGY already incorporates many of the approaches and much of the content of ORCE in its programme care needs to be taken to ensure that unnecessary overlap or repetition is imposed on children who are following the GMGY and ORCE. (Scoileanna Náisiúnta Pobail, aighneacht i scríbhinn)

Beag beann ar na réimsí lena raibh nasc ag ORC agus Eitic, ba théama coiteann i bhformáidí uile an chomhairliúcháin a fonn a bhí ann do chomhtháthú nó do choimirciú i réimsí reatha an churaclaim. Mhol freagróirí ó dhearcadh sainchreidmheach gurbh fhearr de chur chuige iad treoirlíne íosta, a bheadh ar aon dul leis na treoirlínte um *Oideachas Idirchultúir i mBunscoileanna* (2005), rud a thabharfadh deis do scoileanna aon nuáil a chur in oiriúint dá gcúinsí féin. In go leor freagraí, faoi mar a léiríonn an sliocht thuas, luadh fainic i dtaobh athrá nó trasnaíl gan ghá le soláthar reatha curaclaim, rud ar leagadh béim air i dTuarascáil an ESRI, freisin:

⁷ Is ar an gcáipéis sin atá an clár nua Grow in Love do scoileanna Caitliceacha bunaithe.

Again, many of the above aims are presently being achieved in SPHE programmes. World beliefs are included in the Church of Ireland Religious Education Programme. Respect is at the heart of every school. (Oideoir, ceistneoir) (Darmody & Smyth, 2016, lch 51).

Dar le go leor daoine, n'ór mhór nasc a dhéanamh le curaclam na hiar-bhunscoile, d'fhonn leanúnachas a chinntiú. Dar le daoine eile, n'ór mhór ORC agus Eitic a fhorbairt ar bhealach a chinnteodh there can't be too much overlap there [le curaclam na Sraithe Sóisearaí] ... (Leas-phríomhoide, scoil Chaitliceach). Mheas mionlach sa chomhairliúchán gurbh fhearr an soláthar a d'fhéadfaí a dhéanamh don fhoghlaim a bhaineann le reiligiúin agus le creidimh i gcuraclam na Sraithe Sóisearaí seachas i mbunscoileanna.

Tháinig díol imní tábhachtach chun cinn i rith an chomhairliúcháin i dtaca le teideal an churaclaim bheartaithe. Cuireadh an imní sin in iúl go láidir sna cuairteanna ar scoileanna agus sa phlé le grúpaí múinteoirí. Luadh gur bhain *Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic* le tuiscint acadúil aosach-lárnach ar an gcineál foghlama a mholtar sa curaclam seachas le cur chuige páistelárnach a chothú. Luadh imní go háirithe faoi úsáid an fhocail 'faoi' sa teideal. Is cosúil go dtagraíonn an focal d'eispéiris foghlama nach mbaineann le heispéiris leanaí i mbunscoil. Is cosúil go bhfuil cur chuige den chineál sin ag teacht salach ar thuiscint thurgnamhach ar bhonn fiosraithe i leith an teagaisc agus na foghlama i mbunscoileanna. Ina theannta sin, cheistigh roinnt aighneachtaí i scríbhinn an raibh ORC agus Eitic ag brú tuiscint an duine fhásta ar an saol anuas ar shaol leanaí. Leoga, is cosúil go bhfuil na cuir chuige i leith na foghlama a leagtar amach sna moltaí do curaclam um ORC agus Eitic ag teacht salach ar an gcur chuige a shamhlaítear leis an teideal reatha.

Cleachtais uilechuimsitheacha i scoileanna

Mar a luadh roimhe seo, d'áitigh gach ceann de na scoileanna cás-staidéir agus formhór na gceannairí scoile agus na múinteoirí a ghlac páirt sa tuarascáil ar an gcomhairliúchán go mbíonn siad meáite ar thimpeallachtaí uilechuimsitheacha a chruthú ina gcothaítear gach leanbh. Is féidir na cleachtais is bonn leis an timpeallacht uilechuimsitheach sin a rangú ina dtrí chatagóir:

- foghlaim ó thaithí
- dea-chaidrimh a chothú

- foghlaim neamhfhoirmiúil⁸.

Dhírigh gné shuntasach den chomhairliúchán ar an mbéim a leagann scoileanna cheana féin ar bhraistint chomhuintearais a chothú i measc leanaí mar aon le tacú leis an bhféiniúlacht. Chuir freagróirí, go háirithe i rith rannpháirtíochta leis na scoileanna cás-staidéir, samplaí ar fáil den chineál foghlama agus gníomhaíochtaí a tharla a thacaigh le timpeallachtaí dearfacha. Ar chuid de na samplaí tá:

- féilte mór-reiligiúin a cheiliúradh
- seachtainí idirchultúir
- cuairteanna scoile chuig ionaid reiligiúin
- cuairteanna baill de phobail dhifriúla ar an rang
- comhthionóil
- caidrimh dhearfacha a chothú le tuismitheoirí
- tionscadail ranga
- foghlaim neamhfhoirmiúil
- iarrachtaí a dhéanamh Bratach Bhuí a fháil⁹.

Ba léir sa rannpháirtíocht le scoileanna cás-staidéir gur bhain éagsúlacht mhór leis an gcleachtas sin ar fud na scoileanna. Leag na scoileanna il-sainchreidmheacha a ghlac páirt sa staidéar béim ar ghníomhaíochtaí taithí cuir i gcás cuairteanna ar láithreacha reiligiúin agus ceannairí suntasacha reiligiúin ón bpobal a thugann cuairt ar scoileanna, mar aon le ceachtanna foirmiúla ar reiligiúin agus ar chreidimh a theagasc. Dar le tuismitheoir amháin i scoil Educate Together chothaigh an cur chuige a general openness to everyone else in the world, agus bhain sé leas as an bhfiosracht is dual do leanaí. Aithníodh go bhféadfadh foghlaim ó thaithí freastal ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí óga agus cuidiú le tuiscint níos fearr a bheith acu.

It can be hard for children to learn about the peoples and the buildings in a discursive way...children need to experience it and encounter it to understand it.

⁸ Tagraíonn foghlaim neamhfhoirmiúil do na cineálacha foghlama a tharlaíonn go teagmhasach i scoileanna. Ní cuid den churaclam foirmiúil é, ach tagann sé chun chinn mar fhreagra ar riachtanais foghlama na leanaí de réir mar is gá.

⁹ Is scéim ghradaim é Clár na Brataí Bhuí a thugann aitheantas don obair a dhéanann scoileanna chun an uilechuimsitheacht agus an éagsúlacht a chothú.

Youtube videos are ok but they are more for older children. Younger children need the experiential element. (Príomhoide, scoil Educate Together)

Shonraigh scoil il-sainchreidmheach amháin i dtaighde an chás-staidéir deis maidir le nasc a dhéanamh leis an saol lasmuigh ach cuireadh a thabhairt do bhaill an phobail áitiúil teacht chun na scoile agus labhairt faoina reiligiúin agus faoina gcreidimh. Mhol an scoil an cineál sin rannpháirtíochta agus caidrimh mar chur chuige cuí don saghas seo foghlama. Leagann an cleachtas seo béim ar chuir chuige ó thaithí agus ar bhonn fiosraithe i leith na foghlama, cuir chuige atá le fáil sa mholadh um churaclam faoi ORC agus Eitic.

Fuair na cás-staidéir amach go mbíonn scoileanna i ngach comhthéacs i mbun go leor cleachtas a chothaíonn timpeallachtaí uilechuimsitheacha agus a oireann do na moltaí um ORC agus Eitic. Sampla amháin a tugadh ba ea scoil Chaitliceach a bhain úsáid as tionscadail i ranganna sinsearacha bunscoile chun cuidiú le leanaí a thuilleadh a fhoghlaim faoi chúlraí éagsúla. Tugadh deis do leanaí labhairt faoi na tionscadail agus cuireadh ar taispeántas sa seomra ranga iad. Thuairisc tuismitheoir sa scoil, a raibh creideamh eile aici seachas éiteas na scoile, go raibh ríméad ar a leanbh an deis a bheith aici gné thábhachtach dá saol a chur i láthair an ranga.

I scoil shainchreidmheach eile, tugtar uchtach do leanaí Moslamacha a mataí urnaí a thabhairt leo chun na scoile más áil leo. Tugann sé sin deis do leanaí a gcleachtas reiligiúin a chur in iúl dá gcomhdhaltaí. Léiríonn na samplaí sin na tionscnaimh a rinne scoileanna chun freastal ar riachtanais oideachais agus phearsanta na leanaí in éagmais soláthair fhoirmiúil churaclaim: 'We are now considering whether a prayer time for older Muslim pupils can be accommodated' (Múinteoir, scoil Chaitliceach).

Leag an CPSMA béim ar na cleachtais sin san aighneacht a rinne siad, aighneacht a shonraigh an iarracht a dhéanann scoileanna Caitliceacha chun timpeallachtaí uilechuimsitheacha a chothú:

[I]nter-cultural notice boards, the marking of major religious festivals of other faiths and in the level of respect and support that our teachers, staff and management strive to cultivate in our pupils for those of the same faith, other faiths and no faiths alike. (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, aighneachtaí i scríbhinn)

Leoga, rud a tháinig chun cinn go mór sna haighneachtaí ba ea an t-áitiú go gcuireann scoileanna Caitliceacha timpeallachtaí uilechuimsitheacha ar fáil cheana féin do phobal éagsúla daltaí agus luadh go gcruthaíonn an clár Grow in Love spás don fhoghlaim idirchultúir agus idir-reiligiúin. Ar an gcaoi chéanna, d'athluaigh aighneacht i scríbhinn a rinne Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann a uilechuimsithí agus a éagsúlaí atá na scoileanna atá faoina choimirce. Rinne sé comhairliúchán le múinteoirí i scoileanna Eaglais na hÉireann. Luaigh siad:

... Church of Ireland schools have always been very inclusive in outlook and that they have traditionally had children of other faiths and none in their classrooms. Respect for those of other beliefs and none is part of most schools' ethos statements and is a key aim of the Follow Me programme. Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann, aighneacht i scríbhinn)

Luaigh leanáí áirithe a ghlac páirt sa chomhrá an bhéim sin ar an uilechuimsitheacht. Luaigh grúpa leanáí amháin we include everybody, different skin tones or different beliefs. We respect them in every way possible'.

I rith na gcuartheanna ar na scoileanna cás-staidéir aithníodh freisin go raibh dialóg le tuismitheoirí rithábhachtach chun déileáil le réimsí a mbaineann tábhacht mhór leo i saol daoine.

We have non-Christian children taking part in Nativity plays and other Christian events, we make arrangements with parents and make sure it happens in a respectful way. (Múinteoir, scoil Chaitliceach)

Ar fud na gcineálacha uile scoile, measadh go raibh cothú dea-chaidreamh i bpobal na scoile rithábhachtach chun na cineálacha sin cleachtais uilechuimsithigh a chur ar fáil. Luaigh an príomhoide i scoil Eaglais na hÉireann an tábhacht a bhain le dea-chaidreamh na scoile le pobal an pharóiste. Thug sé sin deis don scoil timpeallacht dhearfach foghlama a chothú do gach leanbh, áit a mbraitheann siad slán agus braistint chomhuintearais.

In schools like this, you are so aware of the background of the child. A lot of care is needed and relationships are key; from greeting the child in the morning; because many of our children may have had bad mornings. And we are always communicating between the class teacher and support teacher. (Múinteoir, scoil Chaitliceach)

Aithníodh i rith an chomhairliúcháin, freisin, go dtarlaíonn go leor den obair sin go neamhfhoirmiúil, lasmuigh den churaclam foirmiúil: 'Incidental learning ...through assemblies for example' (Rannpháirtí i ngrúpa plé). Luadh tionóil go minic i rith na gcás-staidéar mar thráth a nasctar le téamaí a bhaineann le ORC agus Eitic. Ina theannta sin, is féidir a áitiú go léiríonn an bhéim a leagtar ar an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil a mhéad a bhaineann ORC agus Eitic le meon, mar a luaigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán, go háirithe le linn cuairteanna ar scoileanna agus sna pléghrúpaí.

I gcás múinteora amháin i scoil Eaglais na hÉireann, ba mhinic a chothaigh míreanna nuachta ardán chun ceisteanna dúshlánacha a bhain le ORC agus Eitic a phlé. Luaigh an múinteoir gur mhinic a d'fhéach an rang aige ar nuacht do leanáí le chéile agus gur spreag sé sin plé ar cheisteanna topaicíúla. Chruthaigh sé sin deis chun ceisteanna a bhain le héagsúlacht, le cearta an duine agus le ceartas a phlé i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga.

Cé go raibh fianaise ann ar chleachtais scoile a bhain le réimsí foghlama a bhféadfadh curaclam faoi ORC agus Eitic aghaidh a thabhairt orthu, bhain éagsúlacht mhór leis na cleachtais sin. Laistigh de

scoil amháin, fiú, bhí cleachtais dhifriúla ann ó sheomra ranga go seomra ranga i leith na huilechuimsitheachta. I scoileanna áirithe bhain siad leas as am an phátrúin chun tabhairt faoi chleachtais den chineál sin, cé nach mbaineann na cleachtais sin go díreach le teagasc an chláir a chuir an pátrún le chéile. I gcás scoileanna eile, tharla cleachtais den chineál sin lasmuigh d'am an churaclaim agus luadh mar ghníomhaíochtaí seach-churaclaimiad iad, nach mór, a forbraíodh go háitiúil le blianta anuas.

Ról an mhúinteora

Ba léir i rith an chomhairliúcháin go rachadh forbairt ORC agus Eitice i bhfeidhm ar ról an mhúinteora. Tháinig trí fho-théama chun cinn ina leith sin:

- eolas riachtanach ar an ábhar
- na scileanna oideolaíochta a éilítear chun idirghabháil a dhéanamh sa churaclam
- dúshlán na múinteoirí sin a oibríonn i scoileanna sainchreidmheacha.

I rith an chomhairliúcháin tháinig ceisteanna i dtaca le hoiliúint múinteoirí agus inniúlacht maidir leis an ábhar ORC a theagasc, go háirithe, chun cinn. Luaigh múinteoirí áirithe go bhféadfadh go mbraithfeadh múinteoirí tearc-éifeachtach, ós rud é nach mbeadh an t-ábhar sin múinte acu roimhe seo. Luadh freisin go bhféadfadh nach mbeadh múinteoirí ar a gcompond le ORC agus Eitic a mhúineadh de bharr nach mbeadh buntuisctintí acu ar reiligiúin dhomhanda iad féin d'fhonn an t-ábhar a mhúineadh go cúí: 'Teachers could feel inadequate' (Rannpháirtí i ngrúpa plé).

Bhraith múinteoirí go mbeadh orthu tuiscint níos fearr a fháil ar reiligiúin agus ar chreidimh eile d'fhonn aidhmeanna an churaclaim bheartaithe a chomhlíonadh. Tháinig imní maidir le reiligiúin agus creidimh a chur i láthair go mícheart chun cinn freisin. Aithníodh, freisin, nach mbaineann an curaclam le heolas an mhúinteora amháin ach le heispéireas an linbh.

Teachers might not feel comfortable teaching without knowing everything about what others believe. But I think it has to be about the child and what they believe in, because religion is an experience not just about knowledge. (Múinteoir, scoil Chaitliceach)

Leagann an freagra thuas béim ar a uathúla atá ORC agus Eitic, rud atá fite fuaite i luachanna agus i gcleachtais daoine, rudaí a chuireann go mór leis an mbraistint féiniúlachta agus chomhuintearais a bhíonn acu. D'fhéadfadh go dtabharfadh íogaireacht an ábhair dúshlán múinteoirí agus iad ag iarraidh éascaíocht a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte. Luadh imní go gcruthódh leanaí atá 'so strong (in their beliefs)' cúinsí 'I'm right and you are wrong' agus go mbeadh sé deacair ar

mhúinteoirí éascaíocht a dhéanamh (Ball boird bhainistíochta, scoil Chaitliceach). Bhí múinteoirí éiginnte faoin gcaoi a ndéileálfai le comhrá íogair den chineál sin. D'éiligh múinteoirí áirithe soiléire i dtaobh an churaclaim, sa mhéid is gur chóir go mbeadh tuiscint shoiléir ag múinteoirí ar a mbeadh i gceist. Lorg múinteoir soiléire i dtaca leis an gcuma a bheadh air sa seomra ranga agus a mhéad de shaintreoracha a bheadh ag gabháil leis an gcuraclam. Léirigh sé sin, freisin, éiginnteacht i measc rannpháirtithe i dtaca lena raibh sna moltaí: 'How standardised would the programme be? Teachers need to be neutral' (Rannpháirtí i bpléghrúpa).

Aithníodh go n-éileadh múineadh ORC agus Eitice sainscileanna ó thaobh an mhúinteora de. Measadh gur bhain na scileanna sin go príomha le caidreamh an mhúinteora leis an rang: 'Most important, do they have a good relationship with the children? Do they have respect for the children?' (Príomhoide, scoil Educate Together)

Ba phríomhshnáithe sa chomhairliúchán trí chéile é a thábhachtaí atá dea-chaidrimh ar fud phobal na scoile chun aidhmeanna agus luachanna an churaclaim bheartaithe faoi ORC agus Eitic. D'admhaigh go leor múinteoirí go mbeidh orthu na claondearcthaí atá acu féin a thuiscint agus 'neodracht' a choinneáil. 'Teachers need to be neutral' (Rannpháirtí i bpléghrúpa).

Luadh go dtabharfadh coincheap na neodrachta, cé nár luadh in ábhar an chomhairliúcháin é, dúshlán múinteoirí. Aithníonn na moltaí nach bhfuil aon teagasc saor ó luachanna ach éilítear go ndéanfaí reiligiúin, creidimh agus eitic a theagasc go hoibiachtúil; mar sin féin ardaíodh an bhrí a bhainfeadh leis sin agus múinteoirí ag obair i scoileanna sainchreidmheacha.

Leagadh béim ar an ngá a bheadh le bheith cúramach leis an úsáid a bhainfí as an teanga agus reiligiúin á bplé. Luaigh príomhoide i Scoil Náisiúnta Phobail inmí i dtaobh teanga: 'When we started we were very nervous about how we were saying things... [we were] conscious of language' (Príomhoide, Scoil Náisiúnta Phobail). Luaigh sí freisin, áfach, gur mhaolaigh air sin le himeacht ama mar thoradh ar thaithí agus ar dhea-chaidreamh le tuismitheoirí. Mar sin féin, bhí an inmí sin le sonrú go coitianta sa chomhairliúchán.

Teachers' dialogue and vocabulary around religions and beliefs is so important. We have to be so careful in how we do this. I would feel very uncomfortable doing this now without CPD. (Múinteoir, scoil Chaitliceach)

Cuimsíonn an ráiteas thuas téama a tháinig aníos arís agus arís eile sna freagraí ó mhúinteoirí is é sin an gá a bheadh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), go háirithe i bhfianaise a íogaire atá an curaclam. Cheistigh múinteoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán a gcumas féin maidir le curaclam den chineál sin a chur i bhfeidhm gan tacaíocht shonrach. Is díol spéise é go ndearna Educate Together suirbhé chun tuairimí múinteoirí a fháil mar eolas dá n-aighneacht i dtaobh an chomhairliúcháin agus

go bhfuarthas amach nár thuairisc múinteoirí aon deacracht maidir leis an snáithe Córais Chreidimh den chlár Learn Together a theagasc mar gheall ar dearcaí pearsanta.

Some concern has been expressed about the role of the teacher in the delivery of this curriculum. In our experience teachers, as professionals, are capable of setting aside personal beliefs and convictions when exploring world religions. This has been borne out by the results of a survey of teachers in our sector in relation to the ORC and Ethics curriculum. (Educate Together, aighneacht i scríbhinn)

Mar sin féin, molann Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha go bhféadfadh go mbeadh ar mhúinteoirí a roghnaigh obair a dhéanamh i scoileanna sainchreidmheacha dúshláin shuntasacha múinteoirí a thabhairt.

For teachers, that have taken a job in a denominational school because of its Ethos it will be a direct attack on their reason for teaching in a denominational school. You cannot have a lived 'reality of faith' in December but in January it is suddenly up to the young pupils to 'co-learn' with their teachers as 'co-learners' and implicitly decide for themselves. (Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha, aighneacht i scríbhinn)

Cé go léiríonn an tuairim thuas teannas réalaióch a d'fhéadfadh teacht chun cinn i mbunscoileanna sainchreidmheacha, luaigh daoine eile sa chomhairliúchán go bhféadfaí an rud céanna a rá i dtaobh ábhair íogair ar bith a thiocfadh chun cinn i scoil shainchreidmheach, ábhar a thabharfadh dúshlán éiteas na scoile, cuir i gcás féiniúlacht agus caidrimh ghnéis. Cé gur luadh i gceistneoirí na múinteoirí an méid a luaigh Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha, ba dhearcadh mionlaigh a bhí ann sna freagraí sin. Tríd is tríd, cé is moite d'aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas ó eagraíochtaí aonair, níor dhearcadh é a tháinig chun cinn go mór i rith an chomhairliúcháin.

Aois-oiriúnacht ORC agus Eitice

Luaigh freagraí áirithe imní faoi aois-oiriúnacht na gcur chuige teagaisc agus foghlama a mholtar do ORC agus Eitic. Ina theannta sin, measadh go raibh ábhar an chúrsa ORC thar a bheith íogair do leanaí óga.

Bhí imní ar rannpháirtithe áirithe go ndéanfaí ábhar an churaclaim a fhorbairt ar bhealach a léireodh dearcachtaí daoine fásta seachas ar bhealach a d'oirfeadh go céim forbartha an linbh. Luaigh freagróir amháin an cheistneora an imní sin i dtaca leis na snáitheanna molta:

The above strands are all appropriate providing that they are covered in an appropriate way, with due regard for the developmental capabilities of young children and their right to have, in so far as is possible, a carefree childhood. We must be careful not to force children into an adult's world or overburden them with issues that are largely the concern of and of relevance to adults. We are dealing with 4-12 year olds, not young adults. (Oideoir, ceistneoir)

Tháinig an dearcadh sin chun cinn go háirithe sna ceistneoirí. Luadh, freisin, go bhféadfadh nach mbeadh an cineál foghlama a d'oirfeadh do leanaí i gcuid shinsearach na bunscoile oiriúnach do leanaí sa chuid shóisearach.

This proposal suggests that the teaching of ORCE commence at Infant Level. HOW can a child of 4/5 years of age engage in the critical analysis of another faith whilst learning of their own faith? (Múinteoir, aighneacht i scríbhinn)

Leagann an freagra thuas béim ar an ngá atá ann a chinntiú go mbeadh an cineál foghlama a shamhlaítear do chuid an ORC oiriúnach agus ábhartha do chéim forbartha an linbh. Léiríonn sé ceistiú a rinneadh freisin ar chóir gné an ORC a bheith ar siúl sna ranganna sóisearacha nó nár chóir. Ina theannta sin, luaigh aighneachtaí áirithe inní go bhféadfadh ORC mearbhall a chur ar leanaí óga, go háirithe iadsan atá san oideachas sainchreidmheach agus atá á gcothú i gcreideamh faoi leith. Bhí inní ar mhionlach beag a raibh dearcadh tuata acu nach raibh plé ar chreidimh agus ar reiligiúin oiriúnach do leanaí óga agus go gcuirfeadh sé mearbhall orthu. Mar sin féin, bhí a mhalairt de dhearcadh le sonrú go láthair sa chomhairliúchán.

Such a curriculum should be introduced in the junior end of primary education and continue throughout primary education in a spiral fashion. Research has shown that children of this age and stage are capable of engaging with global issues and issues of inequality and fairness. Thus, it is more logical to introduce such a subject before certain prejudices and stereotypes may have taken hold. (Global Schools: Primary Education for a Just World, aighneacht i scríbhinn)

Ba thuairim é go bhféadfadh an curaclam dearcthaí a chothú maidir le dul i ngleic le claontacht agus le steiréitíopáil a raibh tacaíocht mhór ann dóibh i bhformáidí uile an chomhairliúcháin.

In ainneoin na himní thuas, go háirithe i dtaca le gné an ORC, léirigh go leor de na leanaí a ghlac páirt sa chomhairliúchán spéis i bhfoghlaim faoi reiligiúin agus faoi chreidimh dhifriúla agus fiosracht fúthu. Is é a dúirt leanbh i scoil shainchreidmheach I would like to learn about all religions and beliefs so we know what others in the world are like.

Éilíonn uathúlacht ORC agus Eitice go ndéanfaí an curaclam a fhorbairt ag féachaint do na hábhair íogaire thuas, ar bhealach a spreagann rannpháirtíocht na ndaltaí agus a chumasaíonn iad ach a oireann dá gcéim forbartha ag an am céanna.

An chuma a bheadh ar an bhfoghlaim: dearcadh leanaí

Gné thábhachtach de chomhairliúchán an CNCM agus phróiseas forbartha an churaclaim is ea rannpháirtíocht leanaí i saincheistanna a bhaineann lena bhfoghlaim. De bhrí go bhfuil forbairt curaclaim faoi ORC agus Eitic ag treabhadh talamh nua i gcóras oideachais na bunscoile in Éirinn, is

stuama an rud é éisteacht le leanaí agus lena gcuid tuairimí faoin gcuma a bheadh ar an bhfoghlaim sna seomraí ranga. Ní hamháin go nglacann próiseas den chineál sin cearta leanaí go dtabharfaí cluas le héisteacht dóibh san áireamh, ach tugann sé aitheantas do lárnacht ghuth an linbh san oideachas páistelárnach.

I rith na gcuartheanna ar na scoileanna cás-staidéir, roinnt leanaí a dtuairimí ar an mbaint a bhí ag coincheapa ORC agus Eitice lena saol agus leis an gcineál foghlama ar mian leo a bheith páirteach ann i dtaca leis an ábhar áirithe seo. Forbraíodh ábhar spreagthach a bhaineann leis na luachanna is bonn leis na moltaí do churaclam faoi ORC agus Eitic agus é mar aidhm acu leas leanaí a chothú. Ach a ndearnadh gníomhaíocht ghaolmhar, bailíodh eolas de bhun plé leathstruchtúrtha le leanaí ó ranganna a 4, a 5 agus a 6. Spreagadh leanaí chun tuairimí agus coincheapa ó na moltaí a phlé i dtaca le ceisteanna féiniúlachta agus cearta, agus fiafraíodh dóibh cén chaoi ar mian leo a thuilleadh a fhoghlaim fúthu sin. Ach a ndearnadh plé i ngrúpaí, tharraing leanaí raon moltaí agus tuairimí aníos. Is féidir na moltaí agus na tuairimí a roinnt ina gcúig chatagóir a bheag nó a mhór.

Mhol go leor leanaí cuir chuige bunaithe ar chaint nó ar chomhrá, cuir i gcás plé nó díospóireacht. Den chuid is mó, bhí siad sin bunaithe ar chaidreamh lena chéile ina mbeadh leanaí ag foghlaim óna chéile:

- ‘Talk more about everyone’s experience to do with these subjects.’
- ‘A group discussion.’
- ‘Talk about it more often in groups.’
- ‘Through acting and debates.’

Mhol leanaí, freisin, foghlaim faoi thuairimí ORC agus Eitic le gníomhaíochtaí ar bhonn fiosraithe nó tionscadail.

- ‘Do projects on different places of worship in other religions.’
- ‘Read books on the subject.’
- ‘Maybe more projects or presentations.’
- ‘Research on other beliefs in their places of worship.’
- ‘Make a poster about other religions with facts.’
- ‘Make video clips of people talking about their religion.’

Moladh freisin go bhféadfaí é sin a dhéanamh le gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar ealaíona agus le fóraim chruthaitheacha.

- ‘Drama, music or art that includes the subject.’
- ‘Make a game.’
- ‘Make an app about religion so you can play and learn more.’

Leoga, luadh foghlaim le húsáid modhanna ICT go mionmhinic.

- ‘Watching videos about different religions and beliefs and learn about what people think by going to places and meeting new people.’
- ‘Using computers or Ipads to learn more about people who have fought for justice and learn about other people’s culture.’

Tháinig modhanna eispéireasacha foghlama chun cinn go mór san aiseolas ó go leor de na grúpaí leanaí.

- ‘Visit places of worship of other beliefs.’
- ‘Identity: By socialising with other people apart from your friends and family. By not beating around the bush and being direct with people...’
- ‘Belonging: There should be a student council and children could vote for the president, vice-president etc. All children will be allowed to vote as they are all part of our association.’
- ‘People with different religions could talk about what they do and how they practice their religion.’
- ‘Meeting religions leaders (sic).’
- ‘Experience an hour without respects, right(s), justice and see how you are after.’
- ‘...Go on trips out to places and visiting speakers could come...’
- ‘Belonging: Letting everyone get included not living (sic) them out playing with new kids letting them feel that they belong their (sic) and not feel bad.’

Mar is léir ó na ráitis sin thuas, luaigh leanaí go minic gur mhian leo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhí uilechuimsitheach. Bhí grúpa amháin, áfach, a chuimsigh go hachomair go leor den mhéid a bhí le rá ag leanaí.

- 'Keep the lessons fun.'

Gan amhras, léiríonn go leor de na tuairimí agus de na moltaí cleachtais a bhfuil cur amach ag leanaí orthu cheana féin agus a mbaineann siad taitneamh astu.

Thiomsaigh *Religious Education in Multicultural Societies* (REMC) (Smyth et al., 2013) eolas freisin ó leanaí bunscoile i dtaca lena bhféiniúlacht agus lena gcreidimh. Léiríonn an taighde sin cé go bhfuil nasc láidir idir tuairimí tuismitheoirí agus tuairimí a gcuid leanaí, go bhféadfadh difríocht a bheith idir tuairimí na leanaí agus tuairimí a dtuismitheoirí, agus i gcásanna go ndúirt siad go raibh na creidimh chéanna acu lena dtuismitheoirí, bhí cur chuige dá gcuid féin acu i leith an chreidimh. Léiríonn an staidéar, freisin, gur ghnách le leanaí taitneamh a bhaint as ranganna a dhírigh ar oideachas reiligiúin nó morálta, beag beann ar chineál na ranganna, de bhí gur thaitin an t-ábhar leo, go háirithe na 'scéalta' agus gur baineadh leas as modheolaíocht níos idirghníomhaí. Cuireann na torthaí sin i gcuimhne dúinn an acmhainn a bhíonn ag leanaí a dtuairimí agus a gcreidimh féin a fhorbairt; mar aon leis an bhfiosracht is dual dóibh maidir le tuiscint bhreise a bheith acu ar a gcairde, ar a gcomhdhaltaí agus ar bhaill eile an phobail ina maireann siad.

Léiríonn an cion a rinne leanaí sa phróiseas comhairliúcháin na cineálacha teagaisc agus foghlama a thaitníonn le leanaí sa réimse seo foghlama. Agus iad ina saineolaithe ar a n-eispéiris foghlama féin, tá tuairimí sin na leanaí rithábhachtach, agus cuideoidh siad linn an curaclam a fhorbairt chun eispéiris chuí foghlama a chothú do leanaí.

Treoracha um ORC agus Eitic

Mhair an chomhairliúchán cúig mhí agus rinneadh iarracht a bheith chomh cuimsitheach agus ab fhéidir agus deiseanna á gcur ar fáil do ghrúpaí/daoine aonair leasmhara, do scoileanna, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne páirt a ghlacadh ann. Fearacht gach comhairliúcháin de chuid an CNCM, ba é aidhm an chomhairliúcháin a bheith oscailte, trédhearcach agus páirtíoch, go háirithe ós rud é go bhfuil forbairt an chineáil seo churaclaim ag treabhadh talamh nua i gcóras oideachas na bunscoile in Éirinn. Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin, a chuirtear i láthair ina dtéamaí sa mhír roimhe seo, éagsúlacht na dtuairimí a tháinig chun cinn i rith an phróisis chomhairliúcháin. Tá an mhír seo sa tuarascáil bunaithe ar an mír roimhe seo, agus cuirtear tacar treoracha ar fáil d'fhorbairt curaclaim faoi ORC agus Eitic.

Struchtúrtha, comhleanúnach agus incriminteach

Is ábhar tábhachtach é oiriúnacht forbraíochta curaclaim faoi ORC agus Eitic, agus leagadh béim air sin i rith an chomhairliúcháin. Tagann athrú le himeacht ama ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn leanaí go cognaíoch, go sóisialta agus go mothúcháinach. Ní mar a chéile an chuma a bhíonn ar an bhfoghlaím ná ar an teagasc sna ranganna sóisearacha bunscoile agus sna ranganna sinsearacha bunscoile. Beag beann ar aois, áfach, téann reiligiúin, creidimh agus eitic i bhfeidhm go mór ar shaol leanaí. Ní mór don fhoghlaím pháistelárnach a bheith aois-oiriúnach. I bhfianaise a ndúirt múinteoirí linn, is cosúil gur den riachtanas é go mbeadh cibé rud a d'fhorbrófaí chun tacú le heispéiris foghlama i dtaca le ORC agus Eitic soiléir i dtaca leis an méid atá oiriúnach do leanaí ag gach céim dá bhforbairt. Chuige sin, b'oiriúnach an beart é an fhoghlaím sin a nascadh le heispéiris leanaí, go háirithe sa chuid shóisearach den bhunscolaíocht, agus eispéiris foghlama á gcur ar fáil a chuireann ar a gcumas teacht ar thuiscint níos doimhne ar a bhféiniúlacht agus ar an gcion a dhéanann siad don domhan ina maireann siad. Mar a léirigh freagróirí sa chomhairliúchán, tá an cur chuige seo i leith na foghlama ag teacht go dlúth le téama de chuid Aistear, Féiniúlacht agus comhuintearas, mar aon le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) i gCuraclam na Bunscoile (DES, 1999).

Leag an chomhairliúchán béim, freisin, ar chleachtais uillechuimsitheacha i scoileanna i dtaca le réimsí an reiligiúin, na gcreideamh agus na heitice. D'fhorbair scoileanna go leor díobh sin go logánta chun freastal ar riachtanais a bpobal agus chun cothú fhéiniúlacht agus comhuintearas an linbh a chinntiú. Cé go bhféadfadh caighdeán agus tionchar na dtionscnamh sin a bheith difriúil ó scoil go scoil, is léir go bhfuil fonn ann éagsúlacht na bpobal scoile a léiriú agus tacú léi. Cé is moite de

Intercultural Education in the Primary School: Guidelines for Schools (CNCM, 2005), is beag tacaíocht a chuireann curaclam na bunscoile ar fáil faoi láthair do scoileanna sa réimse seo d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí.

Ach a mbainfí leas as na cineálacha foghlama a chothaíonn ORC agus Eitic, rachfaí i ngleic leis an mbearna sin trína chinntiú go dtacódh curaclam na bunscoile leis an bhfoghlaim struchtúrtha, chomhleanúnach agus incriminteach do gach leanbh bunscoile sna réimsí seo. Rinne múinteoirí agus scoileanna cur síos sa chomhairliúchán ar an gcaoi ar féidir le ORC spás a chruthú chun rannpháirtíocht agus páirteachas cuiditheach i dtaca le reiligiúin agus creidimh a chothú agus meas agus tuiscint a spreagadh agus tacú le féiniúlacht agus braistint chomhuintearais an linbh. Is féidir le hEitic cuidiú le comhthiomantas do dhínit agus do shaoirse gach duine a chothú, do thábhacht chearta agus fhreagrachtaí an duine, do sheasamh an cheartais sa tsochaí, agus d'fhónamh ar an leas coiteann. Cé gur léiríodh tacaíocht fhollasach don chineál sin foghlama, i bhfianaise a nuair atá ORC agus Eitic mar chuid de churaclam na bunscoile, d'éiligh go leor múinteoirí cur chuige struchtúrtha agus comhleanúnach, clár CPD agus ábhar tacaíochta a fhorbairt do ghnéithe den chineál sin teagaisc agus foghlama.

Turgnamach agus ar bhonn fiosraithe

Dála *Churaclam na Bunscoile* (DES, 1999) agus *Aistear* (CNCM, 2009), aithníonn ORC agus Eitic mar a chuirtear i moltaí an chomhairliúcháin iad cumas an linbh a bheith páirteach i bpróiseas an oideachais agus é a mhúnlú i gcomhar leis an duine fásta. Aithníonn siad, freisin, go gcuireann leanaí ceisteanna dúshlánacha go minic agus spreagtar iad chun iad sin a chíoradh ar bhealaí aois-oiriúnacha. Cé gur gné mhór den oideachas in Éirinn é an t-oideachas ar bhonn fiosraithe, ní hionann sin agus a rá nach gcuirtear ina choinne. Le linn an phróisis chomhairliúcháin d'ardaigh aighneachtaí áirithe ó dhearcadh sainchreidmheach de ceisteanna i dtaobh oiriúnacht na gcur chuige ar bhonn fiosraithe i dtaca le teagasc faoi reiligiúin, faoi chreidimh agus faoi eitic i mbunscoileanna. Dar le pátrúin shainchreidmheacha, tagann an cur chuige ar bhonn fiosraithe san oideachas salach ar the concept of a child learning from within their own tradition or community... (Rúnaíocht Oideachais Dheoise Bhaile Átha Cliath, aighneacht i scríbhinn).

Os a choinne sin, léirigh aiseolas ó leanaí i rith taighde sna scoileanna cás-staidéir fonn maidir le dul i ngleic le coincheapa curaclaim faoi ORC agus Eitic ar bhealach turgnamhach agus ar bhonn fiosraithe. Ní hamháin go ndéanann moltaí dá leithéidí cluichí, foghlaim i gcomhar, plé, tionscadail, cuairteoirí agus turais allamuigh ranga leis an obair a bhíonn ar siúl i scoileanna cheana féin, ach leis an gcaoi is mian le leanaí foghlaim. Aithníonn rannpháirtíocht na leanaí go bhfuil a nguth, a n-

eispéiris agus a ndearcthaí riachtanach agus oideachas á thógáil dóibh (Lundy & Cook-Sather, 2015). Luaigh múinteoirí arís agus arís eile le linn na gcás-staidéar lárnacht eispéireas an linbh chun rannpháirtíocht dhearfach a chothú sa seomra ranga. D'áitigh siad go dtugtar braistint úinéireachta agus uilechuimsitheachta sa scoil do leanaí má thugtar deis dóibh labhairt faoina saol féin agus má dhéantar spás dóibh chun labhairt faoi na nithe atá tábhachtach dóibh. Ba chúí mar sin go dtabharfadh an teagasc agus an fhoghlaim a bhaineann le ORC agus Eitic aitheantas do shaibhreas eispéireas gach linbh arna múnlú ag meascán cúinsí, ina measc dinimic theaghlaigh, caidrimh, noirm chultúir, ionchais na sochaí agus nósanna reiligiúin. Spreagfaidh foghlaim den chineál sin an fhiosracht is dual do leanaí faoin domhan ina maireann siad agus cuideoidh sé leo scileanna a fhorbairt ar bhealach aois-oiriúnach chun páirt a ghlacadh go criticiúil agus go báúil lena bpobail agus leis an saol níos leithne. De bharr go mblaiseann leanbh an teagasc agus an fhoghlaim trí chur chuige ar bhonn fiosraithe agus turgnamh, le tacaíocht ORC agus Eitice, tiocfaidh siad ar chothromaíocht idir meonta agus scileanna a fhorbairt, cuir i gcás litearthacht reiligiúnach agus saoránacht agus tuiscint chognaíoch ar stair, ar thíreolaíocht agus ar eolas reiligiúin agus córas creidimh.

Scileanna agus meonta a fhorbairt

Is é a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán go mbeidh ar aon churaclam faoi ORC agus Eitic cothromaíocht a bhaint amach idir eolas a sholáthar i dtaobh reiligiún, creideamh agus eitice ar lámh amháin agus scileanna agus meonta a fhorbairt le cur ar chumas leanaí maireachtáil i ndomhan éagsúil agus a gcion a dhéanamh. Tá sé de chumas ag teagasc ORC agus Eitice spás coiteann a chruthú ionas gur féidir le leanaí reiligiúin, creidimh agus cúrsaí eitice a bhlaiseadh agus dul i ngleic leo ar bhealach a oireann dá n-aois. I rith an taighde sna scoileanna cás-staidéir, rinne múinteoirí cur síos ar an gcaoi ar féidir le ORC deis a thabhairt do leanaí na creidimh, na nósanna agus na cleachtais is tábhachtach leo a chur in iúl, agus ag an am céanna scileanna a fhorbairt chun éisteacht le daoine eile agus déileáil leo ar bhealach dearfach. Cé gur féidir le hEitic na scileanna agus na meonta a bhíonn de dhíth ar leanaí dá bhforbairt eiticiúil a chothú - mar shampla, comhbhá, machnamh, féinfheasacht agus comhthuiscint - rud a bheadh ag teacht le cuid mhaith den obair a tharlaíonn i scoileanna agus ar fud an churaclaim cheana féin. Luadh go bhfuil bunscoileanna an-oiriúnach chun meonta saoránaigh a fhorbairt do shochaí dhaonlathach (Waldron, 2004; White, 1999). Le cur chuige den chineál sin, bíonn ról ríthábhachtach ag múinteoirí i meonta tábhachtach a chothú. Tá a fhios againn nach ndéantar meonta a theagasc go foirmiúil, ach is amhlaidh a fhorbraíonn leanaí meonta trí chaidrimh agus idirghníomhaíocht shaibhir agus ghiniúnach le múinteoirí, le daoine fásta agus le leanaí a gcomh-aoise. Cuireann an bhéim sin ar scileanna agus ar mheonta mar aon le heolas agus

tuisctint ar chumas leanaí an inniúlacht is gá chun seoladh trí chastachtaí an tsaoil chomhaimseartha seo.

Ról an mhúinteora

Le linn an chomhairliúcháin, rinne múinteoirí cur síos ar na deiseanna a thagann chun cinn chun tacú le leanaí lena bhforbairt agus gnéithe de ORC agus Eitic á múineadh. Ina theannta sin, shonraigh siad na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an gcuid seo de churaclam na bunscoile a theagasc, agus luaigh imní áirithe faoi inneachar an ábhair. I gcur chuige páistelárnach i leith an oideachais, bíonn ról ríthábhachtach ag múinteoirí maidir le foghlaim na leanaí a phleanáil, a éascú agus a mheas. I gcás ORC agus Eitice, seans gurb é a bheadh i gceist caoinfhulaingt agus inghlacthacht a chothú, meas a chothú, dialóg a éascú agus an leanbh a mhealladh i dtreo an phróisis oideachais. Cé go mbíonn eolas an mhúinteora ar reiligiúin, ar chreidimh agus ar eitic tábhachtach i gcónaí, bíonn ról lárnach ag modhanna idirghníomhacha teagaisc agus foghlama, cuir i gcás díospóireacht, plé, taighde, grúpobair, obair thionscadail, drámaíocht agus foghlaim i gcomhar.

Bhraith múinteoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán go mbeadh orthu tuiscint níos fearr a fháil ar reiligiúin agus ar chreidimh eile d'fhonn aidhmeanna an churaclaim bheartaithe a chomhlíonadh. Tháinig imní maidir le reiligiúin agus creidimh a chur i láthair go mícheart chun cinn freisin. Chomh maith ceanna, is gá do mhúinteoirí a luachanna agus a gcreidimh féin a cheistiú ach machnamh a dhéanamh ar ceisteanna dá leithéidí, *what learning experiences are we providing for children?, What do we really understand by the term child-centredness? And does such a curriculum serve the interest of the child?* (Ang, 2015). Moladh go bhféachfaí ar an oideachas agus ar an oideolaíocht pháistelárnach i gcomhthéacs caidrimh agus an múinteoir agus an leanbh sa lár (Ang, 2015). Léiríonn an bonn caidrimh sin an cur síos a rinne múinteoirí agus scoileanna ar a ról sa seomra ranga le linn an chomhairliúcháin. Feictear an oideolaíocht chaidreamhach i seomraí ranga bunscoile na hÉireann gach lá ar fud gach gné den churaclam agus tá sé ríthábhachtach chun caidrimh dhearfacha idir múinteoirí agus leanaí a chothú. Is cosúil go mbíonn tábhachtach faoi leith ag baint leis an gcur chuige sin agus eispéiris foghlama i dtaca le ORC agus Eitic á gcur ar fáil.

Cheistigh múinteoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán a gcumas féin maidir le curaclam den chineál sin a chur i bhfeidhm gan oiliúint shonrach. Níl aon dabht ann ach go gcuireann na cineálacha teagaisc agus foghlama a ghabhann le ORC agus Eitic gnéithe nua dá gcleachtas os comhair múinteoirí. Agus athrú dá leithéid ar bun ní mór do mhúinteoirí a bheith i gcroílár phróiseas an athraithe agus ní mór forbairt ghairmiúil leanúnach leordhóthanach a chur ar fáil dóibh d'fhonn a gcumais ghairmiúla a fhorbairt agus d'fhonn athrú a chinntiú sa seomra ranga.

Sofhreagrach agus comhoiriúnach

Mhol an cháipéis seo curaclam faoi ORC agus Eitic do gach leanbh sa stát. I bhfianaise gur réimse nua foghlama ar leibhéal na bunscoile í seo, ní mór forbairt ORC agus Eitice a dhéanamh ar bhealach atá sofhreagrach do chomhthéacsanna agus do riachtanais reatha phobail na scoile, agus a bheith comhoiriúnach do struchtúr áirithe na pátrúnachta i mbunscoileanna na hÉireann ag an am céanna.

Leagadh béim ar bhrú ama agus ar ró-ualach curaclaim sa chomhairliúchán seo agus i gcomhairliúcháin CNCM roimhe seo mar rudaí a d'fhéadfadh bac a chur le hathrú curaclaim. Cé go mbaintear úsáid as *ró-ualach curaclaim* chun tagairt a dhéanamh don bhrú breise a bhaineann le bheith ag obair i scoileanna, is minic a ghéaraíonn cúinsí lasmuigh den churaclam braistint an ró-ualaigh sin, cuir i gcás cruinnithe le tuismitheoirí, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, tástálacha, cuntas a choinneáil ar theagmhais agus teagasc a dhéanamh i ranganna ilghráid (INTO, 2015, lch 21). Mar sin féin, is braistint leanúnach san oideachas bunscolaíochta é lá faoi ró-ualach, agus múinteoirí ag rá nach bhfuil a ndóthain ama acu chun ábhair uile an churaclaim a chur i bhfeidhm go hiomlán nó chun na cuspóirí go léir i ngach ábhar a chumhdach (CNCM, 2008, lch 196).

Mar chuid den straitéis Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 (DES, 2011) leagadh de chúram ar an CNCM comhairle a chur ar fáil i dtaca le leithdháileadh ama ar fud churaclam na bunscoile. Agus muid ag obair i dtreo an t-eolas sin a chur ar fáil, tá an CNCM ag cur tacar moltaí le chéile i dtaca le struchtúr churaclam na bunscoile agus leis an gcaoi a ndéantar am a leithdháileadh. Tugann an obair sin deis athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar an curaclam amach ó ranganna na naíonán go dtí na ranganna sinsearacha.

Agus athbhreithniú agus athfhorbairt á dhéanamh ar churaclam na bunscoile, d'fhéadfadh go dtiocfadh deiseanna chun teagasc agus foghlaim a bhaineann le ORC agus Eitic a thabhairt isteach i réimsí nuafhorbartha agus/nó ábhair nua. Cuir i gcás, tá naisc láidre idir Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) agus Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE) agus inneachar beartaithe curaclaim faoi ORC agus Eitic. Ach a ndéanfaí forbairt ORC agus Eitice a ailíniú le hathfhorbairt churaclam na bunscoile, cinnteofar go mbeidh na cineálacha teagaisc agus foghlama a raibh tacaíocht ann dóibh go forleathan sa chomhairliúchán ina ngné den oideachas bunscoile gan cur leis an mbraistint ró-ualaigh a bhraitheann múinteoirí faoi láthair. Déantar é sin a chíoradh faoin mír 'Ailínithe le forbairtí sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht' thíos

Tháinig saincheistanna agus ábhair inní chun cinn sa chomhairliúchán i dtaca leis an gcóras oideachais seo againne, nithe atá lasmuigh d'fhorbairt an churaclaim ach a théann i bhfeidhm mar

sin féin ar chur i ngníomh an churaclaim i mbunscoileanna. Saincheist amháin díobh sin is ea ról an phátrúin maidir le curaclam a sholáthar faoin Acht Oideachais (1998). Mar a leagtar amach in aighneachtaí i scríbhinn, bunaíonn an tAcht cearta phátrún na scoile chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus chun oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh, i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad saineiúil na scoile (15)(2)(b). Éilíonn Alt 15(2)(b) ar bhord bainistíochta:

déanfaidh sé spiorad saineiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint...(Rialtas Éireann, 1998).

I gcomhthéacs na reachtaíochta sin, d'fhéadfadh teannas teacht chun cinn idir an rud a dtugann an Stát soláthar cuí do leanaí bunscoile agus an méid a mhúintear i gcineálacha difriúla scoile. Bunaithe ar aighneachtaí i scríbhinn a seoladh chuig an gcomhairliúchán, is léir, dar le pátrúin áirithe go háirithe, gurbh ionann na moltaí agus dúshlán a ról a thabhairt i dtaca leis na scoileanna atá faoina bpátrúnacht. Cé gur fháiltigh aighneachtaí áirithe ó dhearcadh sainchreidmheach roimh na moltaí, agus iad ag tabhairt le fios go bhféadfaí dúshlán agus deacrachtaí a sháru, bhí cinn eile níos diongbháilte agus iad ag lua nach raibh ORC agus Eitic, mar a leagtar amach sna moltaí, oiriúnach don fhís atá acu i dtaca leis na scoileanna tá faoina gcoimirce.

Is díol suntais é an chothromaíocht idir soláthar cuí stáit, a oireann do chearta gach linbh, agus ceart an phátrúin i leith éiteas na scoile a chosaint. De réir na reachtaíochta, mar a leagtar amach thuas, tá sé de cheart ag pátrúin agus de dhualgas orthu curaclam iomlán na bunscoile a chur i bhfeidhm ag féachaint d'éiteas na scoile. I gcás fhormhór churaclam na bunscoile, d'fhéadfaí a áitiú nach mbaineann mórán de dhúshlán leis sin. Nuair a bhaineann sé go díreach le braistint féiniúlachta agus chomhuintearais an linbh, go háirithe i dtaca lena reiligiún, a gcreidimh agus a n-eitic, rud nach bhféadfadh a bheith ag teacht le cinn an fhorais phátrúnachta i gcónaí, tharlódh nach ionann an méid a samhlaíodh le curaclam an stáit agus an méid a thitfeadh amach i scoileanna faoi leith.

Dá bhrí sin, seans go mbeadh curaclam faoi ORC agus Eitic, mar a dhéantar cur síos air sa Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector (Coolahan et al, 2012) agus mar a leagann an CNCM amach i moltaí an chomhairliúcháin é, srianta de bharr shaintréithe an oideachais in Éirinn. Ar na cúinsí sin a ndéantar cur síos orthu thuas tá reachtaíocht na hÉireann a bhaineann le dualgais phátrún na scoile, struchtúr sainchreidmheach chóras bunscolaíochta na hÉireann agus eispéireas an ró-ualaigh churaclaim sa seomra ranga.

Cé gur aithníodh na cúinsí in oideachas na hÉireann a d'fhéadfadh srian a chur le curaclam ORC agus Eitice as féin a thabhairt isteach, bhí tacaíocht nach beag ann mar sin féin do na cineálacha teagaisc

agus foghlama a ndearna na moltaí cur síos orthu. Cé go bhféadfadh dúshlán a bheith ag baint le curaclam faoi ORC agus Eitic a fhorbairt i gcomhthéacs na hÉireann, tá fonn laistigh de chóras, mar sin féin, go dtabharfaí isteach deiseanna aois-oiriúnacha do leanaí chun tabhairt faoi staidéar ar reiligiúin, ar chreidimh agus ar chinnteoireacht eiticiúil, go dtabharfaí tacaíocht faoi leith do mheonta a fhorbairt chun maireachtála i bpobail éagsúlacha, agus go gcuirfí i bhfeidhm na heispéiris teagaisc agus foghlama a ndéantar cur síos orthu i moltaí an chomhairliúcháin. Is cosúil go mbeadh gá le cur chuige difriúil i leith na forbartha curaclaim ionas go mbeadh foghlaim den chineál sin ina gné den oideachas bunscoile d'fhonn na cúinsí sriantachta sa chóras a mhaolú. Féachtar níos grinne ar chur chuige den chineál sin thíos.

Ailínithe le forbairtí sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht

Le blianta beaga anuas, chuidigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le roinnt buaicphointí i bhforbairt churaclam na bunscoile in Éirinn. Ar na buaicphointí sin tá forbairt *Aistear* (2009), *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2015), curaclam nua comhtháite, agus an obair atáthar a dhéanamh faoi láthair ar an gcuraclam matamaitice. Díol suntais, áfach, d'fhorbairt ORC agus Eitice is ea obair an CNCM i dtaca le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaca le struchtúr churaclam na bunscoile agus leis an gcaoi a ndéantar am a leithdháileadh.

Tháinig srianta ama chun cinn go mór i rith an chomhairliúcháin, agus i gcomhairliúcháin roimhe seo, mar bhacainn shuntasach le hathrú dáiríre a dhéanamh ar churaclam na bunscoile. Rud a bhfuil dlúthbhaint aige le ceist an ama is ea ró-ualach curaclaim, téama a tháinig aníos go coitianta sna comhairliúcháin le múinteoirí. Ina fhianaise sin, tá an CNCM le féachaint arís ar struchtúr an oideachais bhunscoile, rud a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar an curaclam a leagan amach agus a chur i láthair do bhunscoileanna. Cuideoidh an obair a dhéanfaí ar an gcuraclam níos leithne leis na cineálacha foghlama a bhaineann le ORC agus Eitic dhéanamh amach.

Faoi láthair, tá an CNCM ag féachaint do chur chuige céimnitheach i leith an curaclaim ó na naíonáin bheaga go rang a sé. Leis an gcur chuige sin, d'fhéadfadh téamaí *Aistear* (CNCM, 2009) a bheith mar chuid de struchtúr an curaclaim nó é a mhúnlú i mblianta sóisearacha na bunscoile, agus ar an gcaoi sin tacú le leanúnachas eispéiris agus le dul chun cinn na foghlama de réir mar a théann leanaí ar aghaidh ón réamhscolaíocht chuig an mbunscolaíocht. De réir mar a théann leanbh tríd an mbunscolaíocht agus mar a fhorbraíonn sé/sí an cumas cognaíoch chun idirdhealú a

dhéanamh idir cineálacha difriúla eolais, féadfaidh struchtúr an churaclaim éabhlóidiú freisin, rud a d'fhágfadh cur chuige níos ábharbhunaithe sna blianta sinsearacha sa bhunscoil agus nasc á dhéanamh le struchtúr na n-ábhar a úsáidtear sa tSraith Shóisearach nua. D'fhéadfadh cur chuige céimnitheach i leith dhearadh an churaclaim céimeanna forbartha athraíocha agus difriúla an linbh sa bhunscolaíocht a léiriú, rud a rachadh i bhfeidhm ar an gcaoi, ar an rud a fhoghlaimíonn siad sa bhunscoil. De réir mar a dhéantar curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt, d'fhéadfaí, de bhun na hoibre sin, eispéiris foghlama a bhaineann le ORC agus Eitic a thabhairt isteach i gcuraclam athmhúnlaithe bunscoile agus ar fud an churaclaim sin.

I bhfianaise athstruchtúru féideartha sin churaclam na bunscoile, is í an cheist atá ann cá mbeadh na heispéiris foghlama a ndéantar cur síos orthu sna moltaí do ORC agus Eitic lonnaithe. Faoi mar ar leagadh béim air i rith an phróisis chomhairliúcháin, tá na cineálacha sin foghlama ar bhonn turgnamh agus fiosrú a bhaineann le ORC agus Eitic ag teacht go dlúth leis na cineálacha sin a leagtar amach sa téama Féiniúlacht agus comhuintearas¹⁰ in *Aistear* (CNCM, 2009) agus le gnéithe den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) agus Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE).

Agus an fhéidearthacht ann go bhféadfaí an téama Féiniúlacht agus comhuintearas a chur san áireamh sa churaclam, bheadh deiseanna ann maidir le heispéiris foghlama, go háirithe na cinn sin a bhaineann le forbairt meoin agus le ORC agus Eitic, a shainiú laistigh den téama céanna, sa chuid shóisearach den bhunscolaíocht. Fearacht gach teagaisc agus foghlama i luathbhlianta na bunscolaíochta, ní mór go mbeadh eispéiris den chineál sin aois-oiriúnach, agus iad ag tosú le heispéiris na leanaí féin sula bpléifí eispéiris daoine eile. De réir mar a fhásann agus mar a fhorbraíonn leanaí ó thaobh na tuisceana a bheadh acu orthu féin, faoi dheireadh na bunscolaíochta chuirfeadh an fhorbairt chognaíoch ar a gcumas foghlaim faoi reiligiúin agus faoi chreidimh eile sa seomra ranga agus ina bpobail féin. D'fhéadfaí foghlaim den chineál sin a ailíniú leis na cineálacha foghlama a ndéantar cur síos orthu in SESE. Arís eile, le hathstruchtúru churaclam na bunscoile, seans gur tráthúil é féachaint ar ghnéithe den stair agus den tíreolaíocht, go háirithe, chun cuid den

¹⁰ Ar na ceithre aidhm atá ag an téama Féiniúlacht agus comhuintearas, tá:

- Beidh féiniúlachtaí láidre ag leanaí agus braithfidh siad go bhfuil meas orthu mar dhaoine aonair a bhfuil a scéalta saoil féin acu agus dearbhófar an bhraistint sin.
- Beidh braistint féiniúlacht ghrúpa ag leanaí lena dtugtar aitheantas do na naisc atá acu lena dteaghlaigh agus lena bpobail.
- Beidh ar chumas leanaí a gcearta a chur in iúl agus tuiscint agus meas ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar dhearcthaí daoine eile a léiriú.
- Féachfaidh leanaí orthu féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha.

inneachar eolais a bhaineann le ORC a chur san áireamh, agus d'fhéadfaí dlúthnasc a chruthú idir gné na hEitice agus réimse athmhúnlaithe an churaclaim SPHE sa chuid shinsearach den bhunscolaíocht.

D'fhonn tacú leis an leanúnachas agus le dul chun cinn foghlaim na leanaí i rith an aistrithe ón mbunscolaíocht chuig an iar-bhunscolaíocht, is léir gur ghá nasc a dhéanamh idir an soláthar do ORC agus Eitic sa bhunscoil agus eispéiris foghlama sa tSraith Shóisearach. Tá nasc áirithe idir cláir Folláine a tugadh isteach agus na heispéiris foghlama a bhaineann le ORC agus Eitic. Ach a gcuirfí cláir ar fáil ina mbeadh gearrchúrsaí, cuir i gcás Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (CSPE) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE), threiseofaí an Fholláine de bhrí go mbeadh sé neadaithe sa churaclam agus follasach do mhúinteoirí, do dhaltáí agus do thuismitheoirí. Seans go mbeadh nasc idir coincheapa áirithe, ina measc cearta agus freagrachtaí, dínit, forbairt, daonlathas an duine agus maoirseacht a fhaightear in CSPE agus na cineálacha foghlama eiticiúla a chuirfí le chéile do bhunscoileanna. D'fhéadfaí nasc a dhéanamh idir Modúil áirithe i sonraíocht SPHE na Sraithe Sóisearaí, cuir i gcás Comhuintearas agus comhtháthú, Cairdeas agus tionchair agus Cinntí agus forbairt an linbh mar neach eiticiúil. Is cosúil go bhféadfaí nasc a dhéanamh freisin le sonraíocht athbhreithnithe agus athfhorbartha don oideachas reiligiúnach sa tsraith shóisearach na blianta atá romhainn amach.

Ach a ndéanfaí eispéiris foghlama a bhaineann le ORC agus Eitic a thabhairt isteach sa churaclam nua bunscoile agus ar fud an churaclaim sin bheadh deis ag gach leanbh a bheith rannpháirteach in ORC agus Eitic, cé nach ndéanfaí é sin sa tslí a shamhlaigh an *Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector* (Coolahan et al, 2012) ar dtús. Mar a leagadh amach roimhe seo, d'fhéadfadh go gcruthódh an reachtaíocht a bhaineann le dualgais an fhorais phátrúnachta, mar aon le struchtúr chóras pátrúnachta na scoileanna agus saincheist an ró-ualaigh churaclaim i seomraí ranga bunscoile, bac suntasach le *curaclam* nó *ábhar* breise ORC agus Eitice a thabhairt isteach i gcuraclam reatha na bunscoile. D'fhonn athrú lánbhríoch agus inbhuanaithe a dhéanamh sna seomraí ranga, tacóidh cur chuige comhtháite, mar a leagtar amach thuas, leis na cineálacha teagaisc agus foghlama a bhaineann le ORC agus Eitic ar léiríodh tacaíocht go forleathan dóibh sa chomhairliúchán.

Focal scoir

Is ceist sách simplí í an méid ba chóir do leanaí a foghlaim ar scoil. I bhfianaise gur réimse nua forbraíochta é seo, is amhlaidh atá go háirithe i dtaca le ORC agus Eitic. Bhain tábhachtach nach beag dá bhrí sin le próiseas an chomhairliúcháin. Is minic go mbaineann dúshlán faoi leith le próiseas comhairliúcháin agus go dtagann ceisteanna aníos a bhaineann le luachanna a leagaimid béim orthu sa chóras oideachais. Mar sin féin, próiseas léargais a bhíonn ann i gcónaí a spreagann tuairimí, a chothaíonn comhoibriú agus a chuireann le comhthuisctint ar an ábhar. D'éirigh leis an gcomhairliúchán áirithe seo tuairimí a fháil ó éagsúlacht guthanna d'fhonn a chinntiú go gcuirfí raon dearcthaí i láthair.

62	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tAth.John Bane	30/03/2016	Bord bainistíochta SN an Átha Leathain agus na Cille Báine	Pearsanta
63	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tAth.John O'Keeffe	08/03/2016	Sagart Paróiste	Pearsanta
64	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tAth.Malachy Conlon	03/02/2016	Rúnaíocht oideachais Ard-Deoise Ard Mhacha	Pearsanta
65	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tAth.Michael Kennedy	30/03/2016	Sagart agus comhairleoir Deoise	Pearsanta

66	Aighneacht um ORC agus Eitic	Frank Harrington	30/03/2016		Pearsanta
67	Aighneacht um ORC agus Eitic	Frank Murphy	30/03/2016		Pearsanta
68	Aighneacht um ORC agus Eitic	Gillian Crowley	16/11/2015	Príomhoide SN an Droim Mhóir	Pearsanta
69	Aighneacht chuig an CNCM maidir le ORC agus Eitic ó Global Citizenship School	Global Citizenship School	22/03/2016		Eagraíocht
70	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Global Schools: Primary Education for a Just World	20/03/2016		Eagraíocht
71	Aighneacht um ORC agus Eitic	Gwen O'Connell	30/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
72	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Helen Leacy	31/03/2016		Pearsanta
73	Aighneacht um ORC agus Eitic	G.N.S. an Teaghlaigh Naofa	29/03/2016	Príomhoide	Eagraíocht
74	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Bunscoil Shóisearach an Teaghlaigh Naofa	11/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
75	Aighneacht chuig an CNCM: ORC agus Eitic	INTO	11/04/2016		Eagraíocht
76	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Ionad na hÉireann don Oideachas Reiligiúnach (ICRE)	31/03/2016		Eagraíocht
77	Aighneacht um ORC agus Eitic	James Walsh	12/01/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
78	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Jim agus Breda Holmes	31/03/2016	Tuismitheoirí	Pearsanta
79	Aighneacht um ORC agus Eitic	Jim O'Connell	08/03/2016	Riarthóir Pharóiste an Teaghlaigh Naofa	Pearsanta
80	Aighneacht um ORC agus Eitic	Jim Boyle	29/03/2016		Pearsanta

81	Aighneacht um ORC agus Eitic	Joan King	22/02/2016	Príomhoide SN na Craobhaí	Eagraíocht
82	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Joan Whelan	25/01/2016	Príomhoide R.M.D.S. SN Educate Together	Pearsanta
83	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Joe Humphreys	05/01/2016	Iriseoir/údar	Pearsanta
84	Aighneacht um ORC agus Eitic	Joe Searson	04/03/2016	Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, SN Choillte	Pearsanta
85	Aighneacht um ORC agus Eitic	John agus Margaret Mallon	30/03/2016	Tuismitheoirí	Pearsanta
86	Aighneacht um ORC agus Eitic	John Clogan	23/03/2016	Tuismitheoir agus seantuismitheoir	Pearsanta
87	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	John Murphy	22/03/2016	Ball den Bhord bainistíochta, Bunscoil CBS Mhainistir na Corran	Pearsanta
88	Aighneacht um ORC agus Eitic	John (sloinne doiléir)	05/04/2016		Pearsanta
89	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Jones Irwin	30/03/2016	Léachtóir le Fealsúnacht an Oideachais, Coláiste Phádraig, Oifigeach Tionscadail GMGY	Pearsanta
90	Aighneacht um ORC agus Eitic	Joseph Woulfe	30/03/2016		Pearsanta
91	Aighneacht um ORC agus Eitic	Josephine Ryan	22/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
92	Aighneacht um ORC agus Eitic	Kathleen O'Dowd	30/03/2016	Ball de NAPDA	Pearsanta
93	Aighneacht um Modúl ORC agus Eitice	Kieran Allen	23/03/2016	Ball de Education Equality	Pearsanta
94	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	SN Chill Chisín	31/03/2016	Príomhoide agus bord bainistíochta	Eagraíocht
95	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN Choill an Mhaignéaraigh	01/06/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
96	Aighneacht um ORC	Oifigeach Oideachais Dheoise na Cille Móire	25/03/2016		Eagraíocht

	agus Eitic				
97	Aighneacht um ORC agus Eitic	Laurence Cassells	30/03/2016	Múinteoir ar scor	Pearsanta
98	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Linda O'Shea	24/03/2016	Ball den bhord bainistíochta, Bunscoil CBS Mhainistir na Corran	Pearsanta
99	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Linda Kinch	15/03/2016	Múinteoir faoi oiliúint	Pearsanta
100	Aighneacht um ORC agus Eitic	M O'Sullivan	04/11/2015		Pearsanta
101	Aighneacht um ORC agus Eitic	Maeve Mahon	31/03/2016	Comhairleoir Deoise	Pearsanta
102	Aighneacht um ORC agus Eitic	Maire Corrigan	31/03/2016		Pearsanta
103	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Maire Fitzgerald	31/03/2013	Múinteoir	Pearsanta
104	Aighneacht um ORC agus Eitic	Maire Sheehy, Eamonn Power	30/03/2016	Múinteoirí	Pearsanta
105	Aighneacht um ORC agus Eitic	Mairead Harman	31/03/2016		Pearsanta
106	Aighneacht um ORC agus Eitic	Margaret Buckley	30/03/2016		Pearsanta
107	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tSr Maria Comerford	04/03/2016	Comhordaitheoir Chomhairleoirí Bunscolaíochta Dheoise Osraí	Eagraíocht
108	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Maria McSwiney	03/03/2016	Príomhoide	Pearsanta
109	Aighneacht um ORC agus Eitic	Marie Porter	31/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
110	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Martina Mallen	31/03/2016	Príomhoide teagaisc	Pearsanta
111	Aighneacht um ORC agus Eitic	Mary Ann Collins	30/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
112	Comhairliúchán um	Mary Cosgrove	20/05/2016		Pearsanta

	ORC agus Eitic				
113	Aighneacht um ORC agus Eitic	Mary Whelan	30/03/2016		Pearsanta
114	Aighneacht um ORC agus Eitic	Maureen Hamilton	30/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
115	Aighneacht um ORC agus Eitic	Maureen Matthews	20/05/2016	Múinteoir	Pearsanta
116	Aighneacht um ORC agus Eitic	Michael Quinn	31/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
117	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Bunscoil CBS Mhainistir na Corran	31/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
118	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Bunscoil CBS Mhainistir na Corran	31/03/2016	Príomhoide	Eagraíocht
119	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Miriam O'Sullivan Long	30/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
120	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN Mhaigh Sheasta	16/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
121	Aighneacht um ORC agus Eitic	Naomi McCormick	16/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
122	Re: Comhairliúchán i dtaca le moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic	An tOmbudsman do Leanaí	27/05/2016		Eagraíocht
123	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Bunscoil Shinsearach Mhuire na Trócaire	21/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
124	Aighneacht um ORC agus Eitic	Owen Keogh, Jim Hannon	30/03/2016	Múinteoirí agus baill de bhoird bhainistíochta	Pearsanta
125	Aighneacht um ORC agus Eitic	Páraic Mac Lochlainn	31/03/2016		Pearsanta

126	Aighneacht um ORC agus Eitic	Patricia agus John McGonagle	31/03/2016	Tuismitheoirí	Pearsanta
127	Aighneacht um ORC agus Eitic	Bunscoil Phádraig an Dhoichid Nua	30/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
128	Aighneacht um ORC agus Eitic	Patrick Griffin	31/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
129	Aighneacht um ORC agus Eitic	Patrick J. McCabe	31/03/2016		Pearsanta
130	Aighneacht um ORC agus Eitic	PJ Bracken	10/11/2015	Múinteoir ar scor	Pearsanta
131	Aighneacht um ORC agus Eitic	Regina Lydon	30/03/2016	Príomhoide ar scor	Pearsanta
132	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tOir.Christopher Hayden PhD STL	30/03/2016	Cathaoirleach dhá bhord bainistíochta	Pearsanta
133	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tOllamh Oirmhinneach Eamon Conway, an Dr Kerry Greer, an Dr John Murray, an Dr Rik Van Nieuwenhove, Anne Hession, an Dr Thomas Finegan	22/03/2016	Oideoirí tríú leibhéal	Pearsanta
134	Aighneacht um ORC agus Eitic	An tOir.Thomas O'Byrne	20/05/2016	Sagart agus iarbhall de bhord bainistíochta	Pearsanta
135	Aighneacht um ORC agus Eitic	Rose Burke	21/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
136	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN an Chroí Rónaofa Mhóin an Lín	11/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
137	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Scoil Bhríde, Áth Garbháin	01/04/2016	Príomhoide, bord bainistíochta	Eagraíocht
138	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Bhríde, Mainistir na Corran	20/05/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
139	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Mhuire Lourdes, An Tullach	30/03/2016	Príomhoide	Eagraíocht
140	Aighneacht um ORC agus Eitic	Bunscoil Shinsearach Scoil Mhuire, An Droichead Nua	24/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht

141	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Mhuire Shóisearach, An Droichead Nua	29/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
142	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Mhuire, Biorra	29/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
143	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil na Naomh Uiligh	23/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
144	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Náisiúnta Muire gan Smál	16/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
145	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Seán Corkery	21/03/2016	Comhairleoir Deoise, Deoise Chluana	Eagraíocht
146	Aighneacht um ORC agus Eitic	Seán Ó Loingsigh	19/03/2016		Pearsanta
147	Secular Schools Ireland LTD (SSI) Aighneacht chuig an CNCM	Secular Schools Ireland Ltd	31/03/2016		Eagraíocht
148	Aighneacht um ORC agus Eitic	Sharon Delaney	30/03/2016	Tuismitheoir	Pearsanta
149	Aighneacht um ORC agus Eitic	Simon Lewis	30/03/2016	Eagarthóir Anseo.net	Pearsanta
150	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Sinéad McMahon	31/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
151	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Sonia Murray	30/03/2016	Múinteoir	Pearsanta
152	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Líonra SPHE	31/03/2016	Oideoirí tríú leibhéal	Eagraíocht
153	Aighneacht um ORC agus Eitic	Bord an Spiritan Education Trust	30/03/2016	Pátrún trí scoil	Eagraíocht
154	Aighneacht um ORC agus Eitic	Scoil Speisialta Naomh Áine	29/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
155	Aighneacht um ORC agus Eitic	Bunscoil N. Conleth & Muire	29/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht

156	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN Bhríde	30/03/2016	Foireann na scoile	Pearsanta
157	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN N. Eoin, an Neidín	31/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
158	Aighneacht um ORC agus Eitic	Bunscoil Chlochár Mhuire	10/03/2016	Príomhoide, agus cathaoirleach an choiste éitis	Eagraíocht
159	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN N. Mícheál (Tuisimtheoirí), An Baile Nua (x13)	30/03/2016	Tuisimtheoirí	Pearsanta
160	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN N. Mícheál, an Baile Nua	30/03/2016	Príomhoide	Eagraíocht
161	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN N. Mícheál, an Baile Nua	30/03/2016	Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta	Eagraíocht
162	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN N. Mochoda, Ráth Chofaigh	31/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
163	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	SN Oilibhéir Phluincéid Naofa, Béal an Átha	30/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
164	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN Pheadair	07/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
165	Aighneacht um ORC agus Eitic	GNS N. Uinsionn	20/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht
166	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Teresa McQuillan	28/03/2016	Seanmháthair	Pearsanta
167	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Terry Leddy, an tSr Anna Smith	16/03/2016	Múinteoirí ar scor agus comhairleoirí Deoise	Pearsanta
168	Aighneacht chuig an CNCMOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic	The Humanist Association	30/03/2016		Eagraíocht
169	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Tomás Ó hÓistín, John Phelan, Timothy Kelly	27/03/2016	Príomhoide agus baill an bhoird bhainistíochta	Pearsanta
170	Aighneacht um ORC agus Eitic	Tony Kealy	12/02/2016	Tuisimtheoir	Pearsanta

171	Comhairliúchán um ORC agus Eitic	Trócaire	30/03/2016		Eagraíocht
172	Aighneacht um ORC agus Eitic	Una Mallowney	30/11/2015	Máthair agus seanmháthair	Pearsanta
173	Machmamh ar ORC	Una Purcell	20/05/2016		Pearsanta
174	Aighneacht um ORC agus Eitic	SN an Gheata Bháin, Mainistir na Corran	30/03/2016	Bord bainistíochta	Eagraíocht

Aguisín F: Príomhtheachtaireachtaí ón taighde cúlra is bonn leis na moltaí

Is forbairt nua i gcomhthéacs na hÉireann é curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Cé gur scríobhadh cuid mhaith i ndáil le ról an oideachais reiligiúnaigh agus chlár na bpátrún, is beag taighde a rinneadh ar fhorbairt curaclaim faoi ORC agus Eitic, ní nach ionadh. Is é an chéad chéim i ndáil le moltaí um ORC agus Eitic a chur le chéile trí phíosa taighde deisce a rinneadh chun eolas a chur ar fáil do phleananna an churaclaim.

D'fhéach an taighde ar an soláthar náisiúnta agus idirnáisiúnta do ORC agus Eitic mar aon le scrúdú a dhéanamh ar ról agus ar rannpháirtíocht an linbh sa churaclam. Is ionann na tuarascálacha sin agus ábhar cúlra a chuireann eolas ar fáil d'fhorbairt an churaclaim. Faightear achoimre ar gach tuairisc thíos agus ina theannta sin roinnt torthaí suntasacha¹¹.

Encountering Children in a Curriculum for Education about Religions and Beliefs (ORC) and Ethics: An Educational and Child's Rights Perspective.

Tacaíonn an páipéar seo leis an léitheoir tuiscint a fháil ar an gcion is féidir le leanaí a dhéanamh do churaclam faoi ORC agus Eitic. Déantar é sin ach na tuairimí síorathraitheacha atá againn i leith leanaí agus na hóige a scrúdú. Leagtar amach éabhlóidiú na reachtaíochta um chearta an linbh agus déantar tráchtairacht ar uiríoll leanaí sa reachtaíocht sin. Tógann an páipéar seo ar na tuairimí ó dhearcadh chearta an linbh de, agus díreann ar ár dtuiscint ar an leanbh ó dhearcadh oideachais de.

Ar phríomhtheachtaireachtaí an pháipéir seo tá:

¹¹ Rinne an CNCM dhá cheann de na trí staidéar sin. Sna hachoirí a thugtar, baineadh an téacs a bhaineann le gach páipéar de chuid an CNCM go díreach ó gach staidéar. Ar an gcaoi chéanna, baineadh téacs an achoimre ar an iniúchadh idirnáisiúnta go díreach as obair a rinne an Fhondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais, seachas na sleachta sin atá i gcló iodálach a chuir an CNCM isteach ar mhaithe leis an tuarascáil seo.

Gur chóir go gcuimseodh curaclam d'ORC agus d'Eitic na cúig aidhm den oideachas faoi mar a leagtar amach iad in Alt 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste¹².

Féachtar ar an leanbh mar dhuine atá *cumasach, muinéach, fiosrach* agus *ceanúil* a ghlacann páirt ghníomhach ina c(h)ultúr agus ina (h)oideachas féin.

Is gné é an cur chuige soch-chultúrtha seo, a ghlacann príomhról na n-idirghníomhaíochtaí agus an chaidrimh san áireamh, de theagasc éifeachtach ORC agus Eitice.

Spreagann cumas leanaí a bheith páirteach go gníomhach sa phróiseas oideachais agus é a mhúnlú, i gcomhar leis an duine fásta, braistint féiniúlachta agus chómhuintearais lena dteaghligh, lena scoileanna agus lena bpobal; mar rannpháirtithe gníomhacha sna spásanna sin.

Tá sé de chumas ag leanaí foghlaim ó reiligiúin agus ó chreidimh trí *rannpháirtíocht i gcultúr*, caint chomhroinnte agus gníomhaíochtaí comhroinnte. Trí na próisis sin tagann leanaí ar thuiscint níos doimhne orthu féin, ar an domhan agus ar an áit agus an ról atá acu ann.

Leagtar amach roinnt cúinsí ba chóir do scoileanna a chur san áireamh agus curaclam faoi ORC agus Eitic á thabhairt isteach sa chuid dheireanach den pháipéar seo. Ar na réimsí a scrúdaítear tá *timpeallacht agus éiteas na scoile, forbairt múinteoirí, clár an phátrúin, leanaí a roghnaíonn gan a bheith páirteach i gclár an phátrúin* agus *oideachas idirchultúir*.

Baineann na cúinsí ba chóir do scoileanna a chur san áireamh go príomha le pobail uilechuimsitheacha scoile a fhorbairt. Is iad na tréithe a bhíonn ag pobail uilechuimsitheacha scoile timpeallachtaí foghlama a léiríonn meas ar éagsúlacht teanga, eitneach, chultúir agus reiligiúin a bhíonn le fáil i bpobail na scoileanna. Cuireann siad tacaíocht ar fáil d'fhéiniómhá dhearfach gach linbh beag beann ar eitneacht, cultúr nó reiligiún an linbh sin; mar aon le normalacht na heágsúlachta a threisiú do gach leanbh.

¹² Is iad cúig aidhm an oideachais mar a leagtar amach in Airteagal 29:

- An fhorbairt is mó is féidir a dhéanamh ar phearsantacht, ar bhuanna agus ar chumais fhísiciúla agus éirime an linbh.
- Urraim do chearta daonna, do shaoirse bhunúsach agus do na prionsabail atá curtha i láthair i gCairt na Náisiún Aontaithe a fhorbairt.
- Urraim a chothú do thuismitheoirí an linbh, d'fhéiniúlacht chultúrtha, do theanga agus do luachanna an linbh, do luachanna náisiúnta na tíre ina bhfuil cónaí ar an leanbh, don tír as ar tháinig sé nó sí ar dtús, agus do shibhialtachtaí eile atá éagsúil ón tsibhialtacht lena mbaineann an leanbh.
- An leanbh a ullmhú do shaol freagrachta i sochaí ina bhfuil saoirse, i spiorad na tuisceana, na síochána, na caonfhulaingthe, an chomhionannais idir fir agus mná, agus an cairdeas idir gach cineál dreama agus grúpa eitneach, náisiúnta agus creidimh agus daoine de bhunadh dúchasaigh.
- Urraim don timpeallacht nádúrtha a fhorbairt.

Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais: Oideachas faoi

Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic sa Bhunscolaíocht

Tugann iniúchadh na Fondúireachta Náisiúnta um Thaighde Oideachais (FNTO) breac-chuntas ar sholáthar Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitice thar dhlínsí difriúla¹³ chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an churaclaim in Éirinn.

Is iad na príomhtheachtaireachtaí maidir le hOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh a chur ar fáil:

Bíonn curaclam náisiúnta ann, de ghnáth, a chuireann múinteoirí agus scoileanna i bhfeidhm go logánta. Is éard a bhíonn i gceist creat feidhmithe a chur le chéile ina mbíonn neamhspleáchas ag scoileanna an curaclam a ionramháil agus a chur i bhfeidhm go háitiúil, de réir riachtanais phobal na scoile.

saoirse reiligiúin; eolas agus meas daltaí ar an éagsúlacht a chothú; comhthuiscint idir dhaoine a spreagadh; oidhreacht na Críostaíochta; maireachtáil i sochaí iolraíoch.

Is gnách go dtosódh Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh le mór-reiligiún na sochaí ina bhfuiltear á mhúineadh agus ansin glactar raon saoldearthaí san áireamh.

Bíonn cur chuige bíseach i leith curaclam a dhearadh ann go coitianta ar fud na ndlíní. D'fhéadfadh gurb é a bheadh i gceist snáitheanna aonad ar aonad a chruthú nó gnéithe a shíneann thar chéimeanna forbraíochta an oideachais, rud a chuireann ar chumas an linbh dul i ngleic le coincheapa an churaclaim ar bhealach níos doimhne.


Is samplaí iad Québec¹⁴, Queensland agus an Nua-Shéalainn¹⁵ de dhlínsí a ghlac céimeanna suntasacha i bhforbairt churaclaim ORC agus a bhféadfadh an CNCM go leor ábhar úsáideach a fhoghlaim uathu.

¹³ Ar na dlínsí a bhí san áireamh sa staidéar bhí: An Astráil, Queensland, An Nua-Shéalainn, Ceanada, Québec, Tuaisceart Éireann, Sasana, Albain, An Fhionlainn, Singeapór, An Fhrainc, An tSualainn, Éire, SAM - Massachusetts, An Ísiltír agus An Bhreatain Bheag.

¹⁴ Thug Québec próiseas chun críche le déanaí inar athraíodh ó struchtúr oideachais reiligiúnaigh Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh den chuid is mó go struchtúr 'tuata', nuair a tugadh isteach an clár 'Eitic agus Cultúr Reiligiúnach'.

¹⁵ Chuir Queensland agus an Nua-Shéalainn araon spás ar fáil don ORB agus don oideachas reiligiúnach sainchreidmheach ina gcreatchláir náisiúnta churaclaim. Ceadaíonn Queensland oiread agus 40 uair an chloig

Cuir chuige idirnáisiúnta i leith an oideachais reiligiúnaigh



Ar na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le hoideachas eitice a sholáthar, tá:


Is príonsabal uileghabhálacha sa churaclam nó a chomhtháthaítear ar fud réimsí curaclaim í an Eitic de ghnáth agus is annamh gur ábhar faoi leith a bhíonn ann. In dhá dhlínse déantar í a nascadh le ORC chun ábhar faoi leith a chruthú.

Ar phríonsabail choiteanna i gcuraclaim Eitice tá: is féidir le hEitic cuidiú le comhthiomantas do dhínt agus do shaoirse gach duine a chothú agus a fhorbairt, do thábhacht chearta an duine, do sheasamh an cheartais sa tsochaí, agus d'fhónamh ar an leas coiteann.

Nuair a dhéantar Eitic a mhúineadh mar ábhar faoi leith, is é a thugtar uirthi de ghnáth oideachas saoránachta.

sa bhliain d'oideachas reiligiúnach sainchreidmheach, agus ceadaíonn an Nua-Shéalainn oiread agus 20 uair an chloig sa bhliain. Ceadaíonn Éire 92.5 uair an chloig sa bhliain do theagasc chlár an phátrúin.

Forléargas ar oideachas faoi eitic go hidirnáisiúnta



I dteannta na hAchoimre ar Phríomhthorthaí, chuir NFER aguisín teicniúil nach beag le chéile freisin. Tugann an t-aguisín mionsonraí gach dlínse ina gcuirtear ORC agus Eitic ar fáil mar aon le heolas breise a chur ar fáil i dtaca le comhthéacs chur i bhfeidhm an churaclaim.

Forléargas ar an ábhar i gcláir na bpatrún a bhaineann le hOideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic

Scrúdaíonn an staidéar deisce seo an soláthar reatha san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic ar fud chlár na bpatrún i mbunscoileanna na hÉireann. Bhí sé chlár patrún san áireamh sa staidéar, eadhon Catholic Religious Education Curriculum, an clár Follow Me, Islamic Foundation of Ireland Primary Programme, Goodness Me, Goodness You!, Learn Together agus the John Scottus School Trust Philosophical Programme

Ar theachtairachtaí ginearálta ón staidéar tá:

Tugtar neamhspleáchas éagsúil do scoileanna agus iad ag cur clár an phátrúin i bhfeidhm. Leagann patrún áirithe de dhualgas ar scoileanna clár a fhorbairt go logánta de réir riachtanais phobal na

scoile agus laistigh de chreat na gcuraclam a chuireann an pátrún ar fáil; cuireann pátrúin eile cláir mhionsonraithe ar fáil nach mór do scoileanna agus do mhúinteoirí déanamh dá réir.

Baineann éagsúlacht mhór leis na tacaí a chuirtear ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le cláir na bpátrún a chur i bhfeidhm. Cuireann pátrúin áirithe acmhainní ar líne, cuairteanna/cigireachtaí scoile, treoirlínte do mhúinteoirí agus leabhar do leanaí ar fáil, agus is beag na hacmhainní a bhíonn ag pátrúin eile agus bíonn srian leis na tacaí a chuireann siad ar fáil dá réir.

Baineann éagsúlacht leis na cuir chuige eipistéimeolaíocha a mholtar i dtaca le teagasc faoi reiligiúin agus faoi chreidimh agus faoi eitic ar fud chlár na bpátrún. Tá fianaise ann ar chuir chuige sochcúltúrtha, Sócraitéis, iolraíocha, chearta an duine agus ar bhonn creidimh.

Príomhtheachtaireacht do ORC:

Baineann éagsúlacht leis an soláthar Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh ar fud na gclár, go háirithe idir pátrúin shainchreidmheacha agus il-sainchreidmheacha. I gcás clár sainchreideamh tarlaíonn ORC níos déanaí sa bhunscolaíocht (má tharlaíonn ar chur ar bith), is gnách gurb é a bhíonn dearcadh creideamhbhunaithe agus go mbíonn sé srianta do thrí chreideamh aondiacha, eadhon an Chríostaíocht, an Giúdachas agus an tIoslamachas. Is iondúil go dtarlaíonn ORC i gcláir il-sainchreidmheacha i rith na bunscolaíochta agus gurb é a bhíonn ann foghlaim faoi go leor reiligiúin agus creideamh.

Laistigh den earnáil il-sainchreidmheach tá raidhse cur chuige ann i leith teagasc faoi reiligiúin agus faoi chreidimh. Bíonn idir chur chuige ar bhonn fíricí ina mbíonn réimsí foghlama ar leithligh, agus chur chuige ilchreideamh lena ngabhann modh níos comhtháite teagasc faoi reiligiúin agus faoi chreidimh.

Ní cur chuige é teagasc faoi reiligiúin agus faoi chreidimh ó dhearcadh creidmheach do churaclam náisiúnta um ORC agus ní cuí go dtabharfadh foras curaclaim náisiúnta faoi churaclam um ORC a fhorbairt laistigh den dearcadh sin.

Seans go bhféadfadh cuir chuige il-sainchreidmheacha i leith ORC cur le curaclam náisiúnta um ORC a fhorbairt.

Príomhtheachtaireacht d'etic:

Tacaíonn cláir shainchreidmheacha le teagasc na heitice de réir dearcadh ar bhonn creidimh.

Tá éagsúlacht mhór ann sa chur chuige il-sainchreidmheach i leith an oideachais faoi eitic. Tá fianaise ar chur chuige ar bhonn cearta, ar chur chuige Sócraitéach agus ar chur chuige iolraíoch a bheith sna cláir sin i leith theagasc na heitice.

Ní cur chuige é eitic a theagasc trí lionsa an chreidimh do churaclam náisiúnta san eitic.

Seans go bhféadfadh cuir chuige il-sainchreidmheacha i leith ORC cur le curaclam náisiúnta san eitic a fhorbairt.

Chuidigh na trí phársa taighde a chuirtear i láthair thuas leis an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus an fhís a chuirtear i láthair sa *Pháipéar Comhairliúcháin* a fhorbairt.

Aguisín G: Spléachadh ar thorthaí na gceistneoirí ar líne: Darmody agus Smyth (2016)

Tugann an t-agusín seo spléachadh ar thorthaí na gceistneoirí, mar a chuir Darmody agus Smyth (2016) i láthair iad. Leagtar amach achoimre ar na freagraí ar ghnéithe difriúla na moltaí: aidhmeanna an churaclaim, snáitheanna an churaclaim, scileanna agus meonta, modheolaíochtaí. Leagtar béim freisin ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhain leis na moltaí, dar le daoine, mar aon le tatal na n-údar a chur i láthair. Baineadh an téacs go léir thíos go díreach ó *Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic: Dearcthaí múinteoirí, tuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne ar an gcuraclam molta bunscoile* (Darmody & Smyth, 2016). Tá an téacs ina iomláine le fáil ar www.ncca.ie.

Aidhmeanna an churaclaim

Léiríonn taighde reatha an gá atá ann tuiscint níos fearr ar an éagsúlacht a chothú i measc daltaí (Maylor & Reed, 2007). Is gnách go léiríonn curaclam aonchultúir stair agus féiniúlacht dhaonra an mhóiraimh. Tá éagsúlacht ann i dtíortha ar fud na hEorpa i dtaca leis an tacaíocht a thugtar don éagsúlacht agus leis an gcaoi a dtéitear i ngleic leis an idirdhealú. De réir shuirbhé Eurobarometer le déanaí¹⁶ (2015), tá an t-idirdhealú sách forleathan in dhá réimse: bunadh eitneach agus reiligiún nó creidimh. In Éirinn, mheas 58 faoin gcéad de fhreagróirí go bhfuil idirdhealú ar bhonn bunaidh eitnigh ann 'go forleathan'. Tá an figiúr sin beagán níos lú ná meánfhigiúr AE28, is é sin 64 faoin gcéad. Mheas aon faoin gcéad is dhá scór de dhaonra na hÉireann go raibh an t-idirdhealú ann go forleathan i ndáil le reiligiún nó creidimh, figiúr atá níos ísle ná meán an AE, is é sin 50 faoin gcéad. D'aontaigh freagróirí na hÉireann le ráitis gur ghá d'inneachar ceachtanna agus ábhar scoile aghaidh

¹⁶ Féach: Special Eurobarometer 437. Discrimination in the EU in 2015.
<http://ec.europa.eu/COMMFrontOffice/PublicOpinion/index.cfm/Survey/getSurveyDetail/instruments/SPECIAL/surveyKy/2077>.

a thabhairt ar an éagsúlacht sna réimsí seo a leanas: unadh eitneach (88%); reiligiún nó creidimh (86%); gnéaschlaonadh (77%); féiniúlacht inscne (75%). Ba iad comhfhigiúirí AE28: 81%; 80%; 67%; 64%. Dá bhrí sin, cé nach féidir a rá go léiríonn torthaí an tsuirbhé comhairliúcháin an daonra ina iomláine, léiríonn siad tacaíocht an phobail go dtabharfadh scoileanna aghaidh ar an éagsúlacht.

I suirbhé an CNCM, chuir oideoirí, tuismitheoirí agus baill an phobail i gcoitinne a dtuairimí i láthair i dtaca leis na haidhmeanna beartaithe do churaclam um ORC agus Eitic. D'aontaigh móramh na n-oidheoirí tríd is tríd leis na sé aidhm bheartaithe uile agus ba dhóichí ná a mhalairt go n-aontóidís go láidir le ráitis a bhain le héagsúlacht, le cearta agus le freagrachtaí an duine agus le hiarmhairt na claontachta agus an idirdhealúcháin. Bhí difríocht sna tuairimí de réir earnála scoile (Caitliceach, reiligiún mionlaigh, il-/idir-shainchreidmheach agus eile¹⁷) agus ba dhóichí ná a mhalairt go n-aontódh freagróirí ó earnáil il-/idir-shainchreidmheach go láidir le haidhmeanna a bhaineann le gnéithe d'fhorbairt carachtair agus den éagsúlacht. Thacaigh beagnach trí cheathrú cuid de thuismitheoirí (73%) go láidir le haidhmeanna a bhain le héagothroime, éifeacht agus iarmhairt an idirdhealúcháin a aithint; agus le féinfheasacht, muinín, creidimh phearsanta agus cruthú féiniúlachtaí dearfacha a fhorbairt. Bhí claonadh i measc tuismitheoirí a raibh leanaí dá gcuid ag freastal ar scoileanna il-/idir-chultúir tacaíocht a thabhairt d'aidhmeanna a bhaineann le héagsúlacht dhaonna, le caidreamh le daoine eile agus le fiosracht faoi reiligiúin. Fearacht oideoirí agus tuismitheoirí, thacaigh baill an phobail i gcoitinne go ginearálta le haidhmeanna beartaithe an churaclaim, go háirithe i dtaca le hiarmhairtí an idirdhealúcháin agus caidreamh le daoine eile. Ba dhóichí go dtacódh baill an phobail i gcoitinne ná tuismitheoirí go láidir le haidhmeanna a bhain le meas ar chreidimh agus ar luachanna agus le fiosracht faoi reiligiúin eile.

Mheas na hoideoirí go raibh na haidhmeanna molta sách cuimsitheach. Nuair a fiafraíodh díobh an bhféadfaí aidhmeanna breise a chur leo, mheas 30 faoin gcéad díobh nach raibh aon ghá le haidhmeanna ná le tuairimí breise. Ar na haidhmeanna a mhol líon beag freagróirí bhí forbairt carachtair agus luachanna morálta, gan ach péire a lua. Ba mhian le breis is leath na n-oidheoirí na haidhmeanna uile a choinneáil. Mheas líon níos lú ná leath na bhfreagróirí, áfach, gur chlúdaigh curaclam na bunscoile formhór na n-aidhmeanna sin cheana féin agus mheas líon beag (7%) gur chóir eolas ar chreidimh a bhaint amach as scoileanna. Tugann na suirbhéanna le fios gur thacaigh lucht leasmhar a bheag nó a mhór leis na haidhmeanna agus leis na tuairimí a moladh. Ba léir go raibh mearbhall áirithe ar dhaoine, áfach, i dtaobh na háite a mbeadh an curaclam molta sa struchtúr reatha. Mheas go leor daoine de bhrí gur chlúdaigh ábhair áirithe churaclam reatha na

¹⁷ Sa chatagóir seo bhí daoine aonair ó earnálacha an ardoideachais nó an oideachais luath-óige, i measc daoine eile.

bunscoile go leor de na réimsí nó go gclúdaítear iad ar fud an churaclaim sin, go ndúblódh an curaclam nua a gcuirtear ar fáil cheana féin. áit an fhoirmithe creidimh agus na sacraimintí sa churaclam¹⁸ éagsúlacht dearcthaí i measc lucht leasmhar agus cuid acu ag áitiú gur cheart cloí leis an status quo, fad is a luaigh cuid eile acu a idirdhealaithe atá an cleachtas reatha a thugann tús áite do reiligiún amháin.

Snáitheanna an churaclaim

Is dual don oideachas uilechuimsitheach leathnú a dhéanamh ar an méid a mhúintear i gcuraclam comónta. De réir UNESCO, is éard is uilechuimsitheacht ann:

próiseas lena dtéitear i ngleic le héagsúlacht riachtanais gach foghlaimeora agus a bhfreagraítear dóibh trí rannpháirtíocht san fhoghlaim, i gcultúir agus i bpobail a mhéadú agus tríd an eisiámh a laghdú laistigh den oideachas agus leis an oideachas. Bíonn gá le hathruithe agus le leasuithe i dtaca le hinneachar, cuir chuige, struchtúir agus straitéisí, le comhfhís a chumhdaíonn gach leanbh san aoisraon cuí agus le díocas gurb é freagracht an ghnáthchórais é oideachas a chur ar gach leanbh. (UNESCO, 2005)

I bhfocail eile, is féidir curaclam uilechuimsitheach a shainiú mar churaclam a fhreastalaíonn ar riachtanais gach linbh sa seomra ranga. Áitíodh go gcruthaíonn curaclam atá uilechuimsitheach agus a oireann do chultúr oideachas níos cothroime do dhaoine óga agus go gcuidíonn sé le claontacht agus le hidirdhealú i gcoinne daonraí imeallaithe a laghdú (Sleeter, 2011).

Scrúdaigh an staidéar seo dearcthaí oideoirí ar oiriúnacht na gcúig shnáithe curaclaim don Oideachas faoi Reiligiún agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Thacaigh na freagróirí a bheag nó a mhór le cúig shnáithe an churaclaim: tuiscint phearsanta, comhthuisicint, oideachas carachtair, nascadh leis an saol mór agus feasacht spioradálta. Is lú an seans go n-aontóidís le hoiriúnacht 'feasacht spioradálta' mar shnáithe, áfach. Agus iniúchadh á dhéanamh ar na freagraí de réir cineáil scoile, tháinig sé chun cinn gur mhó an seans go dtacódh freagróirí ón earnáil il-/idirchultúir le 'comhthuisicint' a bheith ina shnáithe sa churaclam. Ar na snáitheanna breise a moladh bhí: caoinfhulaingt i leith creideamh/reiligiún eile; glacadh leis an éagsúlacht; forbairt scileanna pearsanta, cuir i gcás an smaointeoireacht chriticiúil; forbairt a gcreidimh féin; cearta agus comhionannas agus réimsí gaolmhara. D'áitigh roinnt freagróirí i gcoinne an t-oideachas reiligiúnach a bheith ar an gcuraclam,

¹⁸ Cé nach gné de churaclam na bunscoile iad foirmiú creidimh agus na sacraimintí, is gné de chláir phátrún sainchreidmheach iad, áfach.

cé gur cuireadh tuairimí éagsúla i láthair ag brath ar an earnáil lenar bhain na hoideoirí. Ina theannta sin, bhí mionlach éiginnte faoi 'forbairt carachtair' a bheith mar chuid den chlár. Mheas freagróirí áirithe go raibh snáithe a bhaineann le 'comhthuiscint' ró-dhébhrioch agus imní orthu go bhféadfaí bríonna difriúla a bhaint as. Ní raibh aon difríocht shuntasacht le sonrú idir tuairimí na n-oideoirí de réir cineáil scoile nó taithí.

Scileanna agus meonta

Is éard is meonta ann gnásanna minice agus deonach smaointeoireachta agus gnímh:

a pattern of behaviour exhibited frequently in the absence of coercion constituting a habit of mind under some conscious and voluntary control intentional and oriented to broad goals (Katz, 1993:16).

Déantar iad a shealbhú, a threisiú nó a mhaol de bhun eispéireas idirghníomhach i dtimpeallacht ina mbíonn daoine fásta agus piaraí suntasacha (Bertram agus Pascal 2002).

Iarradh ar gach lucht leasmhar sa staidéar seo tuairim a chur in iúl i dtaca leis na scileanna agus na meonta cuí ba chóir a chothú sa churaclam beartaithe. Thacaigh na hoideoirí le réimsí a chuidíonn le leanaí déileáil le claontacht agus le hidirdhealú, le hionbhá a fhorbairt, agus le feachtas ar chearta agus ar fhreagrachtaí. Thacaigh tuismitheoirí le réimsí a thugann scileanna smaointeoireachta criticiúla do leanaí, a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar iarmhairt na claontachta agus an idirdhealúcháin agus a fhorbraíonn féinmheas. Leag baill an phobail i gcoitinne béim mhór ar scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt; agus ar ionbhá agus ceisteoireacht a fhorbairt. Léiríonn na freagraí go rabhthas ar aon fhocal i measc an luchta leasmhair ar fad maidir le tacú le scileanna agus le foirmiú meonta i réimsí an cheartais shóisialta agus an chomhionannais.

Ní raibh tuismitheoirí ar aon fhocal faoin gcion a d'fhéadfadh an curaclam a dhéanamh. Cé gur mheas a bhformhór acu go mbainfeadh leanaí leas as foghlaim faoi chórais dhifriúla chreidimh agus as meas a bheith acu ar dhaoine nach ngéilleann do chreideamh ar bith, thuairiscigh daoine eile (lín beag) go ndearna siad rogha choinsiasach go bhfaigheadh an leanbh foirmiú creidimh nuair a chláraigh siad an leanbh i scoil shainchreidmheach. Is fiú a lua nach ionann glacadh le cur chuige amháin i leith na foghlama agus cuir chuige eile a chur ó mhaith. Bíonn cothromaíocht de dhíth agus tuairimí tuismitheoirí á nglacadh san áireamh. Is mó de dhifríocht a bhí idir na tuairimí laistigh den earnáil shainchreidmheach seachas idir earnálacha. D'fhéadfaí a áitiú go gcuirfeadh an curaclam nua

le réimsí eile freisin, cuir i gcás suáilcí agus noirm shóisialta; comhionannas agus caoinfhulaingt; cearta an duine agus freagrachtaí. Measadh go raibh eitic úsáideach agus mheas tuismitheoirí áirithe gur ábhar ionaid maith a bheadh ann in ionad foirmiú creidimh i scoileanna sainchreidmheacha. Is mó an seans a bhí ann gurb é cion an churaclaim, dar le baill an phobail i gcoitinne, leanaí a theagasc i dtaca le reiligiúin dhifriúla agus easpa reiligiúin, mar aon le cothú na héagsúlachta agus na caoinfhulaingthe, noirm shóisialta agus smaointeoireacht chriticiúil.

Modheolaíochtaí agus straitéisí

D'fhonn meas agus caoinfhulaingt a chothú, leagann go leor údar béim ar an ngá a bhíonn le curaclam agus oideolaíocht a fhreagraíonn do chultúir¹⁹ Ón dearcadh sin de, meastar gur sócmhainní seachas easnaimh nó srianta iad féiniúlachtaí cultúir agus sóisialta na ndaltaí. Ní dhéantar neamhaird de na féiniúlachtaí sin san oideachas agus acmhainní agus spreagthaí chun na foghlama a bhíonn iontu.

Lorg an suirbhé tuairimí oideoirí i dtaca leis na modheolaíochtaí agus na straitéisí ba chóir a úsáid chun an curaclam beartaithe a sheachadadh. As measc na roghanna a liostaíodh, thacaigh siad go háirithe le húsáid a bhaint as plé ranga uile mar chur chuige, agus le ham ciorcail, am machnaimh/fealsúnacht, agus naisc le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Ar na moltaí a rinneadh i dtaca le cuir chuige bhreise bhí cur chuige ar bhonn fiosraithe, cás-staidéir, cainteanna, scéalaíocht agus taighde tionscadail. Ní raibh aon difríocht shuntasacht le sonrú idir tuairimí na bhfreagróirí de réir cineáil scoile ná blianta taithí. D'fhiosraigh ceist oscailte cé na straitéisí eile ba chóir a chur san áireamh sa churaclam. Fuarthas éagsúlacht mhór freagraí agus ní raibh aon mhodheolaíocht faoi leith chun tosaigh. Ar na cuir chuige a moladh bhí: cur chuige ar bhonn fiosraithe, cás-staidéir, cainteanna agus scéalaíocht gan ach cuid acu a lua. Is mó is dóichí go dtacóidh teicnící gníomhacha múinteoireachta atá bunaithe ar an bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe le rannpháirtíocht na ndaltaí. Cothaíonn an cur chuige sin forbairt na smaointeoireachta criticiúla, na foghlama gníomhaí agus na grinnphróiseála eolais (Minner et al., 2010).

¹⁹ Féach Materials on Culturally Responsive Pedagogy and Practice ón National Center for Culturally Responsive Educational Systems (NCCRESt).
http://www.nccrest.org/professional/culturally_responsive_pedagogy-and.html

Deiseanna agus dúshláin

Chonaic na hoideoirí roinnt deiseanna féideartha sa churaclam beartaithe. Orthu sin bhí, scrúdú a dhéanamh ar éiteas na scoile; cur chuige cothromaithe i leith na foghlama a chur ar fáil; tacú leis an uilechuimsitheacht i scoileanna; meas ar an éagsúlacht a chothú; creat úsáideach a chur ar fáil don teagasc; folláine na ndaltaí a chothú; scileanna luachmhara saoil a thabhairt do leanaí; tacú le cur chuige traschuraclaim; tacú le forbairt dea-charachtair i leanaí; agus an teagasc reiligiúnach a bhaint amach as scoileanna. Cé go raibh na tuairimí mar a chéile a bheag nó a mhór ar fud na hearnálacha scoile i dtaca le cumas an churaclaim cur le réimsí a dtugtar aghaidh orthu i scoileanna cheana féin, cuir i gcás an éagsúlacht agus an chaoifhulaingt, léiríodh tuairimí éagsúla i dtaca le teagasc an chreidimh agus na sacraimintí ar scoil. Leoga, mheas oideoirí áirithe ó scoileanna Caitliceacha agus reiligiún mionlaigh go bhféadfadh an curaclam dúshlán éiteas na scoile a thabhairt. Bhraith oideoirí áirithe nár mhaith leo go n-athrófaí éiteas sainchreidmheach na scoile, agus thuairisc oideoirí eile go bhféadfadh údaráis Eaglaise, pobail chreidimh agus roinnt tuismitheoirí cur ina choinne. Ba iad ró-ualach curaclaim agus dáileadh ama na dúshláin ba mhó a bhí le sárú dar le hoideoirí. Bhí imní ar fhreagróirí i dtaca le dúbláil le réimsí eile an churaclaim, cuir i gcás SPHE, RE agus cinn eile nach iad. Ba chosúil, áfach, nach ndeachaigh go leor freagróirí i muintín an pháipéir chomhairliúcháin / chúlra i dtaca le hionad ORC agus Eitice a mhínigh saincheisteanna a bhaineann le comhoiriúnacht an churaclaim bheartaithe do chlár na bpátrún, le cineálacha difriúla scoile, le cur chuige aois-oiriúnach a ghlacadh i leith topaicí íogaire a theagasc ar bhealach uilechuimsitheach. Ba léir go raibh eolas breise de dhíth ar lucht leasmhar uile i dtaca le cur i ngníomh an churaclaim go praiticiúil. Ní mór a bheith soiléir, freisin, i dtaca leis an gcaoi a gclúdaíonn réimsí difriúla ábhair inneachar an churaclaim nua d'fhonn dúbláil a sheachaint.

Tátail

Scrúdaigh an chaibidil seo dearchtaí an lucht leasmhair i dtaca le gnéithe difriúla an churaclaim bheartaithe agus leis na deiseanna agus na dúshláin a bhainfeadh leis. De bhrí gur eascair tabhairt isteach an churaclaim as moltaí an Fhóraithe um Pátrúnacht, níor fhiosraigh an suirbhé pé acu ba chóir curaclam dá leithéid a thabhairt isteach nó nár chóir. Ina ainneoin sin bhí tuairimí sách láidir ina leith ag rannpháirtithe sa suirbhé; thacaigh a bhformhór acu le haidhmeanna beartaithe an churaclaim agus measadh gur deis a bhí sa churaclam nua gnéithe nua a thabhairt isteach sa churaclam. Mheas daoine eile, áfach, nach bhfuil aon ghá le curaclam den chineál sin; go bhfuil an curaclam reatha róphlódaithe cheana féin; agus go ndéanann na topaicí dúbláil ar go leor den méid a

mhúintear sna bunscoileanna cheana féin. Mar a bhíothas ag súil leis, bhain éagsúlacht na dtuairimí leis na sainreiligiúin. Ba mhó ba chosúil go mbeadh múinteoirí i scoileanna il-/idirchultúir oscailte i ndáil le teagasc a dhéanamh faoi reiligiúin agus creidimh dhifriúla agus faoi chearta aitheanta daoine i dtaca le dearcthaí tuata mar aon le tacú le forbairt carachtair agus ceartas sóisialta. Díol spéise is ea é gur léiríodh éagsúlacht tuairimí laistigh den earnáil Chaitliceach, agus múinteoirí áirithe ag áitiú ar theagasc reiligiúnach a bhaint amach as na scoileanna agus foirmiú creidimh a fhágáil faoi na tuismitheoirí; ach d'áitigh múinteoirí eile gur chóir an cleachtas reatha a choinneáil. Tríd is tríd, bhraith freagróirí an tsuirbhé go mbainfeadh leanaí bunscoile leas as eolas a fháil ar reiligiúin agus ar chultúir dhifriúla; agus gur chóir a mhúineadh do leanaí óga faoin éagsúlacht agus an chaoimhlaingt.

Aguisín H: Spléachadh ar na torthaí ó na scoileanna cás-staidéir

D'fhonn léargas a fháil ar chastacht na saincheisteanna a bhaineann le curaclam nua san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic a chur i bhfeidhm, agus d'fhonn dul i gcomhairle le scoileanna i dtaca leis an gcleachtas reatha, d'oibrigh an CNCM le seacht scoil cás-staidéir.

D'fhiosraigh taighde an chás-staidéir dhá cheist:

1. Cé na cleachtais atá ar siúl i scoileanna faoi láthair a oireann don chineál teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sa churaclam um ORC agus Eitic?
2. Cé na deiseanna agus na dúshláin do scoileanna a mheastar a bheadh ag tabhairt isteach an churaclaim bheartaithe?

Rinneadh na ceisteanna a iniúchadh ach éascaíocht a dhéanamh ar phléghrúpaí múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, leanaí agus bord bainistíochta. Cé nach féidir ginearálú a dhéanamh faoi thorthaí ón gcineál seo taighde, bíonn siad thar a bheith úsáideach chun saincheisteanna a aimsiú nach dtiocfadh chun solais i bhformáidí comhairliúcháin níos leithne.

Cuireadh na cás-staidéir scoile le chéile chun doimhneacht a thabhairt do na téamaí a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán. Ach ar baineadh úsáid as agallaimh leathstruchtúrtha, tharraing rannpháirtithe ar a gcuid eispéireas féin agus thug siad samplaí ábhartha óna gcleachtas féin. Thug an taighde léargas ar a bhfuil ag tarlú i gcomhthéacs scoileanna áitiúla i ndáiríre agus ar na deiseanna agus na dúshláin a bhainfeadh le forbairt an churaclaim um ORC agus Eitic. Luaigh rannpháirtithe, sna freagraí a thug siad, naisc leis an ngarthimpeallacht agus le heispéireas ar leibhéal áitiúil, rud a chuir go mór leis an bpróiseas comhairliúcháin.

Thug cás-staidéir scoile deis obair a dhéanamh le leanaí i scoileanna, rud a bhí suntasach. D'fhonn é sin a dhéanamh, fuarthas cead tuismitheora gach linbh i rang a 4, 5 agus 6. Roghnaíodh leanaí ón gcuid shinsearach den bhunscolaíocht ach ar baineadh úsáid as an tsamhail fitness for purpose (Cohen et al, 2007, lch 117) agus rochtain ar an sampla agus na hacmhainní daonna a bhí ar fáil don CNCM á nglacadh san áireamh. Sula ndeachthas chun na scoileanna, cuireadh ábhar spreagthach ar fáil do mhúinteoirí chun uchtach a thabhairt do leanaí dul i ngleic le cuid de na tuairimí agus na coincheapa a bhaineann le forbairt curaclaim um ORC agus Eitic. Agus múinteoir an tseomra ranga i

láthair, d'oibrigh foireann an CNCM leis na leanaí i gcúinsí ranga uile agus i ngrúpaí níos lú freisin. Luaigh go leor de na leanaí gur mhór acu an deis a tugadh dóibh míniú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le cuid de choincheapa ORC agus Eitice, dar leo, agus deis labhartha ar an taitneamh a bhaineann siad as foghlaim faoina leithéid. Bhreac na leanaí féin a gcuid freagraí síos agus úsáid á baint acu as an teimpléad a tugadh dóibh (féach Aguisín D), agus rinne breathnóir an CNCM cuntas orthu sna nótaí a glacadh i rith an phróisis.

I bhfianaise go raibh an rannpháirtíocht le scoileanna srianta do thréimhse an chomhairliúcháin, ní raibh breathnóireacht le himeacht ama i gceist, agus bhíothas ag brath go mór ar na sonraí a chuir an scoil ar fáil. Níor thug na srianta sin deis do ghrinn-bhreathnóireachtaí agus bhí an taighde ag brath ar na sonraí a thuairisc pobal na scoile. Díol suntais is ea é gur bhaill chumann na dtuismitheoirí nó an bhoird bhainistíochta iad chuid mhór de na tuismitheoirí sin a chas leis an CNCM. In ainneoin nach raibh ar chumas múinteoirí áirithe a bheith i láthair ag seisiúin na múinteoirí mar gheall ar chlár ama, baineadh amach sampla ionadaíoch múinteoirí sna scoileanna trí chéile. Mar fhocal scoir, rinne an CNCM obair le leanaí sa chuid shinsearach de na bunscoileanna; de bhrí go raibh brú ama i gceist, níorbh fhéidir tabhairt faoin obair thógála muiníne a bheadh de dhíth le haghaidh rannpháirtíocht lánbhríoch le leanaí níos óige le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Cúlraí scoile

Tugann an mhír seo spléachadh gairid ar na scoileanna a ghlac páirt i gcás-staidéir an chomhairliúcháin. Roghnaíodh raon leathan scoileanna d'fhonn léargas níos leithne a thabhairt ar chleachtais agus ar eispéiris.

I measc na gcritéar lenar roghnaíodh scoileanna, bhí:

- DEIS/neamh-DEIS
- sainchreidmheach/il-sainchreidmheach
- Scoileanna Béarla / scoileanna lán-Ghaeilge
- uirbeach/tuaithe
- méid na scoile.

Tugtar léargas ar na seacht scoil i dTábla H1. Tugann an tábla thíos léargas ar na scoileanna a bhí rannpháirteach.

Tábla H1: Léargas ar na scoileanna cás-staidéir

Uimhir na Scoile	Sainchreidmheach/il-sainchreidmheach	DEIS/neamh-DEIS	Uirbeach/tuaithe	Béarla/Gaeilge	Méid na scoile
8.	Caitliceach	DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 200
9.	Il-sainchreidmheach	Neamh-DEIS	Uirbeach	Gaeilge	c. 180
10.	Caitliceach	Neamh-DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 450
11.	Caitliceach	Neamh-DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 70
12.	Educate Together	DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 130
13.	Eaglais na hÉireann	Neamh-DEIS	Tuaithe	Béarla	c. 200
14.	Bunscoil Phobail	Neamh-DEIS	Uirbeach	Béarla	c. 250

Cleachtais uilechuimsitheacha

I rith na gcuartheanna ar scoileanna na gcás-staidéir ceistíodh rannpháirtithe i dtaobh na gcleachtas a bhí ar siúl sa scoil a bhain le hinneachar na moltaí um ORC agus Eitic. Ba léir ó na freagraí go raibh éagsúlacht mhór cleachtas ar bun a léiríonn an cineál teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sna moltaí. Is cosúil gur bhain an éagsúlacht cleachtas, a bheag nó a mhór, le sainriachtanais phobal na scoile. Ní nach ionadh, léirigh scoileanna il-sainchreidmheacha éagsúlacht mhór cleachtas a fhreagraíonn dá n-éiteas, do chlár na bpátrún agus dá ndaonraí éagsúla daltaí. Bhí fianaise ann gur chuir scoileanna sainchreidmheacha eispéiris foghlama ar fáil a thug deis dá gcuid leanaí dul i ngleic leis na tuairimí a leagtar amach in ORC agus Eitic. Sna cásanna sin, ba é an rud ba thábhachtaí a mhéad a bhain éagsúlacht leis pobal na scoile féin. I scoileanna sainchreidmheacha ina raibh éagsúlacht mhór, bhí gá, seans, le machnamh níos déine a dhéanamh ar an gcaoi ar chóid labhairt faoi reiligiúin, faoi chreidimh, agus faoi eitic i spás comhroinnte na scoile. Dá bhrí sin, ba mhinic a d'fhorbair scoileanna cleachtais go logánta chun freastal ar riachtanais faoileith.

Ar na cineálacha cleachtais ar leagadh béim orthu bhí, laethanta féile na reiligiúin difriúil a cheiliúradh, seachtain idirchultúir, tionscadail um an éagsúlacht agus spás do leanaí labhairt ar chreidimh agus ar thraidisiúin ba thábhachtach leo. Cuir i gcás, i scoil Chaitliceach amháin tugtar cead do leanaí Moslamacha a mataí urnaí a thabhairt leo chun na scoile más áil leo, rud a thugann deis dóibh urnaí agus a thaispeáint dá gcomhdhaltaí cé na cleachtais is tábhachtach leo féin agus

lena dteaghlaigh. Labhair leanaí ar imeachtaí reatha, freisin, rud a spreag plé ar thopaicí íogaire, go háirithe le leanaí níos sine. Luadh na hionsaithe i bPáras mar shampla ina bhféadfadh leanaí dearcthaí steiréitipiciúla i leith reiligiún a fhoghlaim agus an gá a bheadh ann dul i ngleic leis sin de réir mar a thiocfadh sé aníos. Cé gur follasach na cineálacha cleachtais a bhaineann le gné ORC na moltaí, measadh go forleathan go raibh gné na hEitice le feiceáil i dteagasc SPHE agus i gcláir éagsúla na bpátrún freisin. Measadh go raibh gné na hEitice ag teacht le saol réalaióch na scoile. Luadh freisin go ndearna cláir éagsúla na bpátrún spás, a bheag nó a mhór, do na cineálacha foghlama a shamhlaítear in ORC. Bheifí ag súil lena leithéid sin i scoileanna il-sainchreidmheacha, gan amhras, ach luadh i scoileanna sainchreidmheacha freisin anois is arís é. Leoga, i scoil Chaitliceach amháin ina raibh daonra éagsúlach, bhíodh deis ag leanaí san am a chuirtear i leataobh do chlár an phátrúin a gcreidimh a phlé agus thugtaí orthu tionscadail a dhéanamh orthu.

Luadh caidreamh le tuismitheoirí go minic mar dhíol tábhachta. I scoil Educate Together amháin, labhair tuismitheoirí le ranganna faoina gcreidimh nó faoina reiligiún. Leag gach scoil, áfach, béim ar a thábhachtaí atá cumarsáid mhaith le tuismitheoirí.

Scileanna agus meonta

Rud a tháinig chun cinn go mór sna cainteanna le pobail scoile ba ea an bhéim a leag freagróirí ar an tábhacht a bhaineann le tacú leis an leanbh agus scileanna agus meonta áirithe a bhforbairt aige nó aici. Mar a luadh thuas, leag scoileanna béim mhór ar dhea-chaidreamh le tuismitheoirí. Leoga, luadh go raibh sé ríthábhachtach sa réimse seo dea-chaidreamh a chothú laistigh de scoileanna. Agus plé á dhéanamh ar chritéir a mheas sí a bhí tábhachtach agus múinteoirí á bhfostú, is é a dúirt príomhoide amháin, 'Do they have a good relationship with the children?'

Mhol go leor rannpháirtithe go raibh scileanna caidrimh agus meonta ríthábhachtach don chineál teagaisc agus foghlama a shamhlaítear in ORC agus Eitic. Luadh an gá atá le bheith measúil agus meas a chothú sna comhthéacsanna uile. Meon tábhachtach eile a moladh i gcomhthéacsanna difriúla ba ea ionbhá a chothú. Mar a dúirt múinteoir amháin, 'it's about teaching kids empathy, walk a mile in my shoes.' Luadh an chaoifhulaingt agus an oscailteacht uaireanta eile. Mhol príomhoide i scoil Chaitliceach a thábhachtaí atá dea-chaidreamh agus dea-pháirteachas leis an 'duine eile' mar bhealach chun dul i ngleic le claondearcthaí nó le claontachtaí. Leoga, léiríonn an freagra sin an tábhacht a leagtar i dtólamh ar acmhainn na dea-chumarsáide, fiú amháin nuair nár luadh an téarma féin. Mar a luaigh múinteoir amháin, tosaíonn leanaí ag tabhairt faoina n-aire difríocht agus

éagsúlacht sách luath agus ní mór go mbeidís in ann é sin a léiriú i bhfocail. Labhair rannpháirtí amháin ar an ngá a bhí le comhráite cuí.

Moladh, freisin, go bhféadfadh ORC agus Eitic cuidiú le héascaíocht a dhéanamh do chomhráití um dhifriochtaí agus éagsúlacht. Labhair múinteoir eile ar an tslí a labhraíonn leanai go háibhéalach ar chúrsaí reatha agus gur mian leo a fháil cé na hiad na 'good guys' agus cé na hiad na 'bad guys'. Seans go bhféadfadh plé machnamhach sa réimsi sin cuidiú le dul i ngleic le claontacht atá ann cheana féin.

Baineann go leor de na scileanna agus na meonta a luadh i rith thaighde na gcás-staidéar le gnéithe den fhoghlaim shóisialta agus mhothúcháinach. Rinne príomhoide i Scoil Náisiúnta Phobail nasc follasach nuair a luaigh sé an príomhoide sin gur leag an scoil béim mhór ar an ngné sin den fhoghlaim. Measadh gur bonn do dhea-chaidreamh ó thaobh na ndaltaí de é forbairt a dhéanamh ar chumais shóisialta agus mhothúcháinacha na leanaí.

Tríd is tríd, cé gur labhair leanaí ar eolas a fháil ar reiligiúin, ar chreidimh agus ar eitic, leagadh béim go minic sa phlé ar ghnéithe mothachtálacha na foghlama. Nuair a luadh eolas ba ghnách gurb é a bhí ann fiosracht leanaí a spreagadh, dul i ngleic le claondearcthaí, comhthuiscint a chothú, agus na scileanna agus na meonta a fhorbairt a bheadh de dhíth ar leanaí d'fhonn rath a bheith orthu sa saol éagsúil ina maireann siad.

Deiseanna eile

I rith na gcás-staidéar scoile, ceistíodh rannpháirtithe i dtaobh na ndeiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le ORC agus Eitic a thabhairt isteach. In go leor cásanna, bhain na deiseanna sin le scileanna agus meonta a fhorbairt mar a luaitear thuas.

Luaigh rannpháirtithe freisin, áfach, deiseanna i dtaca le huilechuimsitheacht níos fearr a chothú i scoileanna, rud a léiríonn an gá atá le 'more proactive approach to inclusion' ó cheannairí oideachais, dar le príomhoide amháin. Measadh go raibh sé riachtanach go gcuideodh scoileanna leis an uilechuimsitheacht a chothú i bhfianaise a éagsúlaí atá an tsochaí anois. Ach a dtabharfaí isteach ORC agus Eitic léireofaí eispéireas dáiríre an linbh sa domhan ina gcasfaí daoine as 'all walks of life orthu'. Measadh, freisin, go gcuideodh ORC, go háirithe, le leanaí na cosúlachtaí idir reiligiúin a fheiceáil. Luadh, freisin, an gá a bhí ann dul i ngleic le borradh na hIoslámáí, rud a léiríonn arís tástail na míre thuas a luann go bhféadfadh ORC agus Eitic cuidiú le dul i ngleic le claondearcthaí agus le claontacht. Luadh, freisin, go bhféadfadh ORC agus Eitic cuidiú le 'radacacht' reiligiúnach a chosc. Léiríonn an dearcadh sin an chur chuige urrúsúcháin i leith an teagaisc faoi reiligiúin agus faoi

chreidimh a úsáidtear i ndlínsí eile. Níor dhearadh é sin, áfach, a luadh go coitianta i rith na gcás-staidéar scoile.

Luadh, freisin, go bhféadfadh go mbeadh deiseanna ann chun gnéithe de ORC agus Eitic a nascadh nó a chomhtháthú le réimsí nó ábhair reatha an churaclaim. Luadh SPHE go minic, agus luadh stair agus tíreolaíocht anois is arís. Rinne rannpháirtithe tagairt do naisc le cláir reatha na bpátrún freisin.

Dúshlán

Nuair a ceistíodh rannpháirtithe i dtaobh dúshlán, sonraíodh roinnt acu. Tháinig ceisteanna a bhain le ró-ualach curaclaim agus srianta ama chun cinn go mion minic, mar a tharla i bhformáidí eile an chomhairliúcháin. Mar a dúirt príomhoide i scoil Chaitliceach, 'the only problem that I can see with this is time constraints'. Dúirt an príomhoide céanna go raibh múinteoir agus scoileanna ag obair to the pin of their collar de bharr na n-athruithe agus na dtionscnamh a tugadh isteach in earnáil an oideachais. Luadh an dearcadh sin i gcás eile freisin. Dá bhrí sin, bhainfeadh dúshlán le curaclam breise a thabhairt isteach. Mar a dúirt ball den Bhord Bainistíochta i scoil mhór Chaitliceach, 'it's hard to see it working without the time being given'.

Luadh roinnt mhaith babhtaí go gcaithfí tabhairt isteach ORC agus Eitice a láimhseáil go hógair. Rinneadh comparáid le tabhairt isteach an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) mar chuid de churaclam an SPHE, ar réimse íogair agus dúshlánach foghlama a bhí ann do scoileanna nuair a céadtugadh isteach é. Dá bhrí sin, ní hamháin gur leag taighde na gcás-staidéar béim ar thábhacht na hógaireachta agus ORC agus Eitic á thabhairt isteach, ach an tábhacht a bhaineann lena chur i ngníomh go cúramach sa seomra ranga. Luaigh tuismitheoir ó scoil Chaitliceach, nár ghlac na leanaí páirt san fhoirmiú creidimh, a thábhachtaí atá ról an mhúinteora.

How the teacher engages with children of minority faith is huge.....because we judge and even though they are professional nonetheless they are all white Irish Catholic and mostly female.

Tugann an ráiteas thuas le fios an gá atá le féinmhachnamh ó thaobh an mhúinteora de agus cumas maidir le leanaí nach bhfuil páirteach i mórchreideamh na scoile a thuiscint. Cé gur labhair go leor tuismitheoirí a ghéilleann do chreidimh mhionlaigh i scoileanna sainchreidmheacha go moltach ar eispéiris a gcuid leanaí sna scoileanna sin, níor eispéireas é sin a bhain le cách. Labhair tuismitheoirí áirithe a ghéilleann do chreidimh mhionlaigh agus a bhfuil a gcuid leanaí i scoileanna il-sainchreidmheacha anois ar eispéiris i scoileanna sainchreidmheacha roimhe sin a thug orthu scoileanna a athrú. Dá bhrí sin, tugtar le fios go ndéanann na cineálacha plé agus cleachtas a bhíonn ar siúl ag múinteoirí agus scoileanna difríocht d'eispéireas an linbh, go háirithe leanaí a bheadh

imeallaithe seachas sin. Leagann sé sin éileamh ar scoileanna agus ar mhúinteoirí araon agus ar go leor rannpháirtithe agus dá bhrí sin bheadh oiliúint agus CPD cuí de dhíth dar le go leor de na rannpháirtithe.

Tháinig ceist seasamh ORC agus Eitice i gclár an phátrúin aníos freisin. I scoileanna il-sainchreidmheacha, measadh go bhféadfadh ORC agus Eitic cur le cláir reatha. Cé go raibh an cheist ábhairín níos casta i gcás scoileanna sainchreidmheacha, níor luaigh ach mionlach beag rannpháirtithe go mbainfeadh deacracht le ORC agus Eitic a thabhairt isteach. I gcás amháin, bhí inní ar an múinteoir go dtabharfaí ORC agus Eitic isteach in ionad chlár an phátrúin. I scoil eile, luaigh an múinteoir um chaidreamh baile agus scoile gur luaigh tuismitheoirí áirithe de bhunadh an Luchta Siúil inní faoina leithéid sin de chlár. Níorbh fhéidir leis na tuismitheoirí sin freastal ar an gcruinniú, áfach. I gcás na dtuismitheoirí sin, bhí inní ann faoi mhúineadh faoi reiligiúin eile, agus eagla go ndéanfaí an foirmiú creidimh a mhaolú dá bharr. Bhí éiteas Caitliceach agus féiniúlacht na scoile mar aon le cleachtais agus teagasc fhoirmiú an chreidimh an-tábhachtach do na tuismitheoirí sin. Cé gur luadh go dtabharfadh ORC agus Eitic dúshlán éiteas na scoileanna sainchreidmheacha in go leor de na haighneachtaí, níor áitiú é sin a tháinig aníos go rómhór i rith na gcás-staidéar scoile. Leag gach scoil béim ar an tábhacht a bhaineann lena n-éiteas agus lena luachanna féin ach níor measadh go raibh siad sin ag teacht salach ar ORC agus Eitic. Den chuid is mó bhí scoileanna an-dearfach i leith na gcineálacha teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sna moltaí, agus luadh srianta ama agus ró-ualach curaclaim ar na príomhbhacainní a bheadh le sárú.

Guthanna leanaí

I rith na gcuartheanna ar na scoileanna cás-staidéir, roinnt leanaí a dtuairimí ar an mbaint a bhí ag coincheapa ORC agus Eitice lena saol agus leis an gcineál foghlama ar mian leo a bheith páirteach ann i dtaca leis an ábhar áirithe seo. Forbraíodh ábhar spreagthach a bhaineann leis na luachanna is bonn leis na moltaí do churaclam faoi ORC agus Eitic agus é mar aidhm acu leas leanaí a chothú. Ach a ndearnadh gníomhaíocht ghaolmhar, bailíodh eolas de bhun plé leathstruchtúrtha le leanaí ó ranganna a 4, a 5 agus a 6. Spreagadh leanaí chun tuairimí agus coincheapa ó na moltaí a phlé i dtaca le ceistanna féiniúlachta agus cearta, agus fiafraíodh dóibh cén chaoi ar mian leo a thuilleadh a fhoghlaim fúthu sin. Ach a ndearnadh plé i ngrúpaí, tharraing leanaí raon moltaí agus tuairimí aníos. Is féidir iad a rangú ina gcúig chatagóir.

Mhol go leor leanaí **cuir chuige bunaithe ar chaint nó ar chomhrá**, cuir i gcás plé nó díospóireacht lena bhféadfadh leanaí foghlaim óna chéile.

- 'Talk more about everyone's experience to do with these subjects'.
- 'A group discussion.'
- 'Talk about it more often in groups.'
- 'Through acting and debates.'

Mhol leanaí, freisin, foghlaim faoi thuairimí ORC agus Eitic le **gníomhaíochtaí ar bhonn fiosraithe nó tionscadail**.

- 'Do projects on different places of worship in other religions.'
- 'Read books on the subject.'
- 'Maybe more projects or presentations.'
- 'Research on other beliefs in their places of worship.'
- 'Make a poster about other religions with facts.'
- 'Make video clips of people talking about their religion.'

Moladh freisin go bhféadfaí é sin a dhéanamh le gníomhaíochtaí a bheadh **bunaithe ar ealaíona** agus le **fóraim chruthaitheacha**.

- 'Drama, music or art that includes the subject.'
- 'Make a game.'
- 'Make an app about religion so you can play and learn more.'

Leoga, luadh foghlaim le húsáid **modhanna ICT** go mionmhinic.

- 'Watching videos about different religions and beliefs and learn about what people think by going to places and meeting new people.'
- 'Using computers or Ipads to learn more about people who have fought for justice and learn about other people's culture.'

Tháinig **modhanna eispéireasacha foghlama** chun cinn go mór san aiseolas ó go leor de na grúpaí leanaí.

- 'Visit places of worship of other beliefs.'
- 'Identity: By socialising with other people apart from your friends and family. By not beating around the bush and being direct with people...
- 'Belonging: There should be a student council and children could vote for the president, vice-president etc. All children will be allowed to vote as they are all part of our association.'

- ‘People with different religions could talk about what they do and how they practice their religion.’
- ‘Meeting religions leaders (sic).’
- ‘Experience an hour without respects, right(s), justice and see how you are after.’
- ‘...Go on trips out to places and visiting speakers could come...’
- ‘Belonging: Letting everyone get included not living (sic) them out playing with new kids letting them feel that they belong their (sic) and not feel bad.’

Mar is léir ó na ráitis sin thuas, luaigh leanaí go minic gur mhian leo tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhí uilechuimsitheach. Bhí grúpa amháin, áfach, a chuimsigh go hachomair go leor den mhéid a bhí le rá ag leanaí.

- ‘Keep the lessons fun.’

Gan amhras, léiríonn go leor de na tuairimí agus de na moltaí cleachtais a bhfuil cur amach ag leanaí orthu cheana féin agus a mbaineann siad taitneamh astu.

Focal scoir

Thug na cás-staidéir scoile deis chun labhairt le pobail scoile féachaint cén bhaint a bhí ag na moltaí leis an méid a thiteann amach sa scoil. Ba léir go raibh raon leathan cleachtas ar siúl i scoileanna a thagann le cuid den fhoghlaim a shamhlaítear in ORC. Bhí baint go mion minic lena mhéad a bhí múinteoirí rannpháirteach san éagsúlacht reiligiúin le riachtanais phobail na scoile. Measadh go forleathan gur tionscnamh dearfach a bhí sa chineál sin foghlama, seasamh a luadh níos soiléire i scoileanna ina raibh éagsúlacht níos mó. Fáiltíodh go dearfach roimh ghné na hEitice, agus naisc á ndéanamh le curaclam an SPHE. Tríd is tríd, ba é an bac ba mhó a bheadh le curaclam um Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic an bhraistint a bhain le ró-ualach curaclaim agus srianta ama.

Aguisín I: Spléachadh ar na torthaí ó na pléghrúpaí

Réamhrá

Thug na cúig phléghrúpa le múinteoirí aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cé na sochair agus na deiseanna a bhaineann le moltaí um ORC agus Eitic do mhúinteoirí agus do leanaí?
- Conas a chuireann aidhmeanna an churaclaim um ORC agus Eitic le héiteas nascoile?
- Cé na dúshláin a bhainfeadh le curaclam um ORC agus Eitic a thabhairt isteach?
- Cad atá múinteoirí a dhéanamh sa seomra ranga agus i scoileanna atá ag teacht le haidhmeanna ORC agus Eitice faoi láthair?
- Cén chaoi a rachadh tabhairt isteach curaclam um ORC agus Eitice i bhfeidhm ar do rólsa mar mhúinteoir?

Breacadh cuntas ar a ndúradh ar smeach-chairteacha agus i nótaí allamuigh. Tugtar spléachadh ar na pointí a tháinig aníos i ngach pléghrúpa faoi gach ceist anseo thíos.

Cé na sochair agus na deiseanna a bhaineann le moltaí um ORC agus Eitic do mhúinteoirí agus do leanaí?

I rith na bpléghrúpaí léiríodh tacaíocht go forleathan do na cineálacha teagaisc agus foghlama a leagtar amach sna moltaí. Luaigh rannpháirtithe roinnt bealaí lena bhféadfadh ORC agus Eitic dul chun sochair do leanaí agus do mhúinteoirí.

Luadh go bhféadfadh ORC agus Eitic tacú le huilechuimsiú gach linbh beag beann ar chreideamh, ar reiligiún agus/nó ar chultúr i mbunscoileanna na hÉireann. Mheas rannpháirtithe áirithe gur forbairt positive a bhí ann a mbeadh unifying effect aige ar leanaí sna seomraí ranga, agus gach iad ag

freastal ar gach leanbh ó chultúir agus le creidimh éagsúla. Chomh maith leis sin d'fhéadfadh sé 'consistency of inclusive practice in religions and beliefs' a chur ar fáil. Léirigh sé sin a mhéad a aithnítear go mbaineann éagsúlacht mhór leis an méid a bhíonn ar siúl sna scoileanna faoi láthair ó scoil go scoil. Luadh go gcuideodh 'space to express identity' le timpeallachtaí uilechuimsitheacha a chruthú. Ach a dtabharfaí aitheantas do 'values and beliefs' an linbh d'fhéadfaí braistint an chomhuintearais a threisiú.

Dúirt go leor múinteoirí i dtaobh na gcúinsí reatha i scoileanna, lena gcastar comhdhaltaí le reiligiúin agus le creidimh dhifriúla ar leanaí, go gcuirfeadh sé sin bunús agus réasúnaíocht faoi na moltaí. Dá bhrí sin, dar le rannpháirtí amháin, 'there is a need for children to learn about other religions'. Cé go dtagann leanaí ar an éagsúlacht reiligiúnach sa seomra ranga agus sa phobal go deimhin, luadh go gcuireann leanaí eolas ar an other agus ar an wider reality sna meáin chlóite, fuaime, físe agus shóisialta. Dá bhrí sin, i gcomhthéacsanna den chineál sin d'fhéadfadh teagasc faoi reiligiúin eile 'teach tolerance agus create empathy, not division'. Leoga, leagadh béim ar ionbhá a chothú roinnt babhtaí mar rud a bhí tábhachtach chun cuidiú le leanaí caitheamh go dearfach leis an éagsúlacht. D'fhéadfadh ORC agus Eitic 'language of difference' a thabhairt do leanaí a chuideodh leo 'to explore diversity'. Aithníodh go bhféadfadh teanga chúí dúshlán múinteoirí agus leanaí a thabhairt agus plé á dhéanamh go measúil ar an éagsúlacht.

Mheas rannpháirtithe go bhféadfadh foghlaim faoi chreidimh agus faoi reiligiúin eile 'feed the children's curiosity'. Is dual do leanaí a bheith fiosrach faoin saol mórthimpeall orthu agus spéis a chur i saol na ndaoine a chónaíonn ina bpobail. Dá bhrí sin, measadh gur céim dhearfach a bheadh ann forbairt a dhéanamh ar na meonta a bheadh de dhíth chun caidreamh a dhéanamh go híogair le daoine eile i dtaca le ceisteanna ORC agus Eitice. Leoga, leag rannpháirtí amháin béim ar an iolrchas a bhaineann leis na moltaí mar chur chuige cuí chun dul i ngleic leis an réimse seo foghlama agus go bhféadfadh sé cuidiú le hidirchaidreamh na leanaí. Tugadh foláireamh, áfach, nach ndéanfaí urlabhraithe thar ceann a dtraidisiún de leanaí a bhaineann le creidimh nó reiligiúin mhionlaigh nó nach gcuirfí brú orthu.

Luadh gur deis a bheadh in ORC agus Eitic chun cuidiú leis an gcaoi a bhfeiceann leanaí an domhan. D'fhéadfadh sé cuidiú, freisin, le fráma a chur ar 'their world vision'. Agus é sin á dhéanamh thógfaí ar 'innate sense of fairness' na leanaí agus thabharfaí deis do leanaí iniúchadh a dhéanamh ar 'concepts of inequality and justice'. Ar an gcaoi sin, chuideodh sé le forbairt eiticiúil leanaí agus le go leor den obair a tharlaíonn ar scoil cheana féin.

Luaigh rannpháirtí amháin go bhféadfadh ORC agus Eitic leas a bhaint as an gcur chuige a úsáidtear don Oideachas Luachanna. Leagann an cur chuige sin béim shuntasach ar scileanna caidrimh agus

sóisialta a fhorbairt. Déantar luachanna ainmnithe, cuir i gcás meas agus comhoibriú, a theagasc go follasach sa seomra ranga. Dar leis an rannpháirtí sin, treisíonn an cur chuige sin féinmheas agus muinín. Leoga, mheas rannpháirtithe eile, ach a ndéanfaí scileanna mothúchánacha agus sóisialta a fhorbairt in ORC agus Eitic, go bhféadfaí cuidiú le flourishing and wellbeing.

Luadh go gcuireann ORC agus Eitic leanúnach ar fáil le 'what happens in junior cert and leaving cert'. Go deimhin, leag rannpháirtithe béim ar an leanúnachas a d'fhéadfaí a bhaint amach ar fud churaclam na bunscoile agus naisc á ndéanamh le réimsí eile an churaclaim, cuir i gcás SPHE agus SESE. Déantar plé níos mine air seo thíos. Ar deireadh thiar thall, is féidir naisc a dhéanamh, cé nach ndéantar go follasach iad, idir téamaí Aistear agus freagraí roinnt de na rannpháirtithe. Léiríonn an úsáid a baineadh as téarmaí dá leithéidí féiniúlacht, comhuintearas agus folláine téamaí Aistear go follasach.

Conas a chuireann aidhmeanna an churaclaim um ORC agus Eitic le

héiteas na scoile?

Agus iad ag caint ar an gcaoi a bhféadfadh ORC agus Eitic cuidiú le héiteas scoile, luadh raon tuairimí agus dearchtaí. Cé go leagann cláir na bpátrún síos éiteas na scoile, luaigh go leor rannpháirtithe go bhféadfadh na moltaí don churaclam cur leis an obair sin agus 'encourage, reinforce and enhance inclusivity and holistic education'. Ón dearcadh sin, d'fhéadfadh ORC agus Eitic cuidiú leis na hiarrachtaí a dhéanann scoileanna chun timpeallachtaí uilechuimsitheacha a chruthú. Bhí an bhéim a leagadh ar fhéidearthacht uilechuimsitheach ORC agus Eitic ag teacht le torthaí i bhformáidí eile an chomhairliúcháin.

Ceistíodh cad a bheadh i gceist go sonrach do scoileanna sainchreidmheacha leis na moltaí. Mheas go leor freagróirí go bhféadfadh ORC agus Eitic cuidiú le scoileanna den chineál sin freastal ar éagsúlacht atá ag méadú laistigh dá bpobail agus spás a chruthú do léiriú na féiniúlachta. Luaigh rannpháirtithe áirithe go ndéanann scoileanna sainchreidmheacha iarrachtaí suntasacha cheana féin chun an uilechuimsitheacht a chothú ina bpobail, agus luadh an clár Grow in Love i scoileanna Caitliceacha lena mbaineann torthaí foghlama a bhaineann leis an bhfoghlaim idir-reiligiúin. Leoga, rinneadh naisc roinnt babhtaí idir gnéithe de na moltaí agus an clár Grow in Love agus lorg rannpháirtithe soiléiriú i dtaca leis an ngaolmhaireacht a bheadh idir an curaclam agus clár na bpátrún. Cheistigh rannpháirtithe eile, áfach, a mhéad a bheadh na moltaí comhoiriúnach d'éiteas na

scoileanna sainchreidmheacha agus bhí inní ar rannpháirtithe áirithe gurbh é an toradh a bheadh air níos lú ama do chlár na bpátrún.

Ní bhíonn an éagsúlacht chéanna reiligiúin agus chultúir ag na scoileanna ina bpobail. Moladh go bhféadfadh an curaclam a bheith 'dependent on predominate need'. I scoileanna nó i gceantair ina bhfuil éagsúlacht níos mó, is mó an seans go mbeadh ORC agus Eitic níos ábhartha. Cuireadh a mhalairt d'argóint chun tosaigh, áfach. Moladh 'to make the country truly diverse it is essential to make such a programme available even to schools/areas that may not have diversity'.

Tríd is tríd, braitheadh go bhféadfadh an cineál foghlama a leagtar amach sna moltaí cuidiú le timpeallachtaí uilechuimsitheacha scoile. Mar sin féin, luadh roinnt inní faoi na hiarmhairtí d'éiteas na scoileanna sainchreidmheacha.

Cad atáimid a dhéanamh sa seomra ranga agus i scoileanna atá ag teacht leis na haidhmeanna seo faoi láthair? Cé na cleachtais atá ann?

Luadh go bhfuil cuid mhaith dá bhfuiltear a mholadh sa churaclam nua ag tarlú i scoileanna cheana féin agus go dtarlaíonn sé sin ar roinnt bealaí. Rinne rannpháirtithe naisc le réimsí eile curaclaim, leis clár na bpátrún éagsúil, leis an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus theagmhasach agus le tionscnaimh dhifriúla eile a chuireann scoileanna i bhfeidhm chun an uilechuimsitheacht a chothú.

Moladh go bhféadfaí an éagsúlacht a aithint agus a cheiliúradh i scoileanna trí laethanta brataí, laethanta bia, laethanta náisiúnta agus féilte, samplaí a léiríonn na tuairimí a mholtar sna treoirlínte idirchultúir. Tá go leor á dhéanamh, a dúradh, go neamhfhoirmiúil agus trí incidental learning i scoileanna cheana féin. Measadh gur áiteanna mhaithe iad tionóil scoile chun saincheistanna um éagsúlacht agus saincheistanna domhanda a thabhairt isteach. Déantar teachtaireachtaí neamhfhollasacha faoi chultúir agus faoi chreidimh dhifriúla a roinnt trí úrscéalta a léamh. Dá bhrí sin, thug úrscéalta a léamh deis dul i ngleic le ceistanna na héagsúlachta ar bhealaí neamhfhollasacha. Cé gur luadh na samplaí sin mar chleachtais a d'fhéadfadh a bheith nasctha leis na tuairimí sna moltaí, is beag eolas a tháinig chun cinn i dtaca le cleachtas beartaithe saincheaptha. Ní mór a lua freisin, cé gur léirigh go leor de na samplaí oideachas idirchultúir, nach raibh an oiread sin fianaise ar obair bheartaithe ranga ann a bhain leis na cineálacha teagaisc agus foghlama a shamhlaítear in ORC agus Eitic.

Ar an mórchuid, ba mhó de sheans go ndéanfadh rannpháirtithe naisc idir gnéithe de na moltaí agus réimsí difriúla an churaclaim. Luadh, go háirithe, go gclúdaíonn SPHE 'a good deal of what is being proposed'. Cé gur mheas go leor rannpháirtithe go bhfuil naisc shoiléire idir SPHE agus ORC agus Eitic, luadh nach leor an t-am a leithdháiltear don ábhar seo sa churaclam. Luadh an stair agus an tíreolaíocht mar réimsí a léiríonn cuid den fhoghlaim a shamhlaítear in ORC agus Eitic. Luaigh rannpháirtí amháin gur sholáthar na hábhair sin spás curaclaim ina bhféadfaí an éagsúlacht eitneach agus náisiúnta a cheiliúradh ach ceiliúradh a dhéanamh ar laethanta agus ar fhéilte náisiúnta. Ba bheag aitheantas mar sin féin a tugadh don éagsúlacht reiligiúnach.

Luadh cláir éagsúla na bpátrún freisin mar bhealaí lena bhféadfaí cur leis an réimse seo foghlama. Cé gur measadh naisc le cláir il-sainchreidmheacha a bheith follasach, luaigh roinnt rannpháirtithe go gcuireann an clár Caitliceach nua go háirithe torthaí ar fáil a bhaineann le foghlaim idir-reiligiúnach. Trí na gníomhaíochtaí sin agus eile sa seomra ranga agus lasmuigh de, 'mutual respect, awareness and appreciation of other world religions and beliefs besides the catholic faith are being passed on'.

Bhí feasacht ar chastacht na héagsúlachta a cuireadh in iúl sna pléghrúpaí agus ar na dúshláin a bhain leis sin do na cineálacha teagaisc agus foghlama a bhíonn ar siúl i scoileanna. Mar a dúirt rannpháirtí amháin, 'diversity exists within national, social and religious groupings'. Bhí an gá a bheadh le haghaidh a thabhairt air sin le hógairacht agus le meas le sonrú go follasach sa phlé.

Cén chaoi a rachadh sé seo i bhfeidhm ar do rólsa mar mhúinteoir?

Tháinig roinnt ábhar spéise chun cinn agus plé á dhéanamh ar an gcaoi a rachadh forbairt ORC agus Eitice i bhfeidhm ar ról na múinteoirí. Ar na tuairimí eile a luadh bhí oiliúint, teagasc ORC agus Eitice i gcomhar le cláir na bpátrún agus na cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama, fiú.

Agus iad ag caint ar ról an mhúinteora luadh roinnt babhtaí an gá a bheadh le forbairt leanúnach ghairmiúil agus inseirbhíse. Luadh go bhféadfadh nach mbeadh an t-eolas inneachair ag múinteoirí sa réimse seo, go háirithe i dtaca le reiligiúin agus creidimh agus dá bhrí sin 'could feel inadequate'. Measadh go raibh sé riachtanach oiliúint leordhóthanach agus ábhartha a chur ar fáil. Ceistíodh freisin a chaighdeánaithe a bheadh an curaclam beartaithe. Lorgaíodh soiléireacht ina leith sin de bhrí go gcaithfeadh a fhios a bheith ag múinteoirí cad leis a mbeifí ag súil uathu. De bhrí gur réimse nua sa churaclam a bheadh ann, mheas múinteoirí go gcaithfeadh a ndóthain eolais a bheith acu.

Maidir le teagasc ORC agus Eitice, luadh nár leor díreach eolas oibiachtúil a chur ar fáil faoi reiligiúin agus faoi chreidimh. Leagadh béim ar ghné thurgnamhach na foghlama. Níor mhór do mhúinteoir give 'a feel' nó 'an experience' ar a rabhtas a chur i láthair d'fhonn a chinntiú go mbeadh níos mó i

gceist ná 'academic venture'. Dá bhrí sin, measadh nár leor samhail seachadta foghlama lena bhfoghlaimeodh leanaí fíricí faoi reiligiúin agus faoi chreidimh.

Luadh go bhféadfadh sé dúshlán an mhúinteora a thabhairt a bheith neodrach agus é/í ag múineadh faoi reiligiúin agus faoi chreidimh, go háirithe má bhí baint ag an múinteoir céanna le clár an phátrúin a theagasc. Díol imní gaolmhar eile ba ea ar leor ORC agus Eitic a mhúineadh trí lionsa creidimh. Réiteach féideartha amháin ar chuid de na dúshláin sin a luadh i ndáil le teagasc ORC agus Eitice ba ea ionchur a fháil ó dhaoine a bhaineann le creidimh agus le reiligiúin dhifriúla, d'fhonn údaracht áirithe a chinntiú.

Agus ORC agus Eitic á theagasc luadh gurb é a bheadh ar siúl ag múinteoirí 'preparing children for life in a diverse world whether they live in urban or rural areas'. Bhí an múinteoir, dá bhrí sin, ag cur an spáis agus na deise ar fáil do gach leanbh beag beann ar a neaspobail chun scileanna agus meonta a shealbhú a bheadh de dhíth orthu. Luadh freisin go bhféadfadh nach mbainfeadh an dúshlán céanna le cur i ngníomh ORC agus Eitice i gcás múinteoirí níos óige lena mbaineann 'a whole new ethic where they are open to change and will knuckle down to take on the new'.

Dúshláin agus ceisteanna eile

Le linn an phlé, tugadh an deis do rannpháirtithe dúshlán a lua nó ceisteanna a chur agus luadh roinnt saincheisteanna. Tháinig imní faoi leithdháileadh ama agus ró-ualach curaclaim chun cinn go mór mar a tharla i ngach formáid eile sa chomhairliúchán. Ba léir an méid sin ón bhfreagra a thug rannpháirtí amháin a dúirt 'we all recognise the value of such a curriculum but where is the time'. Áitíodh go bhfuil 'go leor le déanamh ag múinteoirí reiligiún agus anois an t-ábhar seo'. Bhain an bhraistint seo maidir le ró-ualach, cé go dtugtaí ró-ualach curaclaim air go rialta, le tionscnaimh agus le cúinsí atá lasmuigh de churaclam na bunscoile. Chuimsigh rannpháirtí amháin é sin nuair a moladh 'flag free year' a bheith ann chun an t-eispéireas sin a sháru.

Ceistíodh ar ghá gur churaclam ar leithligh a bheadh in ORC agus Eitic, nó an bhféadfaí é a thabhairt isteach i réimsí eile an churaclaim. Measadh go raibh SPHE agus gnéithe de SESE ag teacht le ORC agus Eitic. Mar a luaitear thuas, rinneadh an moladh sin roinnt mhaith babhtaí. Ceistíodh an teideal chomh maith. Mheas rannpháirtí amháin dá n-athrófaí teideal an churaclaim bheartaithe go *Eitic agus ORC* nach mbeadh an dúshlán céanna ag baint leis.

Cheistigh rannpháirtithe áirithe arbh fhéidir le leanaí áirithe, agus múinteoirí go deimhin, rogha a dhéanamh gan tabhairt faoi ORC agus Eitic. D'áitigh rannpháirtithe eile ghá 'emphasise that it is for

all'. Luadh gur chóir dóibhsean atá ag dearadh an churaclaim oibriú go dlúth agus 'in collaboration with existing patrons' programme designers' d'fhonn a chinntiú go raibh siad ag teacht lena chéile.

Léiríodh an tuairim, freisin, i rith an phlé gurbh fhearr le tuismitheoirí áirithe go bhfoghlaimeodh a gcuid leanaí agus iad sa bhunscoil faoina reiligiún féin amháin, 'they could always learn about other religions and beliefs later'. Mheas freagróirí áirithe a bhí ag obair i scoileanna sainchreidmheacha go raibh sé tábhachtach go mbeadh an leanbh foirmithe ina c(h)reideamh nó ina reiligiún féin sula bhfoghlaimeodh sé nó sí faoi chreidimh nó faoi reiligiúin eile. Bhí nasc aige sin freisin leis an ngá go mbeadh ORC agus Eitic aois-oiriúnach. Luadh imní go bhféadfadh go mbeadh téamaí áirithe a leagtar amach sna moltaí ró-íogair do leanaí óga; luadh turas na beatha agus an bháis ar cheann díobh. Luadh RSE mar shampla de bhealach ina bhféadfaí ré nua foghlama a thabhairt isteach ar bhealach aois-oiriúnach agus íogair.

Cé go raibh tacaíocht ann go forleathan do na cineálacha teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sna moltaí i gcoitinne, bhí líon beag rannpháirtithe glan i gcoinne athruithe ar bith, beag beann ar an tslí a dtabharfaí isteach é. D'eascair an imní sin, a bheag nó a mhór, as an mian a bhí acu éiteas a scoileanna féin, mar a thuig siadsan é, a chosaint.

Focal scoir

Thug na pléghrúpaí deis do mhúinteoirí ó scoileanna agus ó cheantair dhifriúla teacht le chéile agus na moltaí um ORC agus Eitic a phlé. Thug sé faill dóibh a gcuid tuairimí a chur in iúl i ndáil le cuid de na deiseanna agus de na dúshlán a bhí ann dar leo. I gcás go leor rannpháirtithe, d'fhéadfadh na cineálacha teagaisc agus foghlama a shamhlaítear sna moltaí cuidiú leis na hiarrachtaí a dhéanann scoileanna chun timpeallachtaí uilechuimsitheacha a chruthú. D'fhéadfadh ORC agus Eitic cuidiú le scoileanna agus na meonta a fhorbairt a bheadh de dhíth ar leanaí d'fhonn rath a bheith orthu sna pobail éagsúla ina maireann siad. Bhí imní ar rannpháirtithe eile, áfach, go bhféadfadh ORC agus Eitic dúshlán éiteas na scoileanna sainchreidmheacha a thabhairt. Fearacht comhairliúcháin de chuid an CNCM roimhe seo, d'ardaigh gach grúpa ceisteanna i dtaca le leithdháileadh ama agus ró-ualach curaclaim.